



**Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais
2023**



Clár na nÁbhar

Réamhrá	01
Buaicphointí	01
Méid agus scála ár gcuid oibríochtaí	01

Tuairisc straitéiseach

(leathanaigh 04 go 55)

Tuarascáil an chathaoirligh ar 2023	04
Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	08
Creat straitéiseach	12
Múnla gnó Uisce Éireann	14
Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha	16
Príomhtháscairí feidhmíochta	18
Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara	22
Creat Bainistíochta Riosca	24
Athbhreithniú airgeadais	34
Foireann feidhmiúcháin	40
Athbhreithniú oibriúcháin	41
Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht	48

Tuarascáil maidir le rialachas

(leathanaigh 58 go 79)

Bord Uisce Éireann	58
Tuarascáil an Bhoird	62
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	77

Ráitis Airgeadais

(leathanaigh 82 go 137)

Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha do chomhaltaí Uisce Éireann	82
Ráiteas ioncaim	87
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	88
Clár comhardaithe	89
Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna	90
Ráiteas ar shreafaí airgeadais	91
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	92
Stiúrthóirí agus faisnéis eile	137

Seoladh:

Áras Colvill, 24 -26 Sráid Thalbóid, Baile
Átha Cliath 1, D01 NP86, Éire



Réamhrá

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Táimid freagrach as uisce glan agus sábháilte a chur ar fáil do na milliúin duine ar fud na hÉireann. Oibrímid agus déanann muid cothabháil ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear na mílte ionad cóireála agus sócmhainn, chomh maith leis na mílte ciliméadar de líonra píobáin.

Cuirimid soláthar uisce óil sábháilte agus iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí agus déanaimid a bhfuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Agus na seirbhísí ríthábhachtacha sin á soláthar, seirbhísí atá mar bhonn faoi fhás sóisialta agus eacnamaíoch don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.

Buaicphointí

Méid agus scála ár gcuid oibríochtaí

	 Uisce	 Fuíolluisce
Ioncam	Lítir a ndéantar cóireáil orthu gach lá 1.72 bn	Lítir a ndéantar cóireáil orthu gach lá 1.26 bn
Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim*	Stáisiúin chaidéalúcháin >1,800	Stáisiúin chaidéalúcháin >2,300
Caiteachas caipitil	Ionaid cóireála uisce >700	Ionaid cóireála uisce >1,000
Meánlón na bhfostaithe	Km de líonra >64,000	Km de líonra >26,000

* Déantar aon bharrachas a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú.

Tuairisc straitéiseach

Tuarascáil an chathaoirligh ar 2023	04
Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	08
Creat straitéiseach	12
Múnla gnó Uisce Éireann	14
Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha	16
Príomhtháscairí feidhmíochta	18
Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara	22
Creat Bainistíochta Riosca	24
Athbhreithniú airgeadais	34
Foireann feidhmiúcháin	40
Athbhreithniú oibriúcháin	41
Tuarascáil maidir le hInbhuanaítheacht	48



Tuarascáil an chathaoirligh ar 2023

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce atá sábháilte, glan, inacmhainne agus comhlíontach ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí atá ceangailte leis na líonraí poiblí. Táim tiomanta dá chinntiú go leanfaidh Uisce Éireann ag tacú le beartas an Rialtais a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, Tithíocht do Chách, an Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce agus an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Le linn 2023, thug Uisce Éireann tús áite don infheistíocht de €1.289bn. Leis an leibhéal sin infheistíochta cuirtear ar ár gcumas feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ó ghlúin go glúin ar ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce. Tá sé dírithe ar shláinte agus caighdeán na beatha a fheabhsú, ár dtimpeallacht a chosaint, tairbhí a bhaint amach do phobail agus tá sé ríthábhachtach don fhás agus don fhorbairt ar fud na hÉireann.



Tony Keohane
Cathaoirleach

“Thugamar freagraí dearfacha ar 3,008 fiosrú a bhain le 98,369 aonad tithíochta agus thugamar 4,597 tairiscint cheangail a bhain le 42,970 aonad tithíochta.

Cultúr Sábháilteachta

Tá sé de chumhacht ag baill foirne agus comhpháirtithe soláthair Uisce Éireann tús áite a thabhairt do bhealaí sábháilte chun oibriú. Tá cultúr agus luachanna na sábháilteachta fite fuaite i ngníomhaíochtaí uile Uisce Éireann tríd an gclár agus tionscnaimh ‘Áit Oibre Shábháilte, Baile Sábháilte’. Baineadh garspríoc gan fasach amach in 2023, le breis agus 8 milliún uair an chloig oibríthe ó ghortú deireanach is cúis le haga díomhaoin fostaí i mí na Nollag 2018. Is toradh díreach é sin ar an tiomantas chun an fhís ‘Áit Oibre Shábháilte, Baile Sábháilte’ a bhaint amach agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun tús áite a thabhairt do shábháilteacht.

An Creat um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Toghcháin a chur chun feidhme

Tá áthas orm a rá go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an uaillmhian atá leagtha amach sa ‘Chreat um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Toghcháin’ a bhaint amach in 2023. Ba mhór an éacht i mbliana é freagracht a ghlacadh as bainistíocht agus as stiúradh na ngníomhaíochtaí seirbhísí uisce uile ar fud na nÚdarás Áitiúil chomh maith le bheith cuntasach as sláinte agus sábháilteacht na mball foirne ar an talamh.

Leanfar leis an bhfócas á chur fós ar fhoireann na Seirbhísí Uisce a aistriú in 2024 agus gach duine a chomhtháthú san eagraíocht chomhroinnte nua. Is é an uaillmhian tuilleadh baill foirne seirbhísí uisce a aistriú le linn 2024. Seasfar le croífhéidhmeanna tacaíochta oibríochtúla agus rialaithe agus déanfar bealaí caighdeánaithe chun oibriú a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Beidh na céimeanna sin rithábhachtach má táimid chun na tairbhí a bhaineann le samhail náisiúnta fónais a sholáthar go hiomlán le foirne áitiúla láidre a bheidh ag soláthar inár bpobail agus ag soláthar ar a son ar bpobal.

Tithíocht do Chách

Tá Uisce Éireann fós tiomanta dá pháirt a ghlacadh san fheachtas náisiúnta chun tithíocht a sholáthar dóibh siúd a bhfuil sí ag teastáil uathu trí sholáthar príomhbhonneagair seirbhíse uisce a fhorbairt agus tús áite a thabhairt dó. In 2023, chríochnaíomar gach ceann de na 5 phríomhmhír gníomhaíochta a sannadh dúinn sa chlár Tithíocht do Chách an Rialtais. Áiríodh leo sin forbairt Scéim Creidiúnaithe Bunaithe ar Thairbhí, foilsíú clár acmhainne agus cur chun feidhm ár scéime um Cheannródaíthe. Chonaiceamar éileamh leanúnach ar fhiosruithe ar cheangail nua agus sheirbhísí chun iarratas a dhéanamh.

Thugamar freagraí dearfacha ar 3,008 fiosrú a bhain le 98,369 aonad tithíochta agus thugamar 4,597 tairiscint cheangail a bhain le 42,970 aonad tithíochta. Ghlac custaiméirí le 3,599 tairiscint a bhain le 30,339 aonad tithíochta. Chuir Uisce Éireann 6,634 ceangal le bonnagar seirbhísí uisce a bhain le 40,431 aonad tithíochta i gcrích i mbliana (níl na ceangail sin comhionann leis na haonaid tithíochta a tógadh in 2023). Tá an borradh sin á spreagadh ag an bhfás ar an margadh tithíochta agus ag athbhreithniú inmheánach ar gach gníomhaíocht ceangail nua.

Inbhuanaitheacht

Mar cheann de na húsáideoirí fuinnimh is mó san Earnáil Phoiblí tá Uisce Éireann ag dul chun cinn go réamhghníomhach i dtreo spriocanna na hEarnála Poiblí maidir le Plean Gníomhaithe ar son Aeráide an Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh. Ní mór é sin a bhaint amach gan na hoibleagáidí reachtúla ná na leibhéil seirbhíse a chur i mbaol. Tá réimse leathan tionscnamh á gcur chun feidhme ar fud na heagraíochta agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú orthu go rialta. Tá tuilleadh eolais faoin gclár oibre inbhuanaitheachta ar fáil ar leathanaigh 48-54. Tá bród orm

Tuarascáil an chathaoirligh ar 2023

(ar lean)

“Aithníonn Uisce Éireann an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht i measc ár lucht saothair in Uisce Éireann agus sna hÚdaráis Áitiúla a sholáthraíonn seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann.”

a rá go bhfuair Uisce Éireann Gradam Glas i gcomhair ‘Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana’ agus Gradam Tionchair Ghnó Inbhuanaithe Chomhlachais na hÉireann don Chomhshaoil i rith na bliana. Léirítear leis na gradaim sin an dúthracht gan staonadh maidir le inbhuanaitheacht seirbhísí uisce a fheabhsú agus tiomantas Uisce Éireann do mheas a bheith aige ar an timpeallacht agus í a fheabhsú.

Éagsúlacht agus Ionchuisiú

Fostaíonn Uisce Éireann beagnach 1,500 duine, a sholáthraíonn seirbhísí uisce agus fuíolluisce in éineacht le thart ar 2,800 ball foirne in Údaráis Áitiúla a oibríonn ar son Uisce Éireann. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht i measc ár lucht saothair. Tá sé ina gné thábhachtach de chlár oibre D&I Uisce Éireann aghaidh a thabhairt ar ár mBearna Phá idir na hInscní, arb ionann é agus 9.16%, agus muid ag déanamh ár ndícheall ionadaíocht na mban a mhéadú ar gach leibhéal agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht á cruthú againn ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu ag an obair agus go n-aithnítear iad ag an obair. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin mBearna Phá idir na hInscní agus ár bhforbairtí D&I in 2023 ar leathanaigh 52-54.

Tairbhe Eacnamaíoch

Téann na tairbhí a bhaintear amach lenár ngníomhaíochtaí thar na tionchair dhíreacha ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce. De dheasca sin, is féidir le hUisce Éireann luach comhroinnte a ghiniúint do mhuintir na hÉireann trí dheiseanna fostaíochta ar mhórsála a chruthú, go díreach agus go hindíreach i seirbhísí na hearnála uisce agus fuíolluisce. Leanann Uisce Éireann ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa Slabhra Soláthair chun an acmhainn chun aschuir agus torthaí éifeachtacha agus éifeachtúla a sheachadadh ar bhonn leanúnach a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Tá toradh cuilitheach

na gníomhaíochta eacnamaíche sin, agus í á feiceáil tríd an tsochaí, forleathan.

Rialachas

I rith 2023 lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach i gcomhréir leis an dea-chleachtas, trédhearcacht, rialachán atá ag teacht chun cinn agus treochtaí. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú foirmiúil agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na maolaithe agus rialuithe cuí i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanaigh 62-76.

Conclúid

Is mór agam rannpháirtíocht leanúnach an Aire agus a chuid oifigeach sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a thacaíonn le hUisce Éireann i gcomhar le NewERA chun an clár oibre atá leagtha amach don chuideachta a chur chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Fred Barry, agus é ag éirí as an mBord, as an gcomhairle, tacaíocht agus a seirbhís atá tugtha aige. Cuirim fáilte ó chroí roimh Michael Nolan a ceapadh sa Bhord le déanaí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Niall Gleeson agus don fhoireann Feidhmiúcháin, a stiúir an eagraíocht trí bhliain ina raibh go leor dúshláin chasta. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shaineolas, do thiomantas agus ár ndaoine, ár gcomhpháirtithe agus fhoireann uile na nÚdarás Áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann.

Tony Keohane
Cathaoirleach



Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Scála an Dúshláin

Ag tús an ráitis seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do gach duine a bhfuil baint acu le seirbhísí poiblí uisce agus fuíolluisce a sholáthar dár gcustaiméirí agus don timpeallacht i gcoitinne. Oibríonn agus cothaíonn Uisce Éireann bonneagar uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear na mílte ionad cóireála agus sócmhainn, chomh maith leis na mílte ciliméadar de líonra píobáin. Gach lá soláthraímid 1.7bn lítear uisce óil agus bailímid 1.26bn lítear fuíolluisce, déanaimid é a chóireáil agus a thabhairt ar ais go sábháilte sa timpeallacht.



Niall Gleeson

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ba cheart go mbeadh acmhainn spártha idir 18%-25% ag aon ionad daonra chun freastal ar fhás agus ar chur isteach eatramhach ar sholáthar.

Glacaimid le dearcadh fadtéarmach ar chruithú luacha, mairfidh an chéad leagan eile den Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce, a chuirfear faoi chomhairliúchán poiblí i mbliana, go dtí 2050. Mar an gcéanna, is Plean 25 bliain an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce. Tá sé bunaithe ar na trí cholún Úsáid a Laghdú, Cailiteanais a Laghdú agus Soláthar Níos Cliste. Tá sé sin tábhachtach mar ní leor an infheistíocht aisti féin chun aghaidh a thabhairt ar scála na riachtanas go léir, beidh gá le hathruithe iompraíochta agus bealaí nua chun oibriú chun rioscaí seirbhíse a mhaolú agus torthaí infheistíochta a bharrfheabhsú.

Srianta Acmhainne

Tá imní orm faoi na srianta acmhainne do sheirbhísí uisce agus fuíolluisce i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC), lena gcuirfear teorainn leis an acmhainneacht fáis agus forbartha sa réimse sin mura réiteofar iad. Tá an t-éileamh ar uisce ag ardú i gcomhthéacs cumas táirgthe seasta reatha, athléimneacht íosta agus saincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha le foinsí uisce. Ba cheart go mbeadh acmhainn spártha idir 18-25% ag aon ionad daonra chun freastal ar fhás agus ar bhuaicphointí éilimh. Níl aon acmhainn spártha i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi láthair, áfach. Tá baol suntasach ann go mbeidh ganntanas soláthair uisce ann sna blianta atá amach romhainn agus tá tionchar á imirt cheana ar chustaiméirí mar gheall ar bhearta eatramhacha a theastaíonn chun iarracht a dhéanamh cúltaí uisce cóireáilte a choinneáil. Tá tús curtha againn le pleanáil do thréimhse ina bhféadfadh srianta réigiúnacha a bheith riachtanach. Ní srian ar sheirbhísí uisce nó fuíolluisce amháin atá i gceist leis sin; cuirfear srian ar deireadh thiar thall le forbairt tithíochta agus ar fhás eacnamaíoch i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Éileoidh réiteach fadtéarmach laghduithe leanúnacha sceite, acmhainn cóireála uisce nua agus foinse nua uisce, mar aon leis an acmhainn bhreise chun an fuíolluisce a chóireáil. Leis an Tionscadal Soláthair Uisce – An tOirthear agus an Lár Tíre, feabhsófar an athléimneacht agus cuirfear ar ár gcumas oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide trí fhoinsí soláthair uisce a éagsúlú. Soláthrófar leis foinse shlán soláthair do 37 soláthar breise sa Mhí, i gCill Mhantáin, i gCeatharlach, san Iarmhí, in Uíbh Fhailí agus i dTiobraid Árann. Nuair a chuirfear an Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre agus tionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath le chéile, soláthrófar méadú riachtanach ar acmhainn seirbhíse do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (tá tuilleadh eolais ar na tionscadail sin ar leathanach 46).

Maoiniú Ilbhliantúil

Tá ár bPlean Infheistíochta Caipitiúla ailínithe le beartais infheistíochta bonneagair níos leithne an Rialtais. Ullmhóimid i mbliana don 4ú tréimhse Rialaithe Ioncaim agus lorgóimid faomhadh rialála ansin don chaiteachas caipitiúil riachtanach atá leagtha amach sa Phlean Infheistíochta Caipitiúla 2025-2029. Cuirfear ar ár gcumas leis sin aghaidh a thabhairt ar chomhlíonadh (go háirithe maidir leis an tsláinte phoiblí), feabhas a chur ar shaincheisteanna timpeallachta agus tacú le soláthar tithíochta agus luach ar airgead a sholáthar don cháiniócóir. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighfear maoiniú ilbhliantúil chun an bonneagar riachtanach uisce agus fuíolluisce sin a sholáthar thar shaolré an phlean.

Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

(ar lean)

Cáilíocht an Uisce Óil

Bhí cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós an-ard in 2023. Mar sin féin, leanaimid orainn ag obair ar sholáthairtí i gcás nach bhfuil an chóireáil chomh láidir agus is gá lena chinntiú go mbeidh gach soláthar athléimneach agus sábháilte amach anseo. Baineadh 10 scéim ar an iomlán de Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC in 2023, ach chuir an GCC 9 scéim eile leis an liosta i rith na bliana agus bhí 57 soláthar fós ar an liosta ag deireadh na bliana.

Cruthaítear tríhalaimeatáin (THManna) nuair a imoibríonn ábhar orgánach in uisce cóireáilte le clóirín. Thugamar tús áite d'infheistíocht sna scéimeanna a sainathnódh i gcás um shárú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith i mbaol de bharr sárúithe THM. Go dtí seo, cuireadh oibreacha ag 69 de na 74 soláthar uisce poiblí bunaidh a bhí sa chéad litir um shárú Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcrích. Tá pleananna cuimsitheacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ag na cúig soláthar eile.

Cáilíocht Fuíolluisce

I mbreithiúnas a tugadh ar an 28 Márta 2019, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach raibh Éire i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 12 de Threoir 91/271, maidir le cóireáil ar fhuíolluisce uirbeach ag 28 ceirtleán arna n-ainmniú ar fud na hÉireann. Mar fhreagairt, thoiligh Éire cláir mhionsonraithe oibreacha agus bearta eile a chur ar bun ionas go mbainfí amach comhlíonadh iomlán an

bhreithiúnais. Is éard atá sa chlár go príomha ná tionscadail oibreacha caipitil chun na ceirtleáin ainmnithe a thabhairt i gcomhréir leis an Treoir. Críochnaíodh oibreacha ag an Rinn, Ros Comáin agus Mála le linn na bliana. Ag deireadh 2023, bhí oibreacha ar 22 de na 28 ceirtleán ainmnithe curtha i gcrích.

An Bhliain ata Amach Romhainn

Baineann an phríomhthosaíocht in 2024 leis an gClár um Athrú Chun Feabhais. In 2024 treiseoidimid príomhfheidhmeanna tacaíochta agus rialaithe oibriúcháin agus bealaí caighdeánaithe chun oibriú á bhforbairt agus á gcur chun feidhme againn agus na rioscaí don tseirbhís nó do shábháilteacht á mbainistiú. Beimid ag díriú freisin ar an méid seo a leanas sa bhliain amach romhainn freisin:

- An Plean Infheistíochta Caipitiúla do 2024 a Sholáthar.
- Sceitheadh a laghdú, go háirithe i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.
- A chinntiú go gcoinneofar ár gcultúr láidir sábháilteachta ar bun trínár dtionscnaimh 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte'.
- Plean um Maoiniú Straitéiseach 2025-2029 a fhorbairt agus an aighneacht ar Rialú Ioncaim a ullmhú don Choimisiún um Rialáil Fónas.
- An clár oibre um Éagsúlacht agus lonchuimisiú a chur chun cinn agus comhionannas inscne a chur chun cinn agus gníomhaíocht fhiúntach á déanamh chun an Bhearna Phá idir na hInscní ar gach leibhéal den eagraíocht a dhúnadh.

- An clár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn agus leanúint go réamhghníomhach i dtreo spriocanna na hEarnála Poiblí maidir le Plean Gníomhaithe ar son Aeráide an Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

D'fheidhmigh Uisce Éireann go maith in 2023 arbh bhliain í ina raibh athruithe agus dúshlán chasta, agus is féidir leat tuilleadh a léamh faoinár bhfeidhmíocht i mbliana ar leathanaigh 34-46. Ba mhaithe liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird, le mo chomhghleacaithe ar an bhFoireann Feidhmiúcháin, le foireann Uisce Éireann agus lenár gcomhpháirtithe seachadta a sholáthair seirbhísí uisce agus fuíolluisce in 2023 i gcomhar le foireann na nÚdarás Áitiúil.

Niall Gleeson

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Creat straitéiseach

Cuspóir

Táimid ábalta don dúshlán a bhaineann le seirbhísí uisce bunathraitheacha a sholáthar, rud a chuireann ar chumas pobal déanamh go maith.

Fís

Éire inbhuanaithe, áit a dtugtar meas d’uisce agus a ndéantar é a chosaint, don phláinéad agus don bheatha lena dtacaíonn sé.

Cuspóirí straitéiseacha

	T	Bonneagar uisce na hÉireann a athrú ó bhonn	Trí sheirbhísí uisce tráthúla, riachtanacha le luach ar airgead a sholáthar	Féach tuilleadh eolais ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta ar leathanaigh 18 go 21.
	H	Leas a bhaint as cultúr sábháilte, éagsúil agus ionchuimsitheach	Áit a bhfuil ár bhfoireann cumhachtaithe agus ardfheidhmiúil	Léigh faoinár dtionscnaimh éagsúlachta agus ionchuimsitheacha ar leathanaigh 52-54.
	R	Uisce Éireann comtháite a bhaint amach	Chun seirbhísí uisce sábháilte, inacmhainne, dírithe ar chustaiméirí, a sholáthar dár dtír	Tá nuashonruithe sheirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil ar leathanaigh 41-46.
	I	Féinmhuinín a chothú	Bheith mar fhóntas iontaofa seirbhísí uisce na hÉireann	Chun forléargas a fháil ar ár gcur chuige ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara téigh go dtí leathanaigh 22-23.
	V	Meas a léiriú ar ár gcomhshaol agus feabhas a chur air	Trí thús áite a thabhairt do cháilíocht agus acmhainneacht ár n-uisce chun go mbeimid inár n-eiseamláir inbhuanaithe	Is féidir teacht ar ár dtuarascáil Inbhuanaitheachta ar leathanaigh 48-54.
	E	Deimhnigh an maoiniú riachtanach	Riachtanais seirbhísí uisce náisiúnta Éireann a shásamh	Tá tuilleadh eolais ar mhaoiniú an ghnólachta ar fáil ar leathanaigh 34-38.

Luachanna

Is iad na cúig luach atá againn a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta. Is iad a dhéanann ár ngníomhaíochtaí agus ár gcinntí a threorú agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.



Ionracas

Táimid oscailte agus macánta i ngach a ndéanaimid. Caithimid go measúil lena chéile, lenár gcustaiméirí, lenár sócmhainní agus leis na hacmhainní nádúrtha a bhfuilimid ag brath orthu.



Comhar

Bíimid ag obair as lámha a chéile chun torthaí a bhaint amach agus sinn ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.



Feidhmíocht

Déanaimid ár ndícheall a bheith inár bhfóntas ardfheidhmíochta, a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar d'ardchaighdeán an t-am ar fad.



Sábháilteacht

Cuirimid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.



Seirbhís do chustaiméirí

Is é is cuspóir dúinn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Éistimid leo maidir lena bhfuil uathu agus déanaimid iarracht níos mó ná sin a bhaint amach.

Múnla gnó Uisce Éireann

Ionchuir

Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt



Caipiteal Nádúrtha

- >530 crios acmhainní uisce
- An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce



Caipiteal Monaraithe

- >1,700 ionad cóireála uisce
- >90,000km de líonra uisce agus fuíolluisce
- Plean Infheistíochta Caipitiúla 5 bliana faofa ag CRF



Caipiteal Intleachtúil

- Saineolas ar an gcomhshaol
- Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
- Nuálaíocht
- Rialachas corparáideach agus faomhadh caipitil
- Maoirseacht uisce



Caipiteal Daonna

- >4,300 oibrí seirbhísí uisce
- Comhpháirtithe soláthair chaipitiúil.
- Seirbhísí ar conradh
- Clár 'i'belong' É&I
- Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte
- Ag Déanamh an Rud Ceart
- Iontráil céimithe



Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh

- >1.6m custaiméir baile
- >0.2m custaiméirí neamhbhaile
- Scairsealbhóir agus rialtóirí
- Clár Tús Áite don Chustaiméir
- Caidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara



Caipiteal Airgeadais

- €7.5bn d'iomlán na Sócmhainní
- €581m ranníocaíocht chaipitiúil
- €1,068m fóirdheontas rialtais
- Plean Maoinithe Straitéiseach 2019-2024
- Shocraigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas liúntais ioncaim don tréimhse 5 bliana 2020-2024



Uisce Óil



Dear, tóg agus coimisiúnaigh



Cóireáil agus dáil



Freastal ar ár gcustaiméirí

Déanaimid ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce a thógáil, a chothabháil agus a oibriú chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcuid custaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.

Tairbhí Reatha agus Ionchais

Uisce Éireann



Fuíolluisce



Dear, tóg agus coimisiúnaigh



Bailigh agus cóireáil



Freastal ar ár gcustaiméirí

- **1.7bn lítear** d'uisce óil a sholáthar gach lá
- **1.26bn lítear** d'fhuíolluisce a tháirgtear gach lá a chóireáil

Tá sé freagrach as na feidhmeanna a shanntar dó leis na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce agus déanann sé a dhícheall seirbhísí uisce dea-chleachtais, costéifeachtacha a dhíríonn ar riachtanais na gcustaiméirí a sholáthar.

- Seirbhísí uisce atá slán sábháilte
- Forbairt eacnamaíoch
- Fás straitéiseach
- Luach ar airgead

Aistroidh sé go húdarás náisiúnta seirbhísí uisce a bheidh comhtháite go hiomlán.

- Réitigh nádúr bhunaithe
- An timpeallacht a chosaint agus bithéagsúlacht a fheabhsú
- Tacú le pobail áitiúla

Tacaíonn sé le beartas an Rialtais a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, Tithíocht do Chách agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

- Foghlaim agus forbairt
- Éagsúlacht inscne a fheabhsú
- Rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú

Tugann sé tús áite d'infheistíocht i mbonneagar riachtanach uisce agus tacaíonn sé le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post i bpobail áitiúla.

- **68% an léibhéal de shástacht custaiméirí bainte amach**
- Comhlíonann **99.7%** de sholáthairtí uisce poiblí teorainneacha baictéar agus ceimiceán (d'fhoilsigh an GCC % ar shonraí 2022)
- Tacú le beartas an rialtais lena n-áirítear Tithíocht do Chách, an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tugann sé aghaidh ar chomhlíonadh go háirithe i ndáil le saincheisteanna sláinte poiblí agus comhlíonadh timpeallachta ar ghléasraí atá liostaithe in imeachtaí um shárú an Choimisiúin Eorpaigh.

- **€1,289m** infheistithe i mbonneagar uisce agus fuíolluisce

Feidhmíonn sé laistigh dá pharaiméadair um maoiniú ón Státchiste agus cinntíonn sé an dea-chleachtas a dtéarmaí cuntasachta, rialachais agus luach ar airgead a sholáthar do cháiniócoirí.

Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha



Timpeallacht Eacnamaíochta



Is é an dúshlán:

Feidhmiú laistigh de chonradh rialála in ainneoin brúnna praghais ardaithe, srianta sa slabhra soláthair agus dúshlán acmhainní.

Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn

Oibriú go dlúth lenár bpáirtithe agus conraitheoirí chun bainistíocht chúramach a dhéanamh ar an mbonn costais.

Agus cruthóimid luach trí Sheirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí éifeachtúla agus cost-éifeachtúla a chothú.



Beartas rialtais



Is é an dúshlán:

Infheistíocht Thionscadal Éireann 2040 a sholáthar i dtionscnamh bonneagair atá chomhdhéanta den Chreat Náisiúnta Pleanála go dtí 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ina dtugtar tús áite d’infheistíocht i mbonneagar de nach mór €200bn.

Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn

Uasghráduithe suntasacha a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce poiblí chun freastal ar an daonra agus ar an ngeilleagar atá ag dul i méid agus chun caighdeáin chomhshaoil reatha agus amach anseo a chomhlíonadh.

Agus cruthóimid luach trí Infheistíocht chaipitiúil a sholáthar ar aon dul le Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce an Rialtais agus de réir na dtograí maoiniúcháin a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040.



Todhchaí inbhuanaithe



Is é an dúshlán:

Feidhmiú ar bhealach a léiríonn meas ar an timpeallacht agus meas ar acmhainní.

Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn

Bainistíocht a dhéanamh ar an méadú atá ag teacht ar éileamh ar sheirbhísí uisce poiblí, rud a chuireann an-bhrú ar ár mbonneagar, agus tá níos mó ionchuir fhuinnimh agus acmhainní ag teastáil dá bharr le leibhéil níos mó dramhaíola agus fotháirgí eile.

Agus cruthóimid luach trí

Oibriú chun ár straitéisí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta a fhorbairt, rud a laghdóidh ídiú fuinnimh agus a mhéadóidh an acmhainneacht chun inbhuanaitheacht an tsoláthair uisce poiblí a mhéadú.



Custaiméir



Is é an dúshlán:

Eispéireas custaiméara a fhreastalaíonn ar a riachtanais a sholáthar.

Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn

Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil le custaiméirí agus páirtithe leasmhara chun seirbhís bhreisluach a chinntiú.

Agus cruthóimid luach trí

Fheabhas leanúnach a chur chun cinn maidir lenár dteagmháil lenár gcustaiméirí agus a bheith tiomanta d'oibríochtaí custaiméara atá cost-éifeachtúil a chur ar fáil.

Príomhtháscairí feidhmíochta

An chreat-treoir uisce



Ráiteas Polasaí Seirbhísí Uisce

Comhlacht tráchtála rialaithe Stáit atá in Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phoiblí. Tá an comhlacht freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce a oibriú agus a chothú.



Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce

Tá samhail oibriúcháin Uisce Éireann á leagan síos i gcomhthéacs Chreat-Treoir Uisce AE (CTU). Tá an CTU ina Threoir uileghabhálach maidir le polasaí uisce san AE.



Plean Maoinithe Straitéiseach



		Tomhas	Sainmhíniú	Aonad	2021	2022	2023*
Cáilíocht							
Uisce	Uisce Óil	Fógra Uisce a Fhiuchadh (> 30 lá)	Líon na ndaoine go fóill ar FUF faoi dheireadh na bliana atá i bhfeidhm ar feadh > 30 lá	An líon atá fágtha	908	18,287	19,109**
		Scéimeanna ar Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha GCC	Líon na scéimeanna ar an Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha beo	An líon atá fágtha	52	58	57
	Luaidhe	Luaidhe	Líon na seirbhísí luaidhe ar cuireadh seirbhísí nua ina n-áit	Uimh.	5,876	10,801	9,588
Fuíolluisce	An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbhí (UWWTD)	Ceantair thosaíochta le haghaidh feabhsuithe fuíolluisce	Líon na réimsí tosaíochta le haghaidh feabhsú fuíolluisce (pointe tosaigh R1 2015)	An líon atá fágtha	97	91	80
		Ceirtleáin neamhchóireáilte	Líon ceirtleáin nach bhfuil aon chóireáil déanta orthu nó réamhchóireáil amháin	An líon atá fágtha	33	29	19
Caomhnú							
Coigilteas	Sceitheadh	Glanchoigilteas uisce sa lá		MI/lá	35	30	..***
Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí							
Acmhainn agus teacht aniar	Ionaid cóireála fuíolluisce	lomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe		Uimh.	8	9	42
	Ionaid cóireála uisce	lomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe		Uimh.	12	6	9
	Líonra fuíolluisce	Fad an tséaraigh nua/athchóirithe a leagadh (iomlán)		km	26	102	122
	Líonra uisce	Fad an phríomhphíobáin uisce nua/athchóirithe a leagadh (iomlán)		km	241	315	512

* In 2023 thugamar faoi thionscnamh feabhsaithe leanúnaigh chun aschuir agus torthaí a ghabháil go comhsheasmhach. Cuireadh tairbhí ar fáil leis sin don chustaiméir nár tuairiscíodh roimhe seo. Tá siad sin san áireamh i bhfigiúirí 2023.

** Ag deireadh 2023 bhí 10 bhFógra 'Fiuch an tUisce' i bhfeidhm ar feadh breis is 30 lá. Bhí tromlach na ndaoine a bhí buailte lonnaithe in dhá áit, An Geata Bán (9,011 duine), agus Inbhear Fhainge/na Sionainne (6,986) Tógadh an Fógraí 'Fiuch an tUisce' a bhí ann le fada ag soláthar Pholl na gCuinneog i gCluain Meala i dTiobraid Árann i mí na Samhna 2023. Bhí an fógra sin i bhfeidhm ó bhí 2018 ann agus chuir sé isteach ar dhaoine de bheagnach 100 duine. Déileáladh le breis is 64% d'Fhógraí 'Fiuch an tUisce' a forchuireadh in 2023 agus a cuireadh ina gceart laistigh de 30 lá.






*** Tá sonraí sceite 2023 á n-athbhreithniú faoi láthair.

Príomhtháscairí feidhmíochta (ar lean)
(ar lean)

Sábháilteacht	An rud a thomhaisimid	An fáth go dtomhaisimid é										
<p>Minicíocht Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin iomlán – fostaithe (>1 lá) #/100k uair an chloig</p> <table border="1"> <tr> <td>2019</td> <td>0.0</td> </tr> <tr> <td>2020</td> <td>0.0</td> </tr> <tr> <td>2021</td> <td>0.0</td> </tr> <tr> <td>2022</td> <td>0.0</td> </tr> <tr> <td>2023</td> <td>0.0</td> </tr> </table>	2019	0.0	2020	0.0	2021	0.0	2022	0.0	2023	0.0	<p>Bainimid úsáid as Minicíochtaí Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin chun líon na dtimpistí fostaithe in aghaidh an 100,000 uair a oibríodh a rianú, rud a fhágann go mbíonn ar bhall foirne >1 lá a thógáil saor ón obair. Ní dhearnadh Gortú is Cúis le hAga Díomhaoin ar aon fhostaí ó 2018 i leith.</p>	<p>Tá an tsábháilteacht ina chroíluch ag Uisce Éireann. Tá clár chultúr na sábháilteachta “Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte” i bhfeidhm ó 2015 i leith agus bímid ag obair go leanúnach chun feabhas a chur ar chomhlíonadh ár ndualgas sábháilteachta.</p>
2019	0.0											
2020	0.0											
2021	0.0											
2022	0.0											
2023	0.0											
Uisce a Fhiuchadh (>30 lá)	An rud a thomhaisimid	An fáth go dtomhaisimid é										
<p># na gcustaiméirí atá fágtha</p> <table border="1"> <tr> <td>2019</td> <td>14,117</td> </tr> <tr> <td>2020</td> <td>1,042</td> </tr> <tr> <td>2021</td> <td>908</td> </tr> <tr> <td>2022</td> <td>18,287</td> </tr> <tr> <td>2023</td> <td>19,109</td> </tr> </table>	2019	14,117	2020	1,042	2021	908	2022	18,287	2023	19,109	<p>Líon na bhFógraí Uisce a Fhiuchadh atá i bhfeidhm ar feadh níos mó ná tríocha lá.</p>	<p>Ag eascirt as dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte forchuirtear Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' ar áiteanna inar tharla éilliú ar an uisce óil.</p>
2019	14,117											
2020	1,042											
2021	908											
2022	18,287											
2023	19,109											
Seirbhís do chustaiméirí	An rud a thomhaisimid	An fáth go dtomhaisimid é										
<p>Réiteach nuair a dhéantar an chéad teagmháil – méadrú agus oibríochtaí %</p> <table border="1"> <tr> <td>2019</td> <td>67%</td> </tr> <tr> <td>2020</td> <td>79%</td> </tr> <tr> <td>2021</td> <td>83%</td> </tr> <tr> <td>2022</td> <td>72%</td> </tr> <tr> <td>2023</td> <td>83%</td> </tr> </table>	2019	67%	2020	79%	2021	83%	2022	72%	2023	83%	<p>Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmháil custaiméara gach mí thar réimse de chineálacha difriúla glao. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaoanna chun na scóir a bhailíochtú.</p>	<p>Insíonn an tomhas seo dúinn a mhínicí is atáimid in ann iarratas custaiméara a réiteach tar éis a gcéad teagmhála linn gan an gá tuilleadh eolais a fháil, é a chur maidir le aghaidh chuig an gcúloifig, gearán a chruthú nó fiosrú a dhéanamh.</p>
2019	67%											
2020	79%											
2021	83%											
2022	72%											
2023	83%											

Inbhuanaitheacht	An rud a thomhaisimid	An fáth go dtomhaisimid é										
<p># láithreán a bhfuil bearta bithéagsúlachta i bhfeidhm orthu</p> <table border="1"> <tr><td>2019</td><td>31</td></tr> <tr><td>2020</td><td>40</td></tr> <tr><td>2021</td><td>53</td></tr> <tr><td>2022</td><td>56</td></tr> <tr><td>2023</td><td>270</td></tr> </table>	2019	31	2020	40	2021	53	2022	56	2023	270	<p>Tomhaiseann sé seo feidhmíocht an láithreáin maidir le tacú le bithéagsúlacht ar an láithreán agus sa tírdhreach mórthimpeall.</p>	<p>Úsáidtear an beart seo chun comhairle a thabhairt ar ghníomhartha atá le déanamh chun an láithreán a fheabhsú ó thaobh na bithéagsúlachta de.</p>
2019	31											
2020	40											
2021	53											
2022	56											
2023	270											
<p>Éifeachtúlachtaí oibriúcháin</p> <p>Éifeachtúlachtaí carnacha OPEX €m</p> <table border="1"> <tr><td>2019</td><td>157.0</td></tr> <tr><td>2020</td><td>182.3</td></tr> <tr><td>2021</td><td>200.1</td></tr> <tr><td>2022</td><td>207.0</td></tr> <tr><td>2023</td><td>211.0</td></tr> </table>	2019	157.0	2020	182.3	2021	200.1	2022	207.0	2023	211.0	<p>Tomhaisimid éifeachtúlachtaí oibriúcháin trí thionscnaimh bharrainneacha agus feabhas leanúnach a bhaint amach.</p>	<p>Déanaimid ár ndícheall na spriocanna éifeachtúlachta arna leagan síos ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas a bhaint amach.</p>
2019	157.0											
2020	182.3											
2021	200.1											
2022	207.0											
2023	211.0											
<p>Uisce a sábháladh</p> <p>Coigilteas sceite comhlán carnach (meigilítir in aghaidh an lae)</p> <table border="1"> <tr><td>2019</td><td>356</td></tr> <tr><td>2020</td><td>584</td></tr> <tr><td>2021</td><td>806</td></tr> <tr><td>2022</td><td>1,021</td></tr> <tr><td>2023</td><td>1,190</td></tr> </table>	2019	356	2020	584	2021	806	2022	1,021	2023	1,190	<p>Is é atá ansin ná tomhas ar an uisce carnach a sábháladh mar thoradh ar ár gcuid iarrachtaí chun príomhlíonraí a athchóiriú agus sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú.</p>	<p>Is é is aidhm dúinn méid an uisce a chailltear sa chóras a laghdú ionas go ndéanfaimid éifeachtacht agus dianseasmhacht ár líonraí a mhéadú.</p>
2019	356											
2020	584											
2021	806											
2022	1,021											
2023	1,190											

Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara

Príomhchaidreamh	Tosaíochtaí
 <p>Fostaithe</p>	<p>Sábháilteacht</p> <hr/> <p>Feidhmíocht Eagraíochtúil</p> <hr/> <p>Éagsúlacht agus Ionchuimsiú</p> <hr/> <p>Folláine</p>
 <p>Custaiméirí agus Pobail</p>	<p>Seirbhísí éifeachtacha a dhírítear ar chustaiméirí</p> <hr/> <p>Seirbhísí uisce atá slán sábháilte</p> <hr/> <p>An timpeallacht a chosaint</p>
 <p>Scairshealbhóirí agus Rialálaithe</p>	<p>Cur chun feidhme bheartas an rialtais</p> <hr/> <p>Oibríochtaí éifeachtacha agus comhlíontacha</p>
 <p>Comhpháirtithe Soláthair Seirbhíse</p>	<p>Sábháilteacht</p> <hr/> <p>Luach ar Airgead</p> <hr/> <p>Inbhuanaitheacht laistigh den slabhra luacha</p>
 <p>Grúpaí Ionadaíocha Foirmiúla na bPáirtithe Leasmhara</p>	<p>Cáilíocht acmhainní uisce agus cinnteacht an tsoláthair</p> <hr/> <p>An Tionchar ar an gComhshaol</p>

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara an próiseas trína ndéanaimid teagmháil go gníomhach lenár gcuid custaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus fiúntach. Tugaimid tosaíocht do ról rithábachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas. Chomh maith leis sin, lorgaimid aiseolas go gníomhach ónár bpáirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil ar cé chomh maith agus atá na n-ionchas sin á gcomhlíonadh againn.

Cur Síos

Le linn na bliana, tugaimid faoi ghníomhaíochtaí rialta rannpháirtíochta agus folláine na bhfostaithe.

Cuirimid cultúr sábháilteachta dearfach agus réamhghníomhach bunaithe ar iompraíocht chun cinn, rud a threisiónn ár dtuairim láidir go bhfuil sé cheart againn go léir oibriú go sábháilte agus filleadh abhaile go sábháilte, 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte'.

Aithníonn Uisce Éireann an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht i measc ár lucht saothair. Is ionadaithe na bhfostaithe atá ina mball dár gComhairle um Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht.

Is iad ár gcuid custaiméirí agus pobal na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Tarlaíonn rannpháirtíocht gach lá trínár gcuid cainéal custaiméara agus soláthraímid comhairliúchán poiblí, feachtais eolais phoiblí agus bainistímid teagmhais agus cur isteach trí rannpháirtíocht leis na meáin chumarsáide, na meáin dhigiteacha agus shóisialta, imeachtaí oscailte, fógraíocht agus cruinnithe duine le duine nó fíorúla.

Tá caidreamh leanúnach againn leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) i ndáil le maoiniú, soláthar seirbhísí uisce poiblí agus cur chun feidhme bheartas an rialtais.

Is é an Coimisiún um Rialáil Fónas (CRF) ár rialálaí eacnamaíoch agus is é an Gníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) ár Rialálaí Comhshaoil. Bímid ag plé go díreach leis an dá rialálaí agus tuairiscímid dóibh maidir lenár bhfeidhmíocht agus maidir le comhlíonadh na reachtaíochta um rialú praghasanna agus an comhshaoil.

Oibríonn Uisce Éireann go dlúth le conraitheoirí agus tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta dúinn chun an soláthar éifeachtach agus éifeachtúil d'infheistíocht shuntasach chaipitiúil a chinntiú agus déanann siad maoirseacht ar oibríochtaí laethúla an fhóntais náisiúnta uisce chun tairbhí a sholáthar dár gcustaiméirí, don gheilleagar agus don timpeallacht.

Oibríonn Uisce Éireann le réimse leathan de ghrúpaí foirmeálta ionadaíochta páirtithe leasmhara chun nuashonruithe a dhéanamh ar ár bpleananna, bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht dhá bhealach, cultúr trédhearcachta agus idirphlé a fhorbairt ar théamaí sonracha déthreoch, agus mionteagasc ábhartha saineolaithe a sholáthar.

Cainéal tábhachtach cumarsáide lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara atá sna meáin chumarsáide, go háirithe sna cásanna seo a leanas: cur isteach ar sheirbhís nó fadhbanna le caighdeán an uisce, nó nuair a bhíonn tionchar ar phobal mar gheall ar thionscadail nó uasghráidithe bonneagair.

Ár mbeart rannpháirteachais

Déanann Uisce Éireann teagmháil le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí maidir lenár gcuid tionscadal agus plananna bonneagair. Táimid tiomanta do cumarsáid dhá bhealach leanúnach dhéthroo agus freagrúil a dhéanamh, ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin, chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas inrochtana, luachmhar, trédhearcach agus freagrúil le haghaidh gach páirtí leasmhar. Ní bhaineann plé le páirtithe leasmhara le comhairliúchán reachtúil amháin agus is féidir é a chatagóiriú go leathan thar raon catagóirí. Úsáideann Uisce Éireann ardáin chianda amháin ár suíomh gréasáin agus cainéil ar líne mar aon le suirbhéanna, na meáin, cruinnithe aghaidh ar aghaidh, imeachtaí faisnéise agus cumarsáid inmheánach chun oibriú lenár bpáirtithe leasmhara.

Bainistíocht Riosca

Ár nGníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca

I rith na bliana 2023, choinnigh Uisce Éireann air ag déileáil le agus ag freagairt do thírdhreach riosca domhanda dinimiciúil agus idirnasctha

atá ag síorchlaochlú. Feidhmíonn Uisce Éireann laistigh de thimpeallacht chasta, agus bonneagar sócmhainne atá ag dul in aois á bhainistiú agus á oibriú acu. Táimid tiomanta do chleachtais bhainistíochta riosca éifeachtacha a chomhtháthú agus a leabú inár ngníomhaíochtaí go léir chun feasacht agus tuiscint ar an timpeallacht oibriúcháin a chothú.

Tá bainistíocht riosca éifeachtach laistigh den eagraíocht ríthábhachtach maidir lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus leasanna ár scairshealbhóirí, ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne á chosaint.

Leis an mbainistíocht riosca laistigh d’Uisce Éireann, tacaítear lenár réamhphleanáil agus éascaítear cinnteoireacht fheasach agus rioscabhunaithe inár ngníomhaíochtaí go léir. Leis na prionsabail atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta

Riosca Fiontraíochta (BRF) Uisce Éireann, treoraítear ár gcleachtais bainistíochta riosca. Tá go leor dár rioscaí fadtréimhseach, rud a léiríonn nádúr fadtéarmach ár ngníomhaíochtaí. Is féidir leis na rioscaí sin teacht chun cinn le himeacht ama de bharr toisca agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha atá ag athrú.

In ainneoin an tírdhreacha riosca dhúshlánaigh, d’éirigh le hUisce Éireann na dúshláin sin a bhainistiú go rathúil le linn 2023 agus tá sé athléimneach

fós maidir lena fhreagairt. Rinneadh measúnú iomlán ar na rioscaí sin a bhain leis an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil agus dúshláin slabhra soláthair, bagairtí cibearshlándála agus Clár um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann (UÉT) maidir lena dtionchair fhéideartha. Cuireadh maoluithe i bhfeidhm nuair ab fhéidir agus leantar le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin mar chomhpháirteanna lárnacha dár bpleanáil athléimneachta le linn 2024.

Tá ár gcur chuige ar rioscaí tacaíte faoi na prionsabail seo a leanas



Cultúr Riosca Onghníomhach

Cinntíonn sé go bhfuil ár gcultúr rioscaí leabaithe laistigh den eagraíocht, agus cuireann sé ar chumas ár bhfoirne feasacht agus tuiscint a bheith acu ar na rioscaí a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas ár gcuspóirí gnó a bhaint amach.



Inniúlacht

Cinntíonn sé go bhfuil ár bhfoireann inniúil agus go bhfuil siad in ann déileáil le rioscaí go héifeachtach.



Bainistíocht

Cinntíonn sé go dtugann ár bpróisis bhainistíochta rioscaí tacaíocht do rath ár gcuspóirí gnó trí chumhacht a thabhairt dár bhfoireann déileáil le rioscaí.

Creat Bainistíochta Riosca

Le linn 2023, choinnigh Uisce Éireann struchtúr rialachais riosca éifeachtach comhtháite ar bun, lena n-áirítear próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca chun bainistíocht, athbhreithniú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh ár gcuspóirí straitéiseacha.

Tá Creat, Beartas agus próisis BRF Uisce Éireann seanbhunaithe agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na heagraíochta, rud a éascaíonn sainaithint, measúnú, monatóireacht agus tuairisciú rioscaí ar gach leibhéal den eagraíocht, ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal comhiomlán.

Leagtar amach lenár mbeartas riosca cur chuige soiléir comhsheasmhach maidir le bainistíocht riosca, lena n-áirítear mairís scórála aonair a chur i bhfeidhm

ina gcuirtear san áireamh tionchar riosca agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé.

Tacaíonn ár modheolaíocht measúnaithe riosca le hUisce Éireann maidir le tionchar ó imeachtaí díobhálacha a íoslaghú agus deiseanna chun leasanna ár bpáirtithe leasmhara a chosaint a uasmhéadú.

Cultúr Riosca

Aithníonn Uisce Éireann go mbraitheann bainistíocht riosca rathúil ar chultúr

riosca éifeachtach lena gcuimsítear iompraíocht, noirm agus dearchtaí ár ndaoine. Aithníonn bainistíocht Uisce Éireann a ríthábhachtaí agus atá cultúr riosca éifeachtach, a chuirtear chun cinn trí 'threisiú ón mbarr' agus oiliúint rialta ar bhainistíocht riosca. Aithnítear go bhfuil ról ag gach duine san eagraíocht 'labhairt amach' faoi riosca. Déanaimid faire na fáistine go leanúnach agus go gníomhach chun cuidiú le rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

An Bord agus Bainistíocht Riosca


Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as bainistíocht riosca éifeachtach ar fud Uisce Éireann, agus athbhreithníonn siad agus tugann siad aghaidh go rialta ar na príomhrioscaí a chuireann an bhainistíocht os a gcomhair, ag cinntiú go ndéanfar iad a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú go cuí. Socraíonn an Bord an leibhéal riosca a bhfuiltear sásta glacadh leis ar bhonn bliantúil, a chuireann in iúl an leibhéal agus an cineál riosca a bhfuil Uisce Éireann sásta glacadh leis agus a chuspóirí straitéiseacha á mbaint amach aige.

Tá an t-údarás tarmiligthe ag an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca chun tacú leis an mBord leis na dualgais sin. Tacaíonn foireann tiomnaithe riosca leis an gcoiste timpeallacht éifeachtach bainistithe riosca a choinneáil trí shamhail coiste rialachais ó bharr anuas, ó bhun aníos.

Le linn 2023, bhreithnigh an Coiste um Iníúcháireacht agus Riosca stádas na bpríomhrioscaí agus na ngníomhaíochtaí maolaithe gaolmhara agus cuireadh roinnt Athbhreithnithe Cuimsitheacha faoina bhráid chun a dtuiscint ar phríomhrioscaí áirithe agus ar a bpríomh-mhaoluithe a fheabhsú tuilleadh.

Leanann Uisce Éireann príomhchleachtas agus úsáideann sé próiseas ceithre chéim chun sainaithint, measúnú, freagairt agus monatóireacht leanúnach rioscaí a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Próiseas 4 chéim BRF



Creat Bainistíochta Riosca
(ar lean)

Príomhrioscaí agus príomh-éiginnteachtaí gan aon ord ar leith orthu

Na Caipitil a Buaileadh

Riosca	Comhthéacs	Príomh-mhaoluithe
Sláinte agus Sábháilteacht		
<p>1 Teagmhas suntasach maidir le sábháilteacht daoine, próisis nó sócmhainn as a n-eascróidh gortú trom/ bás nó tionchar diúltach ar shláinte agus ar fholláine na mball foirne, comhpháirtithe Sheirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil, comhpháirtí seachadta eile nó an phobail.</p>	<p>Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte agus sábháilteachta ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó ar bhás, chomh maith le hionchúisimh, cailleanas airgeadais agus damáiste do chlú a d'fhéadfadh éirí as a sheachaint.</p> <p>Ghlac Uisce Éireann freagracht as bainistíocht agus as stiúradh na ngníomhaíocht seirbhísí uisce uile ar fud na nÚdarás Áitiúil ar bhonn céimnithe le linn 2023. Áirítear leis sin freagracht as an mbonn sócmhainní agus as sláinte agus sábháilteacht bhaill foirne na seirbhísí uisce.</p> <p>Cuireann cleachtais sábháilteachta oidhreachta éagsúla agus aibíocht cultúir sábháilteachta ar fud thionscal na Seirbhísí Uisce, agus bonn sócmhainne aosaithe oidhreachta leis an riosca sin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cur chun feidhme 31 córas Bainistíochta Sábháilteachta Údaráis Áitiúil atá ann cheana chomh maith le cur chun feidhme, cur chun cinn agus deimhniúchán an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta (ISO 45001). • Monatóireacht láidir a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcúrsaí rialaithe, sláinte & agus sábháilteachta chomh maith le cultúr sábháilteachta a chur chun cinn. • Cur chuige onghníomhach i leith teagmhais sábháilteachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sistéamacha sábháilteachta agus chun idirghabhálacha rioscabhunaithe a bhaineann go sonrach le sócmhainní a ghlacadh nuair is gá. • Oiliúint agus measúnú inniúlachta a sholáthar ar fud an tionscail Uisce lena chinntiú go mbeidh gach duine ar an eolas faoinár n-ionchais agus faoinár gcaighdeáin sábháilteachta. • Oibriú leis na 31 Córas Bainistíochta Sábháilteachta Údarás Áitiúil chun Córas Bainistíochta Sábháilteachta náisiúnta Uisce Éireann a fhorbairt. • Cultúr dearfach i dtreo meabhairshláinte agus folláine do gach duine atá ag obair le hUisce Éireann a chur chun cinn.



Seirbhísí uisce a athrú ó bhonn

<p>2 Níor baineadh amach gach toradh lena rabhtas ag súil sa Chlár um Athrú Chun Feabhais de chuid Uisce Éireann agus é ag dul chun cinn.</p>	<p>Is eintiteas dleathach neamhspleách é Uisce Éireann a cuireadh ar bun ar an 1 Eanáir 2023. Ina dhiaidh sin, dhírigh Clár um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann ar aistriú gníomhaíochtaí seirbhísí uisce ó Údaráis Áitiúla a bhainistiú agus na leibhéil fheabhsaithe seirbhíse agus na héifeachtúlachtaí a leagtar amach i bPlean Gnó Uisce Éireann a sholáthar.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rialú oibriúcháin ar na hÚdaráis Áitiúla arna n-aistriú, tá léargas iomlán ag Uisce Éireann anois ar oibríochtaí laethúla ár sócmhainní uisce go léir. Is bloc tógála ríthábhachtach é sin maidir le samhail fóntais náisiúnta a bhunú lena mbeidh baill foirne áitiúla láidre ag soláthar inár bpobail agus ar a son. • Leanann an Clár ag obair le ceannairí gnó Uisce Éireann chun na príomh-athruithe oibríochtúla a theastaíonn agus conas is féidir iad sin chur in úsáid sna seirbhísí go léir ar fud na tíre a shuí. Déanfar gach athrú a eagrú ar bhealach rialaithe lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar chobhsaíocht oibriúcháin agus ar sholáthar seirbhíse do chustaiméirí le linn na hidirthréimhse.
--	---	--





Caipiteal Nádúrtha



Caipiteal Monaraithe



Caipiteal Intleachtúil



Caipiteal Daonna



Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh



Caipiteal Airgeadais

Na
Caipitil a
Buaileadh

Riosca

Comhthéacs

Príomh-mhaoluithe

Athrú chun feabhais a dhéanamh ar sheirbhísí uisce (ar lean)

<p>3 Cur isteach suntasach ar sheirbhís, fadhbanna sábháilteachta nó tionchar ar an tsláinte phoiblí mar gheall ar dhúshlán oibriúcháin lena n-áirítear cliseadh sócmhainne.</p>	<p>Mar gheall ar thearc-infheistíocht stairiúil i líonraí uisce agus fuíolluisce agus saoráidí cóireála na hÉireann tá Uisce Éireann ag oibriú le sócmhainní agus bonneagar aosaithe.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Bainistíocht agus infheistíocht i bpríomhshócmhainní lena n-áirítear an Plean Infheistíochta Caipitiúla lena dtugtar tús áite do réimsí infheistíochta chun díriú ar thosaíochtaí straitéiseacha ar aon dul leis an Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce agus leis an bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce. Fócas leanúnach ar athléimneacht, ullmhacht éigeandála agus pleanáil leanúnachais gnó. Glacadh le cur chuige bainistíochta sócmhainní ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Creat Maoirseachta Sócmhainní tacaíthe ag grúpaí maoirseachta láithreáin, réigiúnacha agus náisiúnta. Tuairisciú sócmhainní criticiúla.
---	---	--





Ár ndaoine

<p>4 Mura bhfuil na próisis, na hacmhainní agus na cumasóirí straitéiseacha cearta i bhfeidhm, lena n-áirítear cultúr, d'fhéadfaí an bonn a bhaint den chumas ár gcuspóirí gnó a bhaint amach maidir lenár seirbhísí uisce a athrú chun feabhais.</p>	<p>Oibríonn Uisce Éireann i dtimpeallacht earcaíochta iomaíoch lena mbaianeann ardleibhéil fostaíochta go náisiúnta agus dúshlán acmhainní i bpríomhréimsí ár ngnó a dteastaíonn sainchumais ina leith.</p> <p>Tá sé rithábachtach a chinntiú go ndéanfaí cultúr Uisce Éireann a fhorbairt agus a choinneáil ar bun go héifeachtach le linn tréimhse ina bhfuil athrú suntasach ag tarlú chun go mbeidh rath ar an eagraíocht maidir le soláthar seirbhísí uisce agus beifear ábalta daoine a choinneáil agus a mhealladh, rud a laghdóidh an baol go mbeidh éagobhsaíocht eagraíochtúil ann.</p>	<ul style="list-style-type: none"> I mí an Mheithimh 2023, d'fhaomh an Bord Spriocshamhail Oibriúcháin Uisce Éireann, ina sonraítear na hacmhainní agus an struchtúr eagraíochtúil atá riachtanach chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach, agus tá sí á cur chun feidhme faoi láthair. Feachtais agus painéil earcaíochta tiomnaithe agus béim ar fholúntais rithábachtacha agus tosaíochta. Clár rannpháirtíochta suntasach le comhpháirtithe na nÚdarás Áitiúil. Feachtais agus painéil earcaíochta tiomnaithe agus béim ar fholúntais rithábachtacha agus tosaíochta. Leantar le straitéis ghnó Uisce Éireann a fhorbairt agus a chur chun cinn, straitéis a bhfuil roinnt pleananna straitéiseacha atá dírithe ar fhostaithe mar chuid di (lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh: Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Rannpháirtíocht agus Folláine, Sláinte Cheirde, agus Obair Chumaisc), agus é mar aidhm leis sin timpeallacht oibre dhearfach a chothú do gach fostaí, idir fostaíthe nua agus fostaíthe atá ag obair linn cheana. Tá clár athbhreithnithe um Luachanna agus Iompraíocht Chultúir faoi bhealach agus cuirfear i bhfeidhm é in 2024. Baintear leas as suirbhéanna agus aiseolas ó fhostaithe chun Rannpháirtíocht Inbhuanaithe i measc Fostaithe a rianú agus tugtar faoi ghníomhaíochtaí forbartha ar bhonn uile-eagraíochta.
--	---	--



Creat Bainistíochta Riosca

(ar lean)

Riosca	Comhthéacs	Príomh-mhaoluithe	Na Caipitil a Buaileadh
Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí			
<p>5 Gan na spriocanna coigiltis sceite uisce réamh-mheasta a bhfuiltear tiomanta dóibh inár straitéis a bhaint amach.</p>	<p>Mura mbainfí amach na spriocanna um sceitheadh a laghdú, tá seans ann go gcuirfí isteach ar chustaiméirí agus ar sheirbhísí, go gcuirfí le costais oibríochta agus go rachadh éifeachtúlachtaí in olcas agus go ndéanfaí dochar ar an gcaoi sin do sprioc straitéiseach Uisce Éireann bheith ina fhóntas iontaoifa.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tá foireann tionscadail bunaithe ag Uisce Éireann chun tús áite a thabhairt do laghdú sceite agus éileamh i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus tá pleananna gníomhaíochta á bhforbairt acu faoi thrí cholún atá ailínithe leis an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce – Soláthar Níos Cliste, Cailiteanas a Laghdú agus Úsáid a Laghdú. Tá príomhchláir i bhfeidhm, lena n-áirítear Clár ‘Aimsigh agus Deisigh’, Clár ‘An Chéad Deisiúchán’, príomhphíobáin uisce nua a chur isteach agus méadrú agus bainistíocht brú/líonra. Cumarsáid spriocdhírthe a dhéanamh ar bhonn leanúnach maidir le sceitheadh. Tá Straitéis Sceite, Córas Bainistíochta Sceite agus Plean Bliantúil Bainistíochta Sceite curtha i bhfeidhm. Tá pleanáil ar chásanna agus acmhainní ar siúl mar chuid den athbhreithniú ar an gClár Sceite. 	 



Caipiteal
Nádúrtha



Caipiteal
Monaraithe



Caipiteal
Intleachtúil



Caipiteal
Daonna



Caipiteal Sóisialta
agus Caidrimh



Caipiteal
Airgeadais

Riosca

Comhthéacs

Príomh-mhaoluithe

Na Caipitil a Buaileadh

Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí (ar lean)

6 Gan a bheith in ann an t-éileamh uisce faoi láthair agus san am atá le teacht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) a chomhlíonadh mar gheall ar easpa spáis, spleáchas ar príomhfhoinsé uisce agus pointí áirithe criticiúla teipe thar bhonneagar uisce atá aosta go maith.

Gan acmhainn bhreise a bheith ann, d'fhéadfadh dúshlán soláthair uisce, tionchair shóisialta agus eacnamaíocha, agus teip tacú le héilimh fáis sa todhchaí a bheith mar thoradh ar fhadhbanna cainníochta agus cáilíochta.

Is beag teacht aniar atá sa soláthar uisce i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Fiú agus feabhas curtha ar éifeachtúlacht an líonra agus sceitheadh laghdaithe, is in olcas a rachaidh na deacrachtaí le soláthar uisce i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath de bharr fhás an daonra, an fháis eacnamaíoch agus an athraithe aeráide. Go dtí go nascfar mórfhoinsé nua uisce leis, ní bheidh Uisce Éireann in ann seirbhís ar an gcaighdeán atá á lorg a bhaint amach agus beidh baol ann i gcónaí go dtarlóidh bristeacha a mhairfidh i bhfad, rud a chuirfidh isteach go mór ar thithe agus ar ghnólachtaí.

Ábhar imní mór maidir leis an Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre (an réiteach straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar riachtanais na todhchaí) é go bhféadfadh moill a bheith leis an bpróiseas um thoilíú reachtúil, cosúil le tionscadail eile um Sholáthar Bonneagair Straitéisigh lena n-áirítear Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

- Tá measúnú déanta sa Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce ar chumas agus ar cháilíocht uisce náisiúnta, díríonn sé ar chothromaíocht inbhuanaithe soláthair agus éilimh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
- Tá an Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre aitheanta mar an tionscadal roghnaithe don réiteach straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar éilimh réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre amach anseo.
- Tá príomhbhearta uasghrádaithe agus infheistíochta ar siúl agus molta chun teacht aniar a neartú, sceitheadh a laghdú, agus an riosca a bhainistiú go hoibríochtúil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach leibhéal acmhainne uisce (aibhneacha, lochanna, tollphoill, taiscumair lochta) agus bearta gearrthéarmacha curtha ar fáil chun cur leis an méid uisce atá ar fáil le húsáid.



Creat Bainistíochta Riosca (ar lean)

Na
Caipitil a
Buaileadh

Riosca

Comhthéacs

Príomh-mhaoluithe

Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí (ar lean)

7 Doirteadh fuíolluisce agus/nó teagmhais neamhchomhlíonta as a dtagann damáiste don timpeallacht, ionchúiseamh agus sárú AE.

D'fhéadfadh dochar don chomhshaol agus ionchúiseamh mar aon le moill ar oibreacha feabhsúcháin ríthábhachtaigh a bheith mar thoradh ar ar dhúshláin oibriúcháin agus thosca seachtracha (amhail dúshláin reachtúla nó phleanála nó dlí). Sampla de sin is ea an mhoill a cuireadh ar an bpróiseas reachtúil do Thionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche, rud atá ina bhac follasach ar an mbonneagar straitéiseach a chur ar fáil atá riachtanach lena chinntiú go leanfaidh Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ag fás agus ag forbairt. D'fhéadfadh athruithe ar chaighdeán cháilíochta uisce, rialacháin chomhshaoil, agus ceanglais chomhlíontachta cur le fíneálacha agus/nó dúshláin oibriúcháin.

- Tógáil agus uasghrádú sócmhainní mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil (e.g. An Rinn, ceirtleáin neamhchóireáilte srl.)
- Faoi dheireadh 2023, tugadh an tionscadal um Uasghrádú ICFU na Rinne chun críche chun comhlíonadh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (TCFUU) a bhaint amach le haghaidh choibhéis daonra de 2.1 milliún. Beidh na hoibreacha eile go léir atá ríthábhachtach chun fuíolluisce a chóireáil le haghaidh choibhéis daonra 2.4 milliún de réir na gcaighdeán atá ceangailte leis an TCFUU tugtha chun críche faoi dheireadh 2025 agus beidh na hoibreacha coimhdeacha eile tugtha chun críche in 2026.
- Is príomh-thionscadal é Tionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MCÁC) i dtaca le cóireáil fuíolluisce agus teacht aniar i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a chinntiú san fhadtéarma.
- Tá an clár cothabhála caipitil i bhfeidhm chun sócmhainní nua a chur in áit sócmhainní atá ag teip nó atá tar éis teip cheana féin nó athchóiriú a dhéanamh orthu chomh maith le caighdeán seirbhísí a choimeád ar an leibhéal ag a bhfuil siad faoi láthair.
- Cinntíonn fóraim ilréimsiúla go ndéanfar tuairisciú comhsheasmhach maidir le fuíolluisce/ go gcloífead leis an teachtaireacht chéanna maidir le hionaid chóireála tosaíochta chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile.
- Díriú ar bhrúnna suntasacha ar uisce uirbeach atá aitheanta sa 3ú Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí
- Déantar sampláil agus anailís i gcomhréir le ceanglais reachtacha.
- Tá Pleananna Limistéar Draenála á bhforbairt i bpríomhcheirtleáin.
- Monatóireacht agus anailís fíor-ama ar ionaid lárnacha/ ríthábhachtachta chun deacrachtaí a aithint.
- Plé leanúnach le páirtithe leasmhara lárnacha ar leibhéal Eorpach agus Náisiúnta maidir le nuashonrú ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.





Caipiteal Nádúrtha



Caipiteal Monaraithe



Caipiteal Intleachtúil



Caipiteal Daonna



Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh



Caipiteal Airgeadais




Na Caipitil a Buaileadh

Riosca



Comhthéacs

Príomh-mhaoluithe

Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí (ar lean)








<p>8 Dá dtarlódh teip shuntasach uisce glan agus sábháilte a chur ar fáil, d'fhéadfadh rioscaí bainteach le sláinte phoiblí, an geilleagar, clú, géilliúlacht agus ionchúiseamh a bheith i gceist.</p>	<p>Cé go leantar den obair ar fud an bhonneagair sócmhainne aosaithe chun méid agus cáilíocht an tsoláthair uisce óil a fheabhsú, tá baol ann i gcónaí go dtiocfaidh fadhbanna le cáilíocht an uisce chun cinn.</p> <p>D'fheadfaidís titim amach de bharr adhaimsire nó dá gcuirfí moill ar oibreacha feabhsúcháin ríthábhachtaigh (de bharr dúshlán oibriúcháin agus tosa seachtracha amhail saincheisteanna reachtúla nó pleanála, agóidí dlíthiúla agus athbhreithnithe breithiúnacha).</p>	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn ár Lárionad Náisiúnta um Bainistíocht Oibríochtaí ag feidhmiú 24/7, agus monatóireacht á déanamh acu ar fheidhmíocht aláraim agus cóireála uisce sna hionaid ríthábhachtacha cóireáil uisce. An Phlean Infheistíochta Caipitil a chur i bhfeidhm chun sócmhainní a uasghrádú agus teacht aniar a fheabhsú. Oiliúint leanúnach ar fhoireann oibriúcháin ionaid maidir le hoibríochtaí ionaid agus tuairisciú teagmhas. Cinntíonn fóraim ilréimsiúla go ndéanfar tuairisciú comhsheasmhach maidir le fuíolluisce/go gclóifear leis an teachtaireacht chéanna maidir le hionaid chóireála tosaíochta chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile. Déantar sampláil agus anailís i gcomhréir le ceanglais reachtacha. Tá plé traseagraíochtúil ar siúl maidir le comhlíontacht Rialála Uisce Óil a chur i bhfeidhm. Iníúcháireacht fhairsing ar ionaid agus measúnachtaí spriocdhírithé mar athbhreithnithe Aláraim agus Coiscthe agus suirbhéanna foinse agus sláintíochta. Tá foireann, próisis, nósanna imeachta agus córas á fhorbairt de réir an Phlean Náisiúnta Sábháilteachta um Uisce Óil. 	  
---	--	--	---

Fás agus infheistíocht bhonneagair a sheachadadh

<p>9 Má theipeann orainn Clár Infheistíochta Caipitil (CIC) de chuid Uisce Éireann a bhaint amach go hiomlán de bharr cúinsí inmheánacha agus seachtracha, laghdófar líon na seirbhísí uisce a bheidh ar fáil agus cuirfear srian ar fhreagairt na cuideachta i leith rioscaí sláinte, sábháilteachta, forbairt eacnamaíochta, agus timpeallachta.</p>	<p>Tá Uisce Éireann i mbun monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar na príomh-neamh-chosaint sheachtrach i leith CIC a sheachadadh, lena n-áirítear pleanáil thráthúil agus formheas reachtúil, cur isteach ar an slabhra soláthair, agus tionchair gheopholaitiúla. Is príomhspleáchas é infhaighteacht an mhaoinithe il-timthrialla fhadtéarmaigh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Plean Straitéiseach Cistiúcháin 2020-2024 agus Liúntas an Phlean Infheistíochta Caipitil. Rialuithe i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ár gcaiteachas ar CIC le hais an bhuiséid. Cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na dtorthaí agus na n-aschur faofa ag an CRF. Cur chuige i dtreo an Phlean Infheistíochta don chéad thréimhse rialála eile á phlé le CRF agus RTRAÓ. Tá plé ag dul ar aghaidh go fóill leis na príomh-pháirtithe leasmhara is. Tá plé agus cumarsáid oscailte agus thrédhearcach le páirtithe leasmhara glactha ag Uisce Éireann chun páirtithe a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn agus dhúshlán an Phlean Infheistíochta Caipitil agus chun ionchas a láimhseáil agus muintín a chothú. 	 
---	--	---	--

Creat Bainistíochta Riosca

(ar lean)

Riosca	Comhthéacs	Príomh-mhaoluithe	Na Caipitil a Buaileadh
Fás agus infheistíocht bhonneagair a sheachadadh (ar lean)			
10 D'fhéadfaí moill a chur ar thionscadail a sheachadadh ar bhonn náisiúnta má theipeann orainn dóthain acmhainne a sholáthar d'fhonn freastal ar chustaiméirí ar mian leo ceangal a dhéanamh amach anseo agus fás agus forbairt eacnamaíoch i gcoitinne.	Tá ról suntasach ag Uisce Éireann maidir le tacaíocht a thabhairt do spriocanna na Éireann i dtaca le fás geilleagrach, comhlíonadh agus forbairt de a bhaint amach. Más rud é nach n-éireoidh le hUisce Éireann dóthain acmhainne a sheachadadh, déanfaidh sé sin dochar dá chlú agus d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar fhás agus fhorbairt eacnamaíoch.	<ul style="list-style-type: none"> PIC Uisce Éireann a chur i gcrích. Tá Uisce Éireann ag tacú leis na huaillmhianta fáis arna leagan amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa Stráitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach. Ag déanamh deimhin de go gcloífear leis an mBeartas um Tháilí Ceangail (BTC). Agus é ag obair i gcomhar le CRF, tá Uisce Éireann ag cur leis an BTC i réimsí amhail féinleagain ar an mbóthar poiblí agus tionscnaimh chun Míbhuntáiste na Chéad Tionscnóirí a Mhaolú. Leanúint orainn ag cur feabhas ar amlínte freagartha Uisce Éireann i leith fiosrúcháin faoi cheangail agus iarratais chun tacú leis an tionscal forbraíochta. Clár Cumarsáide agus Oiliúna réamhghníomhaí atá ar siúl go fóill a sheachadadh. 	 
Teicneolaíocht TF/OT - cibearshlándáil			
11 Cibirionsaí a dhíríonn ar chórais a bhfuil tionchar acu ar ár mbonneagar agus ar sholáthar seirbhíse.	D'fhéadfadh cibirionsaí sláine sonraí a chur i mbaol, cur isteach ar ghnáthoibríochtaí, agus slándáil sholáthar uisce na hÉireann a chur i mbaol. D'fhéadfadh teagmhas dá leithéid fadhbanna a chruthú ó thaobh shláinte agus sábháilteacht an phobail, clú a loit, agus/ nó fíneálacha a tharraingt aníos.	<ul style="list-style-type: none"> Straitéis chun ár gcumas cibearshlándála a aibiú agus a threisiú chun athléimneacht Uisce Éireann in aghaidh cibirionsaí fhéideartha a fheabhsú. Ionad Oibríochtaí Slándála ag feidhmiú 24/7 a dhéanann monatóireacht ar shócmhainní Teicneolaíochta na Faisnéise agus ar shócmhainní Teicneolaíochta Oibriúcháin. Teagmháil leanúnach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála chun aon bhagairt a bhainistiú go réamhghníomhach. Athbhreithniú a dhéanamh go léanúnach ar an bPlean Cibear-Athléimneachta, ar nósanna imeachta caighdeánacha do phróisis atriallacha agus cleachtaí ionsamhlúcháin. Oiliúint ar líne ar an gcibearshlándáil le haghaidh fostaithe le cleachtaí ionsamhlaithe fioscaireachta rialta agus tionscnaimh eile chun fostaithe a choinneáil ar an airdeall agus ar an eolas faoi bhagairtí nua. 	 
Airgeadas & eacnamaíoch			
12 Dúshlán maidir le seachadadh ón slábhra soláthair á ngéarú de thoradh ar thionchair ar an timpeallacht mhacra-eacnamaíoch i dteannta le hinfhaighteacht agus cumas príomhchonraitheoirí.	D'fhéadfadh costais níos airde agus dúshlán sa slabhra soláthair a bheith i gceist de thoradh ar an timpeallacht mhacra-eacnamaíche agus gheopholaitiúil. Dúshlán leanúnach maidir le hacmhainn agus cumas riachtanach a fháil tríd an tslabhra soláthair go háirithe le haghaidh conraitheoirí caipitil, ball foirne gairmiúil agus ball foirne speisialaithe eile.	<ul style="list-style-type: none"> Straitéis chun conraitheoirí a bhainistiú agus dul i mbun plé le conraitheoirí go luath sa phróiseas le go gcuirfí clár chun cinn agus níos mó iarratais ar thairiscintí a spreagadh chomh maith le seachadadh conarthaí a neartú. Rátálacha Sláinte Airgeadais do na soláthróirí straitéiseacha go léir. Pleananna teagmhais i bhfeidhm i leith soláthairtí tábhachtacha. Gníomhartha maolaithe i bhfeidhm chun dul i ngleic le tionchar boilscithe a bhfuil de chumas ag Uisce Éireann iad a rialú. Monatóireacht leanúnach déanta ar fháil conraitheoirí chun acmhainní a chur ar fáil dá lucht saothair féin. 	  

**Caipiteal Nádúrtha****Caipiteal Monaraithe****Caipiteal Intleachtúil****Caipiteal Daonna****Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh****Caipiteal Airgeadais**

Riosca	Comhthéacs	Príomh-mhaoluithe	Na Caipitil a Buaileadh
Airgeadas & eacnamaíoch (ar lean)			
13 Tionchar ag ganntanas maoinithe ar sholáthar seirbhísí uisce.	Formheasann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) maoiniú caipitil agus oibriúcháin Uisce Éireann trí phróiseas 'Rialaithe Ioncaim'. Tosóidh an chéad thimthriall cúig-bliana eile in 2025.	<ul style="list-style-type: none"> Tá plé leanúnach ar siúl le CRF agus RTRÁO maidir le riachtanais mhaoinithe Uisce Éireann, agus tá aighneacht maidir le rialú ioncaim le teacht in 2024. 	
Gníomhú ar son na haeráide & inbhuanaitheacht			
14 Tá baol níos mó ann go gcuirfidh an t-athrú aeráide isteach ar ghníomhaíochtaí Uisce Éireann agus minicíocht agus déine na hadhaimsire ag dul i méid.	Gan pleanáil réamhghníomhach agus chúil, bearta maolaithe agus oiriúnaithe; is dóchúil go mbeidh tionchar ag an athrú aeráide fós ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce. D'fhéadfadh brú ar bhonneagar agus oibriúcháin líonra dul i méid mar gheall ar mhinicíocht agus dhéine dálaí aeráide, agus is dóchúil go méadófaí tarluithe d'éagothroime soláthair-éilimh.	<ul style="list-style-type: none"> Tá tús curtha ag Uisce Éireann le hathléimneacht aeráide a chumhdach inár gcuid próiseas um pleanáil agus sheachadadh infheistíochta chun inbhuanaitheacht ár gcuid seirbhísí uisce agus fuíolluisce a mhéadú chun leas ár gcustaiméirí agus an chomhshaoil. Leantar ar aghaidh ag forbairt iarrachtaí ar son athléimneachta aeráide mar chuid lárnach dár ndearadh agus dár bpleanáil sócmhainní. Réitigh bunaithe ar an dúlra a chumhdach sa chaoi a soláthraímid tionscadail chaipitil. 	
Custaiméir, Clú agus Páirtí Leasmhar			
15 Féidearthacht drochthionchar a imirt ar bhranda agus chlú Uisce Éireann mura seachadtar dár gcuid custaiméirí agus páirtithe leasmhara nó custaiméirí agus páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas go beacht agus suas le dáta faoi obair na heagraíochta.	Is den rithábhacht é go ndéanaimid ár ndícheall beart a dhéanamh de réir ár mbriathair dár gcustaiméirí agus dár páirtithe leasmhara agus go gcothóimid iontaoibh leo le go dtacóidís linn mar, cheal na tacaíochta sin, beidh sé deacair d'Uisce Éireann seirbhísí uisce a sholáthar agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.	<ul style="list-style-type: none"> Is tosaíocht rithábhachtach dúinn é a bheith pras maidir leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoi gach ábhar a bhaineann le seirbhísí uisce, faoi shaincheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí go mór mór. Táthar tar éis Straitéis Chorporáideach nua a fhorbairt agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn céimneach agus díreann go mór inti ar Sheirbhís do Chustaiméirí, ar Phlé le Páirtithe Leasmhara agus ar Chlú. Tá plé le páirtithe leasmhara ag dul ar aghaidh go fóill ar na fóraim is tábhachtaí. Pleananna agus próisis chuimsitheacha chumarsáide, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí faoinár príomh-thionscadail agus ár gcláir phobail is scoileanna áitiúla. 	

Athbhreithniú airgeadais

Bhí feidhmíocht airgeadais láidir ag Uisce Éireann i rith 2023. Ba spreagadh suntasach eacnamaíoch go fóill iad gníomhaíochtaí infheistíochta caipitil Uisce Éireann i rith na bliana 2023. Ina theannta sin tríd a chuid clár oibriúcháin agus cothabhála leanadh ar aghaidh le fostaíocht dhíreach agus indíreach a sholáthair mar aon le tairbhí eacnamaíochta eile a chur ar fáil fud fad gheilleagar na hÉireann.

Rinneadh barrachas/brabús a shaothraigh Uisce Éireann maille le tacaíocht a raibh géarghá leis ón Rialtas i bhfoirm ranníocaíochtaí caipitil de €581 milliún, a infheistiú i dtionscadail bonneagair bhunriachtanacha agus bhíothas in ann clár infheistíochta caipitil árbh fhiú €1,289m é a sheachadadh in 2023 dá bharr. Chuir sé sin ar ár gcumas poist a sholáthar, cur le hacmhainn agus forbairt tithíochta agus tacú le fás eacnamaíoch.



Chris McCarthy *Príomhoifigeach Airgeadais*

Príomh-bhuaicphointí 2023

Ioncam	Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim	Sócmhainní iomlána
€1,560m	€379m	€7,501m
EBITDA	Caiteachas caipitil	Glanfhiachas
€560m	€1,289m	€534m

Déantar barrachas/brabús Uisce Éireann a ath-infheistiú chun tionscadail phríomh-bhonneagair a mhaoiniú.

Príomhthreochtaí airgeadais

Ioncam €m

2019	1,122
2020	1,061
2021	1,191
2022	1,309
2023	1,560

Caiteachas caipitil €m

2019	863
2020	839
2021	851
2022	1,061
2023	1,289

EBITDA €m

2019	380
2020	262
2021	382
2022	424
2023	560

Glansócmhainní €m

2019	2,810
2020	3,399
2021	3,989
2022	4,678
2023	5,579

Ráiteas Achomair Ioncaim

	2023 €milliúin	2022 €milliúin
Ioncam	1,560	1,309
Ioncam tráchtála	492	348
Fóirdheontas rialtais	1,068	961
Costais oibriúcháin	(1,000)	(885)
EBITDA	560	424
Dímheas agus amúchadh	(178)	(167)
Costais airgeadais	(4)	(4)
Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim	379	253

Ioncam

Bhí an teacht isteach de €1,560m don bhliain go 31 Nollaig 2023, €252m ní b'airde ná teacht isteach na bliana 2022. Bhí ioncam fóirdheontas ón Rialtas de €1,068m maidir le billeáil uisce tí €107m níos airde ná an bhliain roimhe sin. Idir ioncam Neamhbhaile agus ioncam ó Cheangail Nua saothraíodh €492m san iomlán, méid atá €145m níos airde ná an méid a saothraíodh i 2022, ó tharla ioncam neamhbhaile a bheith níos airde ag €24m agus ioncam níos airde de €121m ó cheangail chustaiméirí.

Faightear muirir as ceangail chustaiméara roimh ré agus aithnítear mar ioncam iarchurtha iad nuair a fhaightear iad. Chuir fás sa mhargadh tithíochta leis an méadú sin ar ioncam ceangail. Leis an méadú tuairiscithe ar ioncam le haghaidh 2023 aithnítear fáiltas ceangail le haghaidh roinnt cásanna nuair a bhí ceangail nach mór críochnaithe ag páirtithe eile, ach níor dhearbhaigh Uisce Éireann gur cuireadh i

gcrích go hiomlán iad go dtí 2023. Ina theannta sin, cuimsítear leis an méadú ar ioncam roinnt cásanna inar tugadh obair chun críche de réir cheanglais Uisce Éireann ach nár cuireadh ar aghaidh go dtí an stádas cuí é, a d'fhéadfadh cuid di a bheith tugtha chun críche sna blianta roimhe.

Dímheas

De thoradh ar fhás san infheistiú chaipitil méadaíodh dímheas agus amúchadh ar €178m i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim

Sa bhliain 2023 bhí méadú €126m ar bharrachas/brabús roimh cháin go €379m mar gheall ar TRÚCDA níos airde de €136m, a cútíodh i bpáirt ag muirir dímheasa níos airde de €10m. Déantar barrachas/brabús Uisce Éireann a ath-infheistiú chun tionscadail phríomhbhonneagair a mhaoiniú. Bhí costais airgeadais ar aon dul le 2022.

Athbhreithniú airgeadais

(ar lean)

Achoimre ar Chostais Oibriúcháin

	2023 €milliúin	2022 €milliúin
Costais fostaí	(115)	(95)
Costais as comhaontú le húdarais áitiúla	(223)	(222)
Seirbhísí fruilithe agus ar conradh	(287)	(253)
Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos	(130)	(123)
Cíos, rátaí, fónais agus árachas	(148)	(116)
Costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáid	(43)	(31)
Cur isteach ar infháltais trádála	(16)	(18)
Dí-aithint sócmhainní	(3)	-
Costais oibriúcháin eile	(35)	(26)
Iomlán	(1,000)	(885)

Costais oibriúcháin

Tháinig méadú €115m ar chostais oibriúcháin de €1,000m, i gcomparáid le 2022. Mar thoradh ar dhul chun cinn mór le gníomhaíocht clár (an Clár um Athrú chun Feabhais de chuid Uisce Éireann ach go háirithe) tá costais seirbhíse conraithe imithe i méid, ach cúitíodh an méadú sin ag costais seirbhíse conraithe níos ísle as ionaid chóireála a oibriú tar éis méaduithe nach raibh coinne leo


ar phraghsanna fuinnimh dhomhanda in 2022. Ar an taobh eile den scéal, ní raibh na seasaimh láidre fáilithe a baineadh amach le haghaidh 2022 i dtaobh an bhonn costas i gcoitinne ina roghanna inmharthana le haghaidh 2023 mar gheall ar na leibhéil phraghais nach raibh coinne leo in 2022, agus mar thoradh ar thionchar an bhoilscithe ar an mbonn costas i gcoitinne, tháinig méadú ar chostais fuinnimh agus ar

chostais cheimiceán don bhliain 2022 i gcomparáid le 2023. Bhí costais phárolla €20m níos airde, rud a léirigh méadú ar líon fostaithe agus dul chun cinn pá i gcomhréir le comhaontuithe. Bhí seirbhísí TF, tacaíochta agus teileachumarsáide €12m níos airde ná an bhliain roimhe sin. Bhíothas in ann na méaduithe sin a fhritháireamh go pointe le €4m eile a baineadh amach trí chost-éifeachtúlachtaí oibriúcháin.

Clár Comhardaithe Achomair

	2023 €milliúin	2022 €milliúin
Sócmhainní bonneagair	6,969	5,872
Sócmhainní eile	532	519
Sócmhainní iomlána	7,501	6,391
lasachtaí agus fiachas eile	(830)	(645)
Dliteanais phinsin	(32)	(21)
Dliteanais eile	(1,060)	(1,048)
Dliteanais iomlána	(1,922)	(1,713)
Glansócmhainní	5,579	4,678
Glanfhiachas	(534)	(331)

Caiteachas caipitil (%)



- Cáilíocht
- Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí
- Caomhnú

Sócmhainní bonneagair agus caiteachas caipitil


D'infheistigh Uisce Éireann an méid airgid is mó riamh ó bunaíodh an chuideachta i seirbhísí uisce agus fuíolluisce in 2023, €1,289m san iomlán in 2023, i gcomparáid le €1,061m in 2022. Leis an leibhéal sin infheistíochta cuirtear ar ár gcumas feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ó ghlúin go glúin ar ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce. Tá sé dírithe ar shláinte agus caighdeán na beatha a fheabhsú, ár dtimpeallacht a chosaint, tairbhí a bhaint amach do phobail agus tá sé ríthábhachtach don fhás agus don fhorbairt ar fud na hÉireann.

Glanfhiachas agus sreafaí airgid

Ba é an staid fiachais glan amhail an 31 Nollaig 2023 ná €534m (is é sin, iomlán na n-iasachtaí agus fiacha eile de €830m, lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid de €296m), i gcomparáid le €331m an bhliain roimhe sin.

in 2023, bhíothas in ann riachtanais mhaoinithe infheistíochta caipitil ó thaobh uisce agus fuíolluisce (caiteachas airgid thirim de €1,309m) a íoc trí tharraingt ar mhaoiniú ranníocaíochta caipitil ón Rialtas de €581m, rud a d'fhág go raibh €728m de mhaoiniú fós de dhíth. Úsáideadh an glanmhéadú airgid thirim ar iasachtaí agus fiacha eile de €196m, mar aon le sreafaí airgid oibriúcháin dearfacha de €510m, chun an riachtanas maoinithe caipitil iarmharaigh sin a chomhlíonadh. Mar thoradh ar ghlan-insreabhadh airgid thirim eile de €4m ba ionann an t-airgead thirim agus €296m ag deireadh na bliana.

An chaoi ar úsáideadh airgead tirim in 2023 (€m)



Athbhreithniú oibriúcháin *(ar lean)*

Acmhainní caipitil

Ar an 31 Nollaig 2023 bhí na nithe seo a leanas i seilbh Uisce Éireann;

- iasachtaí iomlána tarraingthe de €814m (gan dliteanais léasa de €16m san áireamh),
- Saoráidí an Aire Airgeadais de €184m ar fáil le tarraingt in 2024,
- saoráid caipitil oibre neamhtharraingthe de chuid Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de €350m, agus
- €296m d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Amhail an 31 Nollaig 2023, tá €814m de shaoráidí iasachta Stáit, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil luaite leis an earnáil tráchtála, as sin tarraingíodh síos €201 milliún le linn 2023. Faoi réir fhaomhadh an Aire Airgeadais, tá €184m le cur ar fáil le tarraingt in 2024 le caiteachas caipiteal tráchtála a chlúdach in 2024.

Gheall Uisce Éireann go bhféachfar chuige nach mbeidh an tsaoráid caipitil oibre de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má fhaigheann Uisce Éireann cead ón Aire roimh ré leas a bhaint as an tsaoráid. Tá saoráid rótharraingthe neamhbhuan €10m ag Uisce Éireann chun cabhair a thabhairt dó chun a riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

Ar an 31 Nollaig 2023, ba é an meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta ná 1.53% (2022: 0.90%) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 8.09 bliain (2022 8.14 bliain).

Rialachas cisteáin

Is é an Bord atá freagrach as an ngníomhaíocht ciste agus a fheidhmíocht, agus comhlíonann sé an fhreagracht sin trí hathbhreithniú rialto a dhéanamh. Déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca maoirsiú ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird. Chomhlíon Uisce Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm chisteáin Uisce Éireann mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar seasaimh chisteáin ar bhealach atá drogallach roimh rioscaí. Tá cúis bhaillí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cisteáin agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh eolais maidir lenár mBeartais Bhainistíochta um Rialachas Cisteáin agus Riosca Airgeadais sonraithe i Nóta 21 sna Ráitis Airgeadais.



Foireann feidhmiúcháin



Niall Gleeson
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Eamon Gallen
Príomhoifigeach Oibriúcháin



Orlaith Blaney
Stiúrthóir Cumarsáide agus Gnóthaí
Corparáideacha



Chris McCarthy
Príomhoifigeach Airgeadais



Dawn O'Driscoll
Stiúrthóir um Dhaoine agus
Sábháilteacht



Sean Laffey
Stiúrthóir um Bainistíocht Sócmhainní
agus Inbhuanaitheacht



Michael O'Sullivan
Stiúrthóir Seirbhísí Gnó



Justin Johnston
Stiúrthóir ar Straitéis Eatramhach,
Athléimneacht agus Rialáil



Noeleen McHenry
Príomhoifigeach Dí



Richard O'Sullivan
Rúnaí na Cuideachta

Athbhreithniú oibriúcháin

Na dúshláin agus éachtaí móra in 2023

Ré spreagúil nua do sheirbhísí uisce in Éirinn

Ar an 1 Eanáir 2023, athraíodh Irish Water go hUisce Éireann, rinneadh fóntas uisce nua neamhspleách in Éirinn de agus é mar fhreagracht air gach seirbhís uisce phoiblí in Éirinn a chur ar fáil. Rinneadh an t-athrú sin mar chuid de chreat an Rialtais um Sholáthar Seirbhísí Uisce sa Toghcháin (an Creat) lena mbaineann seirbhísí agus foireann uisce a aistriú ó gach údarás áitiúil. D'oibrigh Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach as lámh a chéile chun Máistir-Chomhaontú Comhair a chur ar aghaidh chun tacú le freagracht as seirbhísí uisce a aistriú. Cloch mhíle thábhachtach sa chlár ab ea sin agus chiallaigh sé go bhféadfadh Uisce Éireann tosú ar fhorálacha an Chreata a oibríochtú.

I rith 2023, chuireamar béim ar aistriú fhoireann Seirbhísí Uisce, i dteannta le folúntais a líonadh, agus comhtháthú ár ndaoine inár n-eagraíocht roinnte nua a chumasú. Tá a obair sin ríthábhachtach chun na tairbhí a bhaineann le samhail náisiúnta fóntais a sholáthar go hiomlán le foirne áitiúla láidre a bheidh ag soláthar inár bpobail agus ar a son.

Tá an obair sin curtha i gcrích ag Foireann an Chláir um Athrú Chun Feabhais thug siad faoin aistriú a chur a i gcrích ar bhonn bhonn céimnithe, dhírigh siad a n-aird ar chobhsaíocht oibríochtaí, leanúnachas seirbhíse agus sábháilteacht na sláinte poiblí agus na mball foirne araon thar aon rud eile.



Tacú le fás agus forbairt ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Is príomhaisitheoir é Uisce Éireann i ndáil le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann tríd an infheistíocht a dhéanann sé i mbonneagar agus seirbhísí den chéad scoth. Úsáidimid cur chuige bunaithe ar fhianaise chun an ghá le sean-bhonneagar a thabhairt chun dáta a chur le hais oibreacha caipitil a dhéanamh a thacóidh le fás agus forbairt amach anseo. Tugtar aird ar fhaisnéis náisiúnta, ar bheartais agus ar pleananna a bhfuil tionchar go díreach acu ar an áit is fearr chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht, agus iad siúd atá spleách ar bhonneagar uisce phoiblí agus fuíolluisce cosúil le beartais um fhostaíocht a mhéadú, pleananna gíomhaíochta maidir le hathrú aeráide agus beartais tithíochta.

Cé go bhfuil ár gcuid píobán uisce as radharc faoi thalamh, teastaíonn an infheistíocht sin i ngeilleagar rathúil le feidhmiú an oiread céanna is a theastaíonn bóithre, ospidéal agus giniúint fuinnimh ann. Sholáthair Uisce Éireann infheistíocht chaipitil de €1,289m in 2023.

Tá ról lárnach freisin ag Uisce Éireann maidir le tacú le forbairt agus seachadadh tithíochta, faoi straitéis an Rialtais Tithíocht do Chách.

In 2023, thugamar freagraí dearfacha ar 3,008 fiosrú i ndáil le 98,369 aonad tithíochta agus d'eisíomar 4,597 tairiscint cheangail a bhain le 42,970 aonad tithíochta. Anois tá córas comhsheasmhach náisiúnta amháin againn chun tacú le seachadadh ceangal don tithíocht.

Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

Rinneadh dul chun cinn ar an Scéim um Chreidiúnú Bunaithe ar Thaithí; sa bhliain 2023, thug 19 gconraitheoirí eile faoin scéim agus anois tá 42 conraitheoirí creidiúnaithe san iomlán. Is scéim é a ligeann do chonraitheoirí creidiúnaithe le taithí, bonneagar do sheirbhísí uisce a chur ar fáil i mbóithre thar ceann forbróirí.

Tuigeann Uisce Éireann na dúshláin a bhíonn le sárú ag na céad forbróirí limistéir a oscailt chun fás a éascú agus dá réir sin chuaigh sé i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais (CRF) chun beartas a fhorbairt a rachadh i ngleic le Míbhuntáiste Céad Tionscnóra. Tar éis comhairliúcháin phoiblí tá páipéar cinnidh foilsithe ag an CRF ar féidir rochtain a fháil air ar láithreán gréasáin an CRF. Le faomhadh an CRF um scéim Lacáiste Comhroinnte Inluaite (LCI) le héifeacht ón 19 Samhain 2023, maolaítear míbhuntáistí don chéad thionscnóir agus cinntítear deiseanna cothroma do gach forbróir, lena n-áirítear forbróirí féinleagáin.

Sheolamar an feachtas um Maoirseacht agus Inbhuanaitheacht Uisce in Earnáil na Foirgníochta in 2023, agus spriocanna chun uisce a chaomhnú, an comhshaol a chosaint agus soláthar uisce a chosaint curtha chun cinn ag gach duine agus is féidir leat níos mó a léamh faoin bhfeachtas sin ar leathanach 54.

Dul chun cinn de réir cuspóirí straitéiseacha

CÁILÍOCHT

Cáilíocht uisce

Tá cosaint na sláinte poiblí ina tosaíocht d'Uisce Éireann agus tá go leor dul chun cinn déanta againn maidir le rioscaí do sholáthairtí poiblí uisce óil a aithint agus dul i ngleic leo i gcaitheamh na mblianta. I mí Lúnasa 2023, d'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí don bhliain 2022. Thuairiscigh sé go gcloíonn níos mó ná 99.7% de sholáthairtí uisce phoiblí le teorainneacha baictéara agus ceimiceacha, rud a chiallaíonn go bhfuil an soláthar uisce phoiblí sábháilte le hól.

Mar chuid dár gcuid iarrachtaí chun soláthairtí uisce phoiblí a chosaint, in 2023 rinneamar timpeall 180,000 tástáil aonair samplála agus mhéadaíomar maoirseacht ar ár gcuid ionad is mó. Foilsítear torthaí samplála do gach soláthar poiblí uisce ar ár láithreán gréasáin.

Oibríonn ár n-Ionad Náisiúnta Bainistíochta Oibríochtaí atá bunaithe i mBaile Átha Cliath 24/7 agus tá sé ag déanamh monatóireachta anois ar alármaid i 220 ionad cóireála uisce dár gcuid, a chlúdaíonn 78% den daonra a fhreastalaíonn Uisce Éireann air. Braithimid ar na gníomhaíochtaí sin chun caighdeán cháilíochta arda a choinneáil, ionas, i gcás inar gá, gur féidir linn Fógra Uisce a Fhiuchadh (FUF) nó Fógra ná hÓltar an tUisce a chur i bhfeidhm gur féidir linn cúrsaí a leigheas agus a chinntiú go bhfuil soláthairtí uisce sábháilte le hól.

Tá dúshláin dá chuid féin ag baint lenár ngealltanais a chinntiú go bhfuil uisce óil sábháilte, glan ag custaiméirí. Le dhá mhí déag anuas eisíodh 64 FUF agus cuireadh 68 FUF ar ceal, Cuireadh deireadh le 64% de na fógraí a eisíodh in 2023 laistigh de 30 lá. Seirbheáladh FUFna ar dhaonra de thart ar 250,000, agus astu siúd bhain thart ar 100,000 le FUFna réamhchúraim. Ag deireadh na bliana, bhí 11 FUF i bhfeidhm, agus tionchar acu ar dhaonra de thart ar 19,000. B'ionann iad

na Fógraí 'Uisce a Fhiuchadh' i bhfeidhm ar cheithre sholáthar agus móramh an daonra a buaileadh. Bhain na cinn ba mhó leis an nGeata Bán agus le Faing/Inbhear na Sionainne.

Coinníonn an GCC freisin liosta, ar a dtugtar an Liosta Gníomhaíochta Feabhais (LGF) de gach ionad cóireála uisce a mheastar go bhfuil baol ann go dtáirgfidh siad uisce neamhchomhlíontach. Foilsíonn sé sin dhá uair sa bhliain. Ag tús na bliana bhí 58 soláthar ar an liosta. Thugamar oibreacha chun críche ag 10 soláthar chun caighdeán an GCC a chomhlíonadh agus chuir an GCC 9 soláthar breise leis an liosta i rith na bliana.

Thugamar tús áite d'infheistíocht sna scéimeanna a sainathníodh i gcás um shárú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith i mbaol de bharr sárúithe Tríhalaimeatán (THM). Maidir leis na 74 sholáthar uisce poiblí a bhí san áireamh sa chéad litir faoi shárú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl ach cúig cinn nach bhfuil aghaidh tugtha orthu. Maidir leo siúd atá fós le leigheas, tá pleananna cuimsitheacha i bhfeidhm againn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna trí huasghráduithe nó trí chuíchóiriú ar na hionaid chóireála.

Táimid ag obair go dícheallach chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí le soláthairtí atá ar an LGF faoi láthair chun go gcomhlíonfaidh siad caighdeán an GCC lena mbaint ón liosta.

Rinneadh dul chun cinn in 2023 ar roinnt de na Cláir Oibreacha Náisiúnta:

- Glanadh agus athchóiriú taiscumar, monatóireacht teiliméadrachta ar pharaiméadair oibriúcháin chriticiúla, cláir shábháilteachta agus cláir cháilíocht an uisce.
- Críochnaíodh uasghrádú ar 9 láithreán tríd an gClár Téachta, Scagacháin agus Gléghlanadh (TSG). Áirítear leis sin



saoráidí um Théachta, Scagachán agus Gléghlanadh nua nó uasghrádaithe, scagacháin a chur isteach in ionaid sna hlonaid Cóireála Uisce d'fhonn baol na neamhghéilliúlachta a mhaolú.

- Cuireadh tús le cóireáil luaidhe in uisce óil trí ortafosfáit ag líon beag ionad cóireála uisce a chomhlíonann riachtanais na measúnithe sláinte agus comhshaoil, mar atá sonraithe i bPlean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil.

Baintear cuíchoiriú amach trí ionad dhíchoimisiúnú agus príomhphíobán uisce a chur síos agus é a cheangal le hionad cóireála eile in aice láimhe atá ag cur uisce óil ar fáil ar bhonn níos éifeachtúla agus /nó ar chaighdeán níos airde. I rith na bliana 2023, cuíchoiríodh 13 ionad cóireála.

Ar an 7 Márta 2023, shínigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndlí na hÉireann na Rialacháin nua 2023 um Uisce Óil ón

Aontas Eorpach. Tá Uisce Éireann ina bhall de Shainghrúpa Uisce Óil faoin Roinn TRÁO a chruthaíonn pleananna forfheidhmiúcháin chun géilliúlacht leis na rialacháin nua a chinntiú i gcomhréir leis na spriocdhátaí sonraithe sna rialacháin sin.

Feabhsaíonn na rialacháin nua seo rochtain ar uisce óil, tugann siad isteach measúnú ar sceitheadh, tá paraiméadair nua leo agus déanann siad nuashonrú ar roinnt luachanna paraiméadracha atá ann cheana féin, lena n-áirítear monatóireacht bunaithe ar riosca agus measúnú agus bainistíocht riosca chomh maith le monatóireacht oibríochtúil, ábhair chládaigh a dhéanann teagmháil le huisce óil agus feabhas a chur ar an eolas a thugtar don chustaiméir.

Le cinntiú go mbeidh soláthar uisce inbhuanaithe, slán agus iontaofa ag Éirinn do gach duine ar feadh na mblianta atá romhainn tá an Plean

“Shínigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na Rialacháin nua maidir le hUisce Óil de chuid an Aontais 2023 isteach i ndlí na hÉireann ar an 7 Márta 2023.”

Athbhreithniú oibriúcháin

(ar lean)



Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU), an chéad phlean dá leithéid don tír, forbartha ag Uisce Éireann. Tá sé déanta suas de cheithre Phlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce (PRAU) ina bhreithnítear níos mó á 530 crios acmhainní uisce agus ina aithnítear riachtanais aonair. Sa bhliain 2023, thugamar faoi na pleananna a bhí fágtha a fhoilsiú agus chuige sin thugamar faoi chomhairliúcháin, na pleananna a thabhairt chun chríche, glacadh leis na pleananna agus i ndeireadh báire iad a fhoilsiú. Tá ceithre cinn de phleananna ann anois do Réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre, (PRAU LT) agus don Iardheisceart (PRAU ID) agus don Oirdheisceart (PRAU OD).

Cáilíocht fuíolluisce

Tá bainistíocht éifeachtach fuíolluisce ina ina ceanglas ag sochaí an lae inniu agus

tá sé de dhualgas orainn an t-eisilteach a bhailiú agus a chóireáil sula mbeifear in ann é a chur ar ais sa timpeallacht go sábháilte.

Tá Uisce Éireann ag oibriú os cionn 1,000 ionad cóireála uisce, os cionn 2,300 stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce agus timpeall 26,000km de líonra séarachais bhréin/chomhcheangailte.

Ó bunaíodh in 2014 é, tá Uisce Éireann ag obair le cinntiú go bhfuil pobail nach bhfuil cóireáil fuíolluisce acu ceangailte le hionaid chóireála nua agus go bhfuil uasghrádú déanta ar ionaid atá ann cheana chun acmhainn agus cáilíocht na cóireála a fheabhsú.

Faoinár gclár chun deireadh a chur le scaoileadh séarachais amh a dhíbirt, tá bonneagar fuíolluisce nua tógtha

ag Uisce Éireann do 31 bhaile agus sráidbhaile áit nárbh ann dó roimhe sin, agus deireadh curtha le scaoileadh doghlactha amh-shéarachais isteach sa timpeallacht. Tá deireadh curtha le breis is 70% den scaoileadh amh-shéarachais in Éirinn anois agus táimid ag súil go gcuirfeadh deireadh, don chuid is mó, le scaoileadh amh-shéarachais faoin mbliain 2025.

Áirítear leis na clocha míle a bhaint amach in 2023, tabhairt chun críche oibreacha chun deireadh a chur le scaoileadh amh-shéarachais i gCé na Cille Móire, An Spidéal, i mBaile an Chaisleáin, Inse Geimhleach, Droichead an Chláir, Lios Ceannúir, Cill Charthaigh, sa Cheathrú Chaol, in Áth Eascrach agus Ailt an Chorráin.

Freisin coinníonn an GCC Liosta Gníomhaíochta Tosaíochta (LGT) le haghaidh limistéar ina mheasann sé go bhfuil gá le feabhsúcháin ar chóireáil fuíolluisce. Tá Uisce Éireann ag cur ar aghaidh pleananna nó measúnuithe chun déileáil leo siúd, agus in 2023 bhain sé 17 gceirtleán de, agus 80 fágtha ar an liosta. Leanaimid orainn ag tuairisciú go rialta don GCC maidir lenár ndul chun cinn.

I mbreithiúnas a tugadh ar an 28 Márta 2019, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach raibh Éire i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 12 de Threoir 91/271, maidir le cóireáil ar fhuíolluisce uirbeach ag 28 ceirtleán arna n-ainmniú ar fud na hÉireann. Mar fhreagairt, thoiligh Éire cláir mhionsonraithe oibreacha agus bearta eile a chur ar bun ionas go mbainfí amach comhlíonadh iomlán an bhreithiúnais. Is éard atá sa chlár go príomha ná tionscadail oibreacha caipitil chun na ceirtleáin ainmnithe a thabhairt i gcomhréir leis an Treoir. Críochnaíodh oibreacha ag an Rinn, Ros Comáin agus Mála le linn na bliana. Ag deireadh 2023, bhí oibreacha ar 22 de na 28 ceirtleán ainmnithe curtha i gcrích.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán inár líonraí fuíolluisce trínár bPleananna Limistéir Draenála agus táimid ag díriú ar chomhlíonadh comhshaoil, seirbhís do chustaiméirí agus fás. Tá Suirbhéanna Criticiúla na Séarach á gcur chun cinn freisin againn le Clár Tosaíochta Athshlánúcháin na Séarach a mheas.

Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne

Cuirfidh an t-uasghrádú mór ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne ar a chumas cóireáil chuig an gcaighdeán riachtanach a dhéanamh ar an líon méadaitheach fuíolluisce a thiofadh chuig an ionad, rud a chumasóidh forbairt tithíochta agus tráchtála amach anseo.

Tá ceithre phríomheilimint ag baint leis an tionscadal uasghrádaithe:

1. Soláthar saoráide uasghrádaithe acmhainne le laghdú cothaitheach (coibhéis daonra 400,000).
2. Uasghrádú ar na 24 umar cóireála tánaisteach atá ann cheana féin chun acmhainn bhreise a sholáthar.
3. Saoráid athshlánaíthe fosfair nua a sholáthar.
4. Leathnú ar áiseanna cóireála sloda an ionaid.

Leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn leis an tionscadal uasghrádaithe de réir an phlean i rith 2023 agus leanadh ar aghaidh le hoibreacha ar uasghrádú ar na 24 humar tánaisteach cóireála chun acmhainn bhreise agus laghdú cothaitheach a chur ar fáil. Freisin thug Uisce Éireann chun críche an tsaoráid aisghabhála fosfair nua agus leanadh ar aghaidh chun dul chun cinn maith a dhéanamh maidir le saoráidí cóireála sloda an ionaid a mhéadú.

Faoi dheireadh 2023, bhí an bonneagar chun an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh do choibhéis daonra de 2.1 milliún críochnaithe. Faoi dheireadh 2025, beidh Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne in ann cóireáil a dhéanamh ar fhuíolluisce do suas le coibhéis daonra de 2.4 milliún agus cloí leis na caighdeáin éigeantacha ag an am céanna, agus beidh na hoibreacha tánaisteacha eile críochnaithe in 2026.

CAOMHNÚ

Cailtear cuid mhór d'uisce óil na hÉireann trí sceitheadh sula sroicheann sé ár sconnáil. Is féidir leis a bheith deacair sceitheadh a aimsiú toisc go dtarlaíonn sé san oll-ghréasán píobán casta faoi thalamh. Tá cuid mhór de na píobáin seo sean agus damáistithe agus caithfear iad a dheisiú nó a athsholáthar chun ár gcáilíocht agus ár soláthar uisce a fheabhsú.

Leis an gclár um laghdú ligan baineadh amach oll-choigilteas sceite de 169 meigilítear in aghaidh an lae trí hathchóiriú na bpríomhphíobán, idirghabhálacha caipitil, agus sceitheadh a dheisiú. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an ríomh sceite glan tar éis sonraí nua Dhaonáireamh 2022 a fháil ón bPríomh-Oifig Staidrimh le déanaí. Ciallaíonn sé sin nach mbeimid in ann tuairisciú ar an nglanfhaidhmíocht sceite le haghaidh 2023 agus an tuarascáil seo á síniú. Cé go mbaineann dúshlán leis, tá Uisce Éireann dírithe fós ar choigiltis sceite a bhaint amach agus tá sé tiomanta do spriocanna 2030 a chomhlíonadh, d'ainneoin na ndúshlán faoi láthair maidir le hacmhainn agus maidir leis an slabhra soláthair.

Le linn tréimhsí adhairsire, déanann Uisce Éireann monatóireacht ar na leibhéil i ngach crios soláthair uisce agus cuireann sé faisnéis ríshoiléir ar fáil maidir le haon deacrachtaí áitiúla de réir mar a thagann siad chun cinn chun éileamh a laghdú agus soláthairtí a chosaint.

Freisin leanamar lenár gcomhpháirtíochtaí agus ár n-urraíocht fhadtéarmach ar thionscnaimh mar Scoileanna Glasa agus Chóstaí Glasa agus feachtais 'Smaoinigh roimh Shruhlú i rith 2023, chun feachtas shóisialta a ardú agus cinnteoireacht níos fearr a chur chun cinn maidir le cosaint agus caomhnú uisce (féach ar leathanach 54). Mura n-úsáidimid ach an méid atá uainn, féadaimid go léir páirt a ghlacadh i gcosaint ár gcuid uisce dár dtodhchaí.

Athbhreithniú oibriúcháin

(ar lean)

CÚRSAÍ A DHÉANAMH SEASMHACH I LEITH NA TODHCHAÍ

In 2023, d'fheabhsaíomar athléimneacht seirbhíse uisce agus fuíolluisce. Freisin chuireamar le hacmhainn cóireála uisce agus fuíolluisce trí hionaid nua a thógáil nó cinn atá ann cheana a uasghrádú. Freisin leagamar príomhphíobán uisce agus príomhphíobán séarachais nua agus rinneamar athchóiriú ar na líonraí atá ann cheana. Tá srianta acmhainne i gceist, afach, maidir le seirbhíse uisce agus fuíolluisce i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is éard a bheidh de dhíth do réiteach fadtréimhseach ná, laghdúithe leanúnacha sceite, acmhainn cóireála uisce nua, agus foinse nua uisce do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath mar aon le hacmhainn sa bhreis chun cóireáil a chur ar an bhfuíolluisce. Nuair a chuirfear an Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le chéile, soláthrófar méadú riachtanach ar acmhainn seirbhíse.

Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre

Tá roinnt dúshlán tromchúiseach roimh an soláthar uisce i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre.

Faoi láthair is í aon fhoinsé amháin, An Life, a fhreastalaíonn ar 85% de na riachtanais uisce le haghaidh 1.7 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC). Mar thoradh ar an spleáchas sin ar an Life (agus an dá phríomhionad cóireála uisce, an Baile Mór agus Léim an Bhradáin), is mór an leochaileacht do rioscaí cosúil le tréimhse fada triomaigh agus/nó éilliú. Táthar ag cur suas gach uile lá leis an mórghaol sin agus níl a sárú ar fáil ach foinse uisce nua neamhspleách do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Le fás an daonra, fás eacnamaíoch agus athrú aeráide déanfar níos measa fós dúshlán soláthair uisce an réigiúin.

Tá an Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre mar chuid lárnach de straitéis fhadtéarmach Uisce Éireann chun athléimneacht soláthair agus leibhéil seirbhíse a mhéadú sa réigiún trí fhoinsé nua uisce a chruthú le freastal ar éilimh soláthair go dtí 2050. Soláthróidh an Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre foinse shlán soláthair do 37 soláthar breise sa Mhí, i gCill Mhantáin, i gCeatharlach, san Iarmhí, in Uíbh Fhailí agus i dTiobraid Árann. Ceadófar bainistíocht agus rialuithe oibriúcháin níos doichte ar cháilíocht uisce. Le hidirnascaidh soláthairtí tabharfar slándáil soláthair níos fearr do gach custaiméir toisc gur gnách go mbíonn pátrúin éagsúla báistí i gceist ar fud na tíre, agus trínar gcuid soláthairtí a idirnascaidh ar fud réigiún mór laghdaítear an leochaileacht d'imeachtaí triomaigh agus beidh ar ár gcumas imeacht ó sholáthar uisce a chur ar fáil ó fhoinsí nach bhfuil leordhóthanach chun na méideanna a bhíonn ag teastáil a sholáthar i rith imeachtaí aimsire tirime. Trí fhoinsí cuí soláthair a chur ar fáil, amhail Abhantrach an Phairtín, le haghaidh na limistéar sin cumasófar fás agus forbairt eacnamaíoch ar fud na réigiúin agus ceadófar solúbthacht maidir le pátrúin fáis sa todhchaí má theastaíonn.

Tá staidéir fairsinge timpeallachta déanta ag Uisce Éireann agus plé déanta aige le 1,500 páirtí leasmhar aige tríd na ceithre bhabhta de chomhairliúchán neamhrechtúil, lena n-áirítear leis na húinéirí talún atá i gceist.

In 2023, cuireadh réamhchás gnó faoi bhráid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar chuid dá mheasúnú ar an tionscadal faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Déanfar babhta breise de chomhairliúchán neamhrechtúil sula gcuirfear iarratas pleanála ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh faoi bhráid an Bhoird Phleanála i R4 2024, faoi réir spleáchas seachtrach.

Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Tá sé ríthábhachtach bonneagar leordhóthanach fuíolluisce a bheith ann chun tacú le fás inbhuanaithe pobal agus gnó agus an timpeallacht a chosaint. Faoi láthair, tá 1.9 milliún duine nó 40% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí agus ag obair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Faoi 2040, meastar go mbeidh 450,000 duine sa bhreis in éineacht leo. Ciallaíonn fás leantach ar dhaonra agus méadú ar ghníomhaíocht tráchtála go dtuairtar go méadóidh an méid fuíolluisce arna ghiniúint i mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi níos mó ná 50% i gcaitheamh na 30 bliana atá le teacht.

Is é atá i gceist le Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath saoráid nua um chóireáil fuíolluisce a thógáil i mBaile Átha Cliath thuaidh, chomh maith leis an mbonneagar gaolmhar chun freastal ar chodanna de Bhaile Átha Cliath, den Mhí agus de Chill Dara. Soláthróidh an bonneagar nua sin acmhainn bhreise chóireála a bhfuil géarghá leis don réigiún, nuair a shroichfidh an tsaoráid cóireála fuíolluisce is mó sa tír sa Rinn a chumas uasta uasghrádaithe níos deireanaí sna 2020idí.

Tar éis gur leag an Ard-Chúirt cúram arís ar mBord Pleanála (ABP) as an iarratas pleanála tionscadail in 2021 chun cinneadh úr a fháil, anuraidh chuir Uisce Éireann isteach freagra sonrach ar iarratas ó ABP a thug deis dúinn, áit ba chuí, nuashonrú a dhéanamh ar Thuairiscáil na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus ar Ráiteas Tionchair Natura chomh maith le faisnéis eile ar bith a leagadh isteach. Cuirfidh an Bord Pleanála cinneadh ar fáil maidir leis an iarratas pleanála a tarchuireadh in am trátha.



Uisce
Éireann
Irish Water



Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht

Baineann inbhuanaitheacht leis an bpláinéad a chosaint, le hathrú aeráide a stadadh agus forbairt shóisialta a chur chun cinn gan an saol ar an domhan a chur i mbaol ná duine ar bith a fhágáil inár ndiaidh. Féachtar léi chuig freastal ar ár gcuid riachtanas reatha gan acmhainní a chur i mbaol le haghaidh na nglúinte atá le teacht. Is fóntas náisiúnta um sheirbhísí uisce poiblí é Uisce Éireann atá freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí ar fud na hÉireann; a bhfuil de dhualgas air agus a bhfuil de spreagadh ann an rud ceart a dhéanamh ar son an chomhshaoil. Is í fíís ár n-eagraíochta ná Éire inbhuanaithe ina dtugtar meas ar uisce agus ina chosnaítear é, don phláinéad agus do gach beatha a dtacaíonn sé léi.

In Uisce Éireann, táimid tiomanta d'inbhuanaitheacht sheirbhísí uisce na hÉireann a fheabhsú, agus ár gcion a dhéanamh chun todhchaí níos inbhuanaithe a thógáil. In 2023, bhunaíomar Grúpa Stiúrtha nua don Inbhuanaitheacht chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Tá ionadaíocht ilréimsiúil aige agus é freagrach as iarrachtaí inbhuanaitheachta na bhfoirne ionadaíochta agus na stiúrthóireachta a stiúradh sa treo céanna leis an straitéis agus an gclár oibre inbhuanaitheachta. Tháinig sé sin chun cinn mar thoradh ar athbhreithniú agus nuashonrú ar ár straitéis inbhuanaitheachta, a cuid príonsabal agus cleachtas, agus béim láidir ar sheasamh a chumasóidh dúinn fóntas ísealcharbóin, éifeachtach agus inbhuanaithe a bhaint amach. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú iomlán críochnaithe in 2024, tosóidh Uisce Éireann ar an straitéis sin a chur i bhfeidhm, agus déanfaidh sé monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht de réir spriocanna.



Cúrsaí Inbhuanaitheachta a Rialáil

An Bord

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

- Monatóireacht a dhéanamh ar na próisis tuairiscithe inbhuanaitheachta agus sláine an tuairiscithe.
- An Bord a chur ar an eolas faoi thoradh an dearbhairthe ar thuairisciú inbhuanaitheachta.

An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta

- An straitéis inbhuanaitheachta a athbhreithniú agus a cheistiú ar bhealach cuiditheach agus í a mholadh don Bhord lena faomhadh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht i gcoinne cuspóirí inbhuanaitheachta.

POF agus Feidhmeannacht

Pleanáil agus Rialú Airgeadais

Grúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta

Is í ár Sprioc Inbhuanaitheachta an inbhuanaitheacht a chur chun tosaigh sa chinnteoireacht go léir, agus spriocanna agus tionscnaimh an chreat inbhuanaitheachta a chumhdach ar fud Uisce Éireann.

Comhar agus Nuálaíocht

Tá comhar ríthábhachtach chun go mbeidh Uisce Éireann in ann a straitéis inbhuanaitheachta agus a chuid spriocanna a bhaint amach. Is eol dúinn má ghlactar le cur chuige comhoibríoch i dtreo oibriú le páirtithe leasmhara, leis an tionscal agus le piaraí, gur fearr a bheimid in ann an clár oibre inbhuanaitheachta a chomhlíonadh. Tá sé ar intinn againn Comhar a áireamh mar cholún lárnach inár straitéis inbhuanaitheachta.

Bhí áthas orainn bheith aitheanta ag gradaim L&DI um Fheabhas san Fhoghlaim tríd an “Gradam don Chomhar L&D is Fearr” a bhaint, lena dtarraingítear aird ar ár gcomhpháirtíocht rathúil le 20FIFTY Partners agus an Lean & Green Skillnet dár gClár Stiúrtóireachta Uisce.

Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht na nuálaíochta ó thaobh clár oibre na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn. Chun é sin a aithint tá ár bhfoireann nuálaíochta mar chuid den fheidhm

chéanna le hinbhuanaitheacht anois. I rith 2023, leag an fhoireann amach fíis nua chun cultúr nuálaíochta a fhorbairt ar fud earnáil an uisce. Faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 100 tionscnamh idir lámha trí chomhair ilréimsiúla, Éireannacha, AE agus RA a phléigh le gach téama straitéiseach ag gach céim ó thaighde go céim phiólótach agus tionscadail atá ag éirí níos mó agus ag baint amach torthaí ar féidir a thomhas. Tá próisis nua, rialachas ilréimsiúil agus PTFanna curtha i bhfeidhm chun an tionchar a thomhas agus a léiriú.

Comhshaol

Tá freagracht ar Uisce Éireann chun a áirithiú go bhfaigheann ár gcuid custaiméirí go léir soláthar sábháilte agus slán uisce óil agus go ndéantar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil go cuí agus a chur ar ais sa timpeallacht go sábháilte. Agus sinn ag dul i ngleic leis an dúshlán aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht a chumhdach, bhí an-áthas orainn dhá ard-ghradam a fháil i rith 2023 mar

Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht
(ar lean)



aitheantas dár gcuid iarrachtaí chun an Timpeallacht a fheabhsú. I bhFeabhra, bronnadh Gradam Ghlas orainn as ‘Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana’. Tá na Gradaim Ghlasa ina bpríomhardán um inbhuanaitheacht, faisnéis, ceannaireacht agus nuálaíocht sa dea-chleachtas glas in Éirinn lena n-aithnítear ról agus gealltanas eagraíochtaí i dtreo todhchaí níos glaise. Freisin bhaineamar an Gradam Gnóthais Inbhuanaithe de chuid Chambers Ireland don Timpeallacht i mí Mheán Fómhair. Léirítear leis na gradaim sin ár dúthracht gan staonadh maidir le hInbhuanaitheacht seirbhísí uisce a fheabhsú agus ár ngealltanas straitéiseach a chomhlíonadh mar atá luach a leagan ar ár dtimpeallacht agus í a fheabhsú.

Astaíochtaí GCT i ndáil le Fuinneamh Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (PGA 23) rinneadh athbhreithniú ar an sprioc shingil le haghaidh iomlán na n-astaíochtaí GCT agus é roinnte ina dá sprioc ar leith atá gaolmhar. Tá sainordú tugtha d’Uisce Éireann anois chun a chuid astaíochtaí GCT bainteach le fuinneamh a laghdú faoi 51% le haghaidh a fhuinnimh iomláin agus a fhuinnimh neamhleictreachais.

Tá dul chun cinn dearfach á dhéanamh againn go fóill maidir le GCT a laghdú. Baineadh é sin amach trí chlár leanúnach Phlean Gníomhaíochta Fuinnimh, sraith chuimsitheach de 18 bplean lena gclúdaítear bainistíocht fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh chaipitiúil, éifeachtúlacht fuinnimh oibriúcháin, fuinneamh in-athnuaite agus aistriú nuálaíochta fuinnimh. Déantar gach plean á rátáil ag úinéir an ghnóthais inmheánaigh ar bhonn ráithiúil i dtéarmaí dul chun cinn agus déanann an fhoireann inbhuanaitheachta athbhreithniú air. Rinneadh Caihdeán athbhreithnithe um Dhearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a fhorhmeas freisin in 2023 ag an bhFóram Teicniúil ar Thimpeallacht agus Uisce de chuid Uisce Éireann.

Tugann an ÚFIÉ tuarascáil gach bliain ar dhul chun cinn na hearnála poiblí i dtreo spriocanna Phlean Gníomhaithe na hAeráide (PGA 23) a bhaint amach. I dtuarascáil 2023 (sonraí 2022) tugtar rátáil ‘maith’ do laghdú ar astaíochtaí de 21% i gcomparáid leis an mbonnlíne (ó 15% in 2021).

Tá tabhairt isteach na price neamhleictreachais tánaistí tar éis sinn a spreagadh chun aird a dhíriú arís ar ár n-ídiú fuinnimh neamhleictreachais (teirmeach agus iompair).

Áirítear leis an straitéis maidir le; flít ísealcharbóin atá tíosach ar fuinneamh a thógáil, tiomantas do roghanna leictreacha a chur in ionad na bhfeithiclí tráchtála éadroma go léir, rud a fhágann go bhfuil in éineacht le straitéis chuimsitheach breosla, dícharbónú ár bhfuinneamh iompair ar an mbóthar ceart. É sin ráite, mar gheall ar ídiú teirmeach na gceanglas triomaithe in Ionaid Cóireála Fuíolluisce, tá ár n-astaíochtaí GCT neamhleictreachais, mar a thuiriscigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ*), fós taobh thiar den sprioc in ainneoin an fheabhais a tháinig air ó +42% in 2021 go +13% in 2022. Le linn 2024, beimid ag cur pleananna chun cinn chun ídiú fuinnimh neamhleictreachais – teirmeach – a laghdú.

Le linn 2023, chuireamar tús leis an réamhobair a theastaíonn chun an litir ghealltanais fhoirmiúil riachtanach a chur isteach chuig próiseas fíoraithe neamhspleách na sprice glan-nialasachta, rud a chuireann tionscnamh na Sprice Bunaithe ar an Eolaíocht i gcrích. Tá sé beartaithe againn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh air seo in 2024. Tá an cur chuige a ghlacamar chun an lorg carbóin oibriúcháin a chainníochtú bunaithe ar leabhar oibre chaighdeánaithe 'UK Water Industry Research Ltd.' agus ar mhodheolaíocht chun GCTanna oibriúcháin an tionscail uisce a chainníochtú, agus úsáid á baint as uirlis dá ngairtear an Leabhar Oibre na Cuntasaíochta Carbóin atá bunaithe ar an bPrótacal GCT.

Le linn na bliana bhíomar i dteagmháil leis na soláthraithe, na fochonraitheoirí agus na soláthraithe ábhair arb ionann iad agus 70% dár gcaiteachas. Maidir leis an mblain 2024, tá sé beartaithe againn leanúint le teagmháil a dhéanamh leo agus sinn ag iarraidh feabhas a chur ar thuairisciú ár n-astaíochtaí carbóin, lena n-áirítear astaíochtaí (Slabhra Soláthair) Scóip 3.

Éifeachtúlacht fuinnimh Tugtar sainordú d'Uisce Éireann freisin, trí Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030.

Tomhaiseann an táscaire feidhmíochta fuinnimh – EnPI – feidhmíocht fuinnimh trí ídiú príomhfuinnimh iomlán na heagraíochta a roinnt de réir méadraigh gníomhaíochta, i gcás Uisce Éireann, is é sin an daonra ar a bhfreastalaítear. Sa tuarascáil is déanaí (sonraí 2022), leanann ÚFIÉ ar aghaidh leis an athrú táscaire -30% a aicmiú mar rud 'maith' (-30% in 2021). Táimid tiomanta fós do sprioc 2030 a bhaint amach.

*Tuarascáil Bhliantúil ÚFIÉ le haghaidh 2023 ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí.

Fuinneamh In-athnuaite Ní mór go n-áireofaí lenár mbealach chun Glan-nialas a bhaint amach a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite chun astaíochtaí iarmharacha a fhrithchothromú ó dháta sprice an charbóin glan-nialasaigh.

Rinneamar measúnú cuimsitheach ar an acmhainn le haghaidh PV gréine agus bithgháis ar fud ár mbonn sócmhainní i rith na bliana. Bunaíodh grúpa oibre um Optamú Bithgháis chun iniúchadh a dhéanamh ar an deis chun bithghás a tháirgeadh agus a ídiú.

Truailliú Ag deireadh 2023, thuairiscigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur shreabh fuíolluisce neamhchóireáilte ón gcoibhéis le thart ar 47,000 duine i 19 mbaile agus sráidbhaile isteach sa timpeallacht.

Tá sé i gceist againn naoi gcinn de na limistéir seo a nascadh le hionaid cóireála faoi dheireadh 2025, agus cóireáil á fáil ag na limistéir eile idir 2027 agus 2030.

An Bithéagsúlacht Braitheann cumas Uisce Éireann seirbhísí inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a sholáthar go mór ar éiceachóras nádúrtha agus bithéagsúlachta.

Aithnímid an gá atá le hiarrachtaí a mhéadú agus a luathú chun deireadh a chur le meath na bithéagsúlachta, tacaímid leo, agus táimid tiomanta lena chinntiú go ndéanaimid bonneagar a thógáil agus a bhainistiú go freagrach ionas go gcosnófar ár n-éiceachórais agus nuair is féidir, iad a fheabhsú.

Tá buntáistí na bithéagsúlachta soiléir i dtaobh ghnéithe cáilíochta ár n-uisce óil a chosaint agus cóireáil fuíolluisce bogaigh a sholáthar.

Forbraíodh ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta chun cabhrú linn an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú, a fheabhsú agus oibriú léi. Cuireann sé na huirlisí ar fáil chun gach láithreán a bhainistiú ar bhealaí a rachaidh chun tairbhe agus a chuirfidh le bithéagsúlacht agus a chuirfidh bearta feabhsaithe in oiriúint chun teacht le gach láithreán ar leith.

Tá Uisce Éireann ag cur níos mó 'réitigh nádúrbhunaithe' chun cinn go gníomhach inár bpleananna agus inár dtionscadail chun tionchar a sheachaint agus chun leas ar an mbithéagsúlacht a dhéanamh: Bogaigh Thógtha Chomhtháite, Giolcarnaigh Triomaithe Sloda, Bogaigh uisce stoirme, Córais uisce na Draenála Inbhuanaithe Uirbí (SUDanna), Scagaire Snasaithe Giolcarnach agus GrassCrete.

Rinneamar an méid seo a leanas in 2023:

- >45,000 crann curtha faoi Scéim Choillearnach na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Taifead déanta de bhearta feabhsaithe Bithéagsúlachta ar >250 láithreán.
- Níor measadh aon stádas glanchailteanas maidir le >90% de na tionscadail a cuireadh isteach le haghaidh cead pleanála.

Geilleagar Ciorclach Ceann de phríomhphrionsabail an gheilleagair chiorclaigh é eisiaimh dramhaíola a áirithiú sa deardh. Tá an acmhainn ann réimse leathan tairbhí timpeallachta, sóisialta agus airgeadais a chur ar fáil agus tá sé ríthábhachtach i leith ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú.

Ar cheann de na príomhphríosaí oibre a rinneadh dul chun cinn ann le linn 2023 bhí Caighdeán Dearaidh an Gheilleagair Chiorclaigh (CDGC). Leagann sé an chaoi amach a bhfuil sé beartaithe againn sócmhainní a phleanáil, a dheardh, a thógáil agus a oibriú ar bhealach a chinntíonn go ndéantar geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht acmhainní agus cineálacha cur chuige

Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht

(ar lean)

bainistíochta dramhaíola inbhuanaithe a chomhtháthú ar fud thionscadal Uisce Éireann agus shaolré.

Tá sé ina cheanglas dlí ar Uisce Éireann tuiscint a fháil ar an méid dramhaíola Tógála agus Scartála a ghintear agus an chaoi a ndéantar é a chóireáil – a athchúrsáil, a athúsáid, a aisghabháil nó a dhiúscairt.

Léirigh measúnú ardleibhéil a rinneadh, le linn 2023, maidir le sonraí 2022 go bhfuil ár ráta aisghabhála thart ar 70% faoi láthair agus go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh againn i dtreo na sprice 'Dramhaíl in-aisghabhála nialasach go líonadh talún faoi 2025'.

Sóisialta

Déanaimid tionchair ár ngnó ar fhostaithe, ar chustaiméirí agus ar phobail, a bhainistiú agus a shainnaint do réamhghníomhach. Táimid tiomanta do chinntiú go bhfégtar oidhreacht dhearfach fhiúntach inár ndiaidh sna pobail ina n-oibrímid. Lean Uisce Éireann de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí láidre agus cláir phobail. Cuireann na cláir sin iompar dearfach chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce agus fuíolluisce i dtithe agus i ngnólaíochtaí, agus méadaíonn siad feasacht ar cheisteanna a bhaineann le huisce agus na tairbhí a bhaineann le hathruithe simplí dearfacha a dhéanamh.

Tús Áite a Thabhairt don tSábháilteacht

In ainneoin na béime leanúnaí ar shábháilteacht, meabhraítear dúinn go mbaineann riosca lenár ngníomhaíochtaí agus go bhfuil an bhaol ann i gcónaí go ndéanfaí díobháil. Ar an 16 Eanáir 2023 tharla tragóid, bhain timpiste mharfach do thiománaí seachadta sheachtraigh fad is a bhí píobán á dhílódáil ag láitheáin um Bonneagar a chur ar fáil. Ghlac Uisce Éireann roinnt beart lena n-áirítear cruinniú ag leibhéal na Feidhmeannachta

Sinsearaí leis an bpríomhchonraitheoir inar eisíodh foláireamh sábháilteachta do chomhpháirtithe seachadta Uisce Éireann uile maidir leis an timpiste. Le linn Laethanta Sábháilteachta an Tionscail Uisce i mí na Bealtaine, tugadh cur i láthair do bhreis is 380 rannpháirtí ar na guaiseacha agus ar na rialuithe a bhaineann le lódáil agus dílódáil.

Ár nDaoine

Sábháilteacht

Tá Uisce Éireann tiomanta do chultúr na sábháilteachta a fheabhsú trí na tionscnaimh 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte' (ÁOSBS), atá deartha chun a chinntiú go bhfuil an t-údarás ag an bhfoireann agus ag comhpháirtithe seachadta tosaíocht a thabhairt maidir le bealaí sábháilte bheith ag obair.

Baineadh garsprioc gan fasach amach in 2023, le breis agus 8 milliún uair an chloig oibrithe ó ghortú is cúis le haga díomhaoin deireanach fostaí i mí na Nollag 2018. Is toradh díreach é sin ar an tiomantas chun an fhís 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte' a bhaint amach agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun tús áite a thabhairt do shábháilteacht.

Faomhadh an plean straitéiseach 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte' ag an mBord in 2023 agus cuirfear é i bhfeidhm sna trí bliana atá romhainn. Aithnítear na dúshláin sábháilteachta eagraíochtúla sa phlean straitéiseach seo agus díríonn sé ar an méid seo a bhainistiú trí phríomhchóilún lena n-áirítear sócmhainní sábháilte, bealaí sábháilte a bheith ag obair, agus comhpháirtithe seachadta sábháilte.



Cuireadh tús leis an tionscnamh "An bhfuil Mé Sábháilte?" i mí na Bealtaine agus tréimhse scoir i ndáil le foirne comhpháirtí seachadta go léir ar an 6

Meitheamh, chun béim a chur arís ar an ngá atá le sábháilteacht aonair agus comhchoiteann. Lean an tionscnamh seo ar aghaidh i rith na bliana le breis agus 40 cruinniú ag leibhéal an Stiúrthóra le comhpháirtithe seachadta maidir le feidhmíocht sábháilteachta. Rinneadh comhoibriú forleathan leis an tionscal tógála níos leithne agus le fónais chun feidhmíocht sábháilteachta Uisce Éireann a thagarmharcáil. Tá tionchar dearfach ag na gníomhaíochtaí seo ar chultúr na sábháilteachta agus ar ardú na gcaighdeán sábháilteachta ar fud an tionscail uisce.

Bhí 1,757 comhrá ann faoin sábháilteacht i rith na bliana, chun a chinntiú go ndéantar an cultúr 'Áit Oibre Sábháilte, Baile Sábháilte' leabú. Mar thoradh ar ár dtionscnaimh Meabhairshláinte agus Folláine, tá méadú ar líon na nGarchabhróirí Meabhairshláinte oile (114 faoi láthair) agus spreagtar an fhoireann i gcónaí chun nósanna sláintiúla a chruthú trí thionscnaimh amhail 'Time to Talk' agus ár 'n-ardán folláine digiteach'.

Le linn 2023, rinneadh fostóir d'Uisce Éireann faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 d'fhoireann seirbhíse uisce i 30 Údarás Áitiúil. Cuireadh oiliúint chúil sábháilteachta ar fáil don fhoireann ar fad chun ligean dóibh a bhfreagrachtaí sábháilteachta nua a chomhlíonadh. Ina theannta sin, reáchtáladh an chéad Chomhdháil chomhoibríoch Sláinte agus Sábháilteachta de chuid Uisce Éireann agus i Limistéar Seirbhíse Uisce de chuid Údarás Áitiúil, comhdháil ar fhreastail breis is 300 duine uirthi, i mí Dheireadh Fómhair.

Déanann colúin ÁOSBS na luachanna sábháilteachta inár ngníomhaíochtaí a leabú trí uirlisí inlámhsithe a sholáthar don fhoireann agus do chomhpháirtithe seachadta chun tacú leo ina leith. Tá an córas bainistíochta sláinte agus

sábháilteachta – ÁOSBS bunaithe ar chaighdeán aitheanta (deimhniú ISO 45001) maidir lena chóras bainistíochta sábháilteachta agus dheimhnigh páirtí seachtrach é. Tá feidhm aige ar 100% dár lucht saothair féin agus ar aon duine a oibríonn faoi bhainistíocht agus rialú díreach Uisce Éireann.

Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Fostaíonn Uisce Éireann beagnach 1,500 duine, a sholáthraíonn seirbhísí uisce agus fuíolluisce in éineacht le thart ar 2,800 ball foirne in Údarás Áitiúla a oibríonn ar son Uisce Éireann. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht i measc ár lucht saothair.

Agus é ina chúigiú bliain anois, tá clár oibre Éagsúlacht agus ionchuimsiú (D&I) ibelong de chuid Uisce Éireann á rialú ag Comhairle D&I Uisce Éireann, fóram ilréimsiúil il-leibhéil fostaithe, faoi mhaoirseacht Urraíocht na Feidhmeannachta. Tá Comhairle D&I Uisce Éireann agus clár oibre ibelong ríthábhachtach do sheachadadh THRIVE agus sinn ag iarraidh ‘Leas a Bhaint as Cultúr Sábháilte, Éagsúil, Ionchuimsitheach’, ar shlí a mbíonn an údarás ag ár ndaoine agus iad ar barr a bhfeidhmíochta.

Tá ról nach beag ag ibelong a chinntiú go mothaíonn an fhoireann muinteartha agus ionchuimsithe ina gcróithe istigh de réir mar atá Uisce Éireann ag athrú agus ag fás agus foireann na seirbhísí uisce ag teacht ar bord agus cultúr nua na nua-eagraíochta á fhorbairt. Tugann cuid mhaith den obair a cuireadh i gcrích in 2023 aghaidh ar an ngá atá le plean straitéiseach D&I nua, comhtháite maidir le clár oibre ibelong a mhúnlú ó 2024 go 2026 de réir mar a athraíonn agus a fhorbraíonn déimeagrafaigh fostaithe Uisce Éireann.



I mbliana bhí sraith forbairtí nua beartais chomh maith le forbairt leanúnach ar chomhpháirtíochtaí seachtracha. Lean na grúpaí acmhainní fostaithe D&I ag fás agus ag forbairt agus an cúigiú líonra ibelong curtha leo, Líonra Cumais ibelong, a raibh fáilte acu roimhe.

Ar cheann de bhuaicphointí 2023, bhí forbairt ar Bheartas Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Uisce Éireann, a chuireann lenár dtiomantas do D&I, agus a threoraíonn Uisce Éireann chun cultúr ionchuimsitheachta a chothú. I measc na mbeartas eile a tugadh isteach le déanaí tá Beartas Meanapáis Uisce Éireann.

“Léim Uisce Éireann 137 áit i rangú ‘gradireland’ i mbliana, rud a chuireamar ar an 46ú fostóir céimithe is tarraingtí in Éirinn.”

Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht

(ar lean)

Chun a chinntiú go mbíonn ionad oibre ann a chuimsíonn comhghleacaithe ban, tacaíonn Uisce Éireann anois le Dínit Míostraithe agus táirgí sláintíochta á soláthar i ngach saoráid leithris do mhná.

Leanann Uisce Éireann de bheith ag cloí le Cairt Éagsúlachta na hÉireann, Gealltanais Feabhsaithe an Ghnó i bPobal na hÉireann (BITCI), Gealltanais an Ionaid Oibre Chuimsithigh agus comhoibríonn sé le taighde agus sonraí ardáin UK Water Industry Research (UKWIR) ar dhéimeagrafaigh an lucht oibre i bhfóntas uisce sa Ríocht Aontaithe & in Éirinn.

Tomhaiseann an t-innéacs D&I seintimint na bhfostaithe maidir le hionchuísiú agus tuairiscítear ina leith go bliantúil mar chuid de rannpháirtíocht fostaithe. Is ionann an scór do 2023 agus 84%, figiúr atá 3% os cionn mheán náisiúnta na hÉireann, de réir an tagarmhairc ó sholáthraí shuirbhé rannpháirtíochta fostaithe Uisce Éireann.

An Bhearna Phá idir na hInscní Tá sé ina gné thábhachtach de chlár oibre D&I Uisce Éireann aghaidh a thabhairt ar ár Bearna Phá idir na hInscní, agus sinn ag déanamh ár ndícheall ionadaíocht na mban a mhéadú ar gach leibhéal agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht á cruthú againn ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu ag an obair agus go n-aithnítear iad ag an obair.

Is ionann an Bearna Phá idir na hInscní agus an difríocht idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huair ar fud na heagraíochta. Táimid ag tuairisciú gurb ionann meánbhearna phá idir fir agus mná agus 9.16% i mbliana, rud a chiallaíonn go dtuilleann

fir, ar an meán, 9.16% níos mó ná mná, bunaithe ar gach leibhéal eagraíochta. Is méadú é seo ar an mbearna de 7.37% a ndearnamar tuairisciú uirthi in 2022. Príomhspreagadh den GPG is ea an méadú ar ionadaíocht na bhfear ar an iomlán, agus ar leibhéal éagsúla na heagraíochta, lena n-áirítear i róil ceannaireachta. Aithnímid go bhfuil éagothroime inscne i ndisciplíní ETIM, ní hamháin laistigh d'Uisce Éireann ach inár dtionscal i gcoitinne. Tá tionchar aige sin ar ár gcumas mná a mhealladh agus a earcú chuig róil oibriúcháin agus innealtóireachta laistigh dár n-eagraíocht, agus tá níos mó ionadaíochta againn d'fhir freisin i róil oibriúcháin ag a bhfuil sceidil oibre neamhchaighdeánacha a thabhaíonn fócaíochtaí breise. Táimid tiomanta do ghníomhartha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air seo agus chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'ár dtairiscint maidir le luach fostaíochta a thógáil chun níos mó iarrthóirí bainearna a mhealladh, agus infheistíocht a dhéanamh freisin i gclár forbartha tallainne na mban d'fhostaithe atá ann cheana féin.

Custaiméirí agus Pobail

Táimid tiomanta i leith freastail ar ár gcustaiméirí agus do phobail a chur faoi bhláth trí bhonneagar ríthábhachtach a uasghrádú agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach chun tacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt inbhuanaithe, chun uisce óil sábháilte a chur ar fáil, agus chun an timpeallacht a fheabhsú.

Mar chuid dár gclár 'custaiméir ar dtús', chuamar i dteagmháil le 180,000 custaiméir tráchtála an samhradh seo agus costais réamh-mheasta uisce á leagan amach againn agus comhairle á tabhairt ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil lena n-áirítear an chaoi ar féidir rochtain a fháil ar an gclár. Is féidir linn ár gcuspóirí inbhuanaitheachta go léir a bhaint amach trí oibriú le chéile.

Aithnímid agus tuigimid an mhíchaoithiúlacht agus an cur isteach a bhíonn i gceist le bristeacha uisce. Tuigimid freisin an tábhacht a bhaineann lenár gcustaiméirí a choinneáil ar an eolas.

I mí Mheán Fómhair, bhíomar ag comhoibriú le grúpaí gnó chun feachtas meán a sheoladh a leag béim ar ár seirbhís Fógra maidir le Briseadh do chustaiméirí gnó. Cuireann sé faisnéis fíor-ama ar fáil maidir le briseadh uisce pleanáilte/neamhphleanáilte nó maidir le srianta ar uisce óil.

Tá spreagadh a thabhairt d'athrú iompraíochta maidir le caomhnú acmhainní uisce ar cheann de na cuspóirí tosaíochta a áirítear sa Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce.

Spreag an t-achainí #ThinkWaterConservation teaghlaigh ar fud na tíre measúnú a dhéanamh ar a nósanna úsáide uisce agus acmhainní luachmhara uisce a chaomhnú. Is cuid thábhachtach de chaomhnú uisce sa gheimhreadh é a bheith ag súil le tionchar na haimsire fuair i dtithe, in oifigí agus i monarchana ar fud na tíre.

Reáchtálar feachtais meán, i gcomhar le clár Cóstaí Glana atá ag An Taisce, ag impí ar an bpobal 'Smaoinigh Sula Sruthlaíonn Tú' agus 'Smaoinigh Sula nDoirteann Tú' chun an timpeallacht a chaomhnú.

**customer
first**



Cabhraíonn an Clár Maoirseachta Uisce, a bhfuil gradaim bronnta air, le gnólachtaí maidir le húsáid agus costais uisce a laghdú agus leis an timpeallacht a chaomhnú. Soláthraíonn an oiliúint na huirlisí agus an treoir riachtanach do ghnólachtaí chun a n-úsáid uisce a mheas, réimsí le haghaidh feabhsaithe a shainnint, agus bearta éifeachtacha caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm. Go dtí seo, tá os cionn 600 caomhnóir uisce lánoilte tar éis níos mó ná 1,400 tionscadal aonair feabhsaithe uisce a sheachadadh ar fud na tíre.

Ba é 2023 an deichiú bliain de chomhpháirtíocht na Scoileanna Glasa idir An Taisce agus Uisce Éireann. Is é an cuspóir ná feasacht a fhorbairt maidir le caomhnú uisce chomh maith

leis an gcaoi ar ceart acmhainní uisce a bhainistiú inár scoileanna agus sa bhaile. Ó thosaíomar ar an gcomhpháirtíocht seo in 2014, ghlac os cionn 630,000 mac léinn páirt sa chlár Téama Uisce.

Braitheann fás inbhuanaithe na bpobal níos lú ar fud na hÉireann ar sholáthar seirbhísí bonneagair.

Tacaíonn an Clár straitéiseach náisiúnta 'Fás na mBailte Beaga & na Sráidbhailte' le forbairt na bpobal níos lú. Tá 39 tionscadal san áireamh sa chlár faoi láthair agus cuirfear 11 baile agus sráidbhaile breise ar fáil trí chláir eile de chuid Uisce Éireann. Sheolamar leathanach gréasáin nua i mbliana chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn.

Iompar Gnó

Féach ar Thuarascáil an Bhoird ar leathanaigh 62-74 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an méid seo a leanas:

- Nochtuithe cosanta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas frithbhreabaireachta agus frith-éillithe.
- Beartas frith-chalaoise.
- Brústocaireacht a Rialáil.
- Beartas pras-íocaíochta.

Tuairisc Rialachais

Bord Uisce Éireann	58
Tuarascáil an Bhoird	62
Tuarascáil an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca	77



Bord Uisce Éireann



Tony Keohane
Cathaoirleach

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 1.5 bliana

Taithí gairme:

Ba Iar-Chathaoirleach é Tony ar Bhord Ervia. Agus é ina shaineolaí ar fhorbairt straitéiseach gnólaichtaí agus eagraíochtaí, bhí Tony ina chathaoirleach ar Bhord Tesco Ireland roimhe sin agus bhí ról an Phríomhfheidhmeannaigh aige ó mhí Feabhra 2006 go dtí mí Iúil 2013. Bhí roinnt ról boird neamhfheidhmiúcháin aige lena n-áirítear Cathaoirleach Repak agus Cathaoirleach an Ghrúpa Straitéise Seirbhísí, arna cheapadh ag an Rialtas, chomh maith le bheith ina chomhalta Boird de Bhord Bia agus de 'Sam McCauley Chemists'.

Ceapacháin sheachtracha:

Cumann Peile na hÉireann, Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann CLG, Circol Elt CLG, 'Keohane Conaty Consulting Ltd' agus 'Malone Engineering Group Ltd'.



Niall Gleeson
POF

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: Ag teacht le ré an ról mar POF Uisce Éireann

Taithí gairme:

Tá taithí shuntasach ag Niall maidir le hairgeadas, tógáil, coimisiúnú agus cothabháil sócmhainní iompair agus fóntais, agus thug sé ceannaireacht ar thionscadail mhóra bonneagair ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hÁise. Bhí roinnt ról shinsearacha ceannaireachta aige le roinnt de na cuideachtaí bonneagair is fearr ar domhan lena n-áirítear 'General Electric agus Shanahan Engineering'. Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta é freisin do 'Veolia Ireland' agus 'Alstom Ireland'. Tá céim san innealtóireacht ag Niall ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.



Christopher Banks
Comhalta boird

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 1.5 bliana

Taithí gairme:

Is iarchomhalta é Chris de Bhord Ervia. Ba Stiúrthóir Tráchtála é roimhe sin ag Scottish Water ó 2002-2014 le linn a thréimhse múnlaiteach agus athrú gnó laistigh d'úinéireacht earnála poiblí. Roimhe sin, d'oibrigh sé ar leibhéal Boird agus Bainistíochta Sinsearaí maidir le Táirgí Tógála, Mianraí agus Tionscail Loingis. Réachtálann sé a ghnó comhairliúcháin féin ina bhfuil sé mar Stiúrthóir Neamh-Fheidhmiúcháin, Stiúrthóir Tráchtála Eatramhach, agus is Comhairleoir Straitéiseach é do líon seirbhísí fóntais, comhairleoireachta agus teicneolaíochta agus cuideachtaí soláthair san uisce, dramhaíl agus earnálacha fuinnimh in-athnuaite. Is céimí de chuid Ollscoil Oxford é Chris agus tá MBA aige ó Scoil Bhainistíochta Cranfield.

Ceapacháin sheachtracha:

Chris B2B Ltd.



Gerry Britchfield Comhalta boird

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 3 bliana

Taithí gairme:

Bhí Gerard ina chomhalta sinsearach d'fhoireann feidhmiúcháin CGA Choillte ar feadh 15 bliain ón mbliain 2006 go 2021, lena n-áirítear mar Príomhoifigeach Fheidhmiúcháin gníomhach, Príomhoifigeach Airgeadais agus Príomhoifigeach Oibriúcháin. Bhí ról lárnach aige i gClár um Athrú Chun Feabhais Choillte, agus athrú céime ar threocht na cuideachta a bhí mar thoradh air. Cuireann Gerard seirbhísí comhairleacha straitéiseacha agus gnó ar fáil do chuideachta ilnáisiúnta Éireannach atá faoi úinéireacht phríobháideach. Bhí sé ina Chathaoirleach Bhord Iontaobhaithe Chiste Pinsean neamhspleách Choillte agus mar Stiúrthóir roinnt cuideachtaí agus fochuideachtaí Comhfhiontair Choillte roimhe sin. Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann é Gerry, agus tá MBA aige freisin ó OCBÁC.



Liz Joyce Comhalta boird





Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 21 mí

Taithí gairme:

Is iarchomhalta í Liz de Bhord Ervia. Bhí ról feidhmiúcháin shinsearacha aici ag Banc Ceannais na hÉireann, Pioneer Investments, Greenstar Ltd., Diageo agus Concern International. Tá taithí fhairsing ag Liz sa rialú, agus í i gceannas ar athruithe agus ag plé le páirtithe leasmhara i dtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus casta. Is Stiúrthóir Neamhspleách í le bord Chumann Peile na hÉireann agus bhí ról neamh-feidhmiúcháin aici roimhe sin, lena n-áirítear le Aware agus Concern International. Is céimí í Liz de chuid Choláiste na hOllscoile, Gaillimh (BA Onóracha sa tSíceolaíocht) agus is iarchéimí í de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (MBS i Straitéisí Acmhainní Daonna). Tá diplómaí aici freisin sa Chóitseáil agus in Airgeadas agus Gnó. Is Stiúrthóir Cairte í Liz le hInstitiúid na Stiúrthóirí (IOD) agus í ina Comhalta den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt (FCIPD).

Ceapacháin sheachtracha:
Cumann Peile na hÉireann

Eochair na mBallraíochtaí Coiste:

-  An Coiste Infheistíochta/Bonneagair & Inbhuanaitheachta
-  Coiste Iniúcháireachta & Riosca
-  An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann
-  An Coiste Luacha Saothair

Bord Uisce Éireann
(ar lean)



Patricia King
Comhalta boird

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 4 bliana

Taithí gairme:

Is iar-Ard-Rúnaí í Patricia ar ICTU agus is iar-Leas-Uachtarán í ar SIPTU. Bhí sí ar dhuine de bheirt Leas-Uachtarán na Comhdhála freisin agus bhí sí ina hoifigeach lánaimseartha le SIPTU ar feadh breis agus 25 bliain. Ba í Patricia an chéad bhean a bhí ina hoifigeach náisiúnta den cheardchumann nuair a ceapadh ina leas-Uachtarán í in 2010. Rinne sí ionadaíocht ar oibrithe i ngach réimse den gheilleagar, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon agus bhí sí ina príomhtheagmhálaí i gcomhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington. Bhí príomhról ag Patricia in aighneas ‘Irish Ferries’ (2005/6) agus in idirbheartaíochtaí ina dhiaidh sin ina bhfacthas athchóiriú ar an dlí maidir le cearta fostaíochta agus ar bhunú an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF). Bhí sí ar bhoird Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC) agus na Comhairle Printíseachta agus tá sí ina ball den Choimisiún Tithíochta faoi láthair.

Ceapacháin sheachtracha:

Bord na Seirbhíse Cúirteanna, Comhlacht Rialaithe Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh



Eileen Maher
Comhalta boird

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 4 bliana

Taithí gairme:

Tá taithí ag Eileen mar chomhairleoir agus ceannaire straitéiseach agus 30 bliain caite aici sa tionscal teileachumarsáide, agus mar chomhairleoir neamhspleách le 10 mbliana anuas. Tá taithí láidir straitéiseach, tráchtála, athraithe chun feabhais, rialála agus dlí aici. Faoi láthair, tá Eileen ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar GNBS agus is Cathaoirleach ar Choiste Riosca an GNBS í agus tá sí ina comhalta dá Coistí Airgeadais agus Iniúcháireachta. Is Comhalta de Choiste Comhlíontachta Údarás Craolacháin na hÉireann í agus is Cathaoirleach neamhspleách í chomh maith ar Fhóram Rannpháirtíochta Tionscail ComReg agus ar an Tascfhórsa um Thionscal na Cumarsáide Núise. Roimhe seo bhí Eileen ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Eirgrid agus ina Stiúrthóir ar Straitéisí agus Gnóthaí Seachtracha ar Vodafone Ireland. Tá Baitsiléir Tráchtála agus Máistir Staidéar Gnó aici ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Ceapacháin sheachtracha:

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), ‘GAATEC Limited’, ‘Cicada Exchange Limited’



Cathy Mannion
Comhalta boird

Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 5 bliana

Taithí gairme:

Tá cúlra ag Cathy sa rialáil eacnamaíoch de réir mar a bhaineann sé le heitleíocht, uisce, leictreachas agus gás. Tá sí ina comhalta reatha den Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta; agus comhairle á cur ar fáil aici don Choimisiún Eorpach maidir le réimsí a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sheirbhíse aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra san Aontas Eorpach. Bhí Cathy ina Coimisinéir um Rialáil Eitleíochta in Éirinn, agus ina hÚdarás Maoirseachta Náisiúnta um rialáil eacnamaíoch na seirbhíse aerloingseoireachta go dtí deireadh 2021. Sa ról seo, bhí sí freagrach as clár infheistíochta €2+ billiún a fhaomhadh ag aerfort Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh Cathy roimhe seo sa Choimisiún um Rialáil Fóntais agus bhí sí freagrach as creat rialála eacnamaíoch a bhunú do sheirbhíse uisce agus as beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le roinnt mhaith gnéithe de mhargáí fuinnimh na hÉireann lena n-áirítear taraifí agus rialáil eacnamaíoch líonraí leictreachais agus gáis. Tá BA Mod (Hons) aici san Eacnamaíocht agus Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le MBA ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Diplóma sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Michael Nolan Comhalta boird

Ceapachán: 20 Eanáir 2024
Tionacht: 5 bliana

Taithí gairme:

Ceapadh Michael ar Bhord Uisce Éireann i mí Eanáir 2024. Bhí Michael ina POF ar Bhonneagar Iompair Éireann ó 2015 go 2020, agus roimhe sin bhí poist aige mar Cheannasaí ar Mhórtionscadail agus ar Chláir Caipitil ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Bhí poist údaráis áitiúil ag Michael, lena n-áirítear ceannaire ar thionscadail do mhótarbhealaigh idiruirbeacha éagsúla. I measc a cheapacháin sheachtracha tá Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar 'ESB Networks DAC' agus Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach maidir le Mórthionscadail, a thugann comhairle don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN sula ndéanann an Rialtas breithniú ar mhórtoghraí infheistíochta poiblí. Tá Céim Bhaitisiléara san Innealtóireacht Shibhialta ag Michael ó Ollscoil na Gaillimhe agus tá Máistreacht i mBainistíocht Ollchlár aige ó Scoil Ghnó Said in Ollscoil Oxford. Is Innealtóir Cairte agus Comhalta d'Innealtóirí na hÉireann é.

Ceapacháin sheachtracha:
ESB Networks DAC



Michael Walsh Comhalta boird





Ceapachán: An 1 Eanáir 2023
Tionacht: 5 bliana

Taithí gairme:

Tá taithí os cionn tríocha bliain ag Michael mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, feidhmiúcháin sinsearach agus dlíodóir tráchtála sa tionscal léasaithe agus maoinithe eitleán. Ina theannta sin, ó 2003 go 2005, bhí sé ina Phríomhoifigeach Dlí ar Bhord Gais Éireann. Ó 1986 go 1989, bhí Michael ina thaidhleoir i Seirbhísí Taidhleoireachta na hÉireann. Tá Michael ina Chathaoirleach de Chomhlacht Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus mar stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin faoi láthair le AerCap Holdings N.V., an ceannaire tionscail sa léas eitlíochta, atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Is comhalta é Michael de Choiste Feidhmiúcháin Iontaobhas Cathartha Luimnigh a freisin agus bhí sé ina stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin roimhe sin, lena n-áirítear cathaoirleach roinnt cuideachtaí a mhaoiníonn agus a léasaíonn eitleáin agus traenacha ar fud an domhain. Is Abhcóide agus céimí dlí é Michael ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ceapacháin sheachtracha:
AerCap Holdings N.V.
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Eochair na mBallraíochtaí Coiste:

-  An Coiste Infheistíochta/Bonneagair & Inbhuanaitheachta
-  Coiste Iniúcháireachta & Riosca
-  An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann
-  An Coiste Luacha Saothair

Tuarascáil an Bhoird

An Ráiteas Rialachais

Cuireann Bord Uisce Éireann (“an Bord”) Tuarascáil an Bhoird don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 i láthair.

Corpraíodh Uisce Éireann (“an Cuideachta”) i mí Iúil 2013 de bhun an Achta Seirbhísí Uisce 2013. Is Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe é Uisce Éireann faoi theorainn scaireanna le Bunreacht (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014. Is fónas rialaithe é Uisce Éireann, atá á rialú ó thaobh an chomhshaoil de go heacnamaíoch ag an gCoimisiún um Rialáil Fónais agus á rialú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tar éis fhógra an Rialtais in 2018, go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas neamhspleách tráchtála agus rialáilte, faoi úinéireacht phoiblí, agus nach mbeadh sé ina fhochuideachta de chuid Ghrúpa Ervia a thuilleadh, scar Uisce Éireann go dlíthiúil ó Ervia le héifeacht ón 01 Eanáir 2023.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN agus Bord Uisce Éireann neamh-fheidhmeannach agus tá sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Áirítear leis na ceithre cheapachán Comhaltaí Boird a bhí mar chomhaltaí Bhord Ervia suas go dtí dáta an scartha dlíthiúil. Ceapadh comhaltaí Boird Tony Keohane, Chris Banks, Fred Barry agus Liz Joyce, a bhí ar Bhord Ervia suas go dtí an 31 Nollaig 2022, ar Bhord Uisce Éireann, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

Le linn 2023, chomhlíon Uisce Éireann forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar gheall go mbaineann sé le haonán státionscanta tráchtála. De réir fhoráil 1.9 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais arna leagan amach sa Chód, cuireann Uisce Éireann tuarascálacha ar fáil don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (“an tAire”) maidir lena ghéilliúlacht don Chód.

Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Déanann an Bord a dhearbhu gurb é an Bord atá freagrach as a dhéanamh cinnte de go bhfuil a cuid oibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 in Acht na gCuideachtaí 2014 á gcomhlíonadh ag an gCuideachta.

Tá an Bord den tuairim go bhfuil na beartais, struchtúir agus socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun cur ar chumas na Cuideachta, a hoibleagáidí bainteacha a chomhlíonadh go hábhartha. Tá “oibleagáidí bainteacha” na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhairís Chomhlíontachta ghaolmhar, ina n-aithnítear na príomhghníomhartha agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearach uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus láidir a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí ann don bhliain 2023 chun a chinntiú go raibh an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí bainteacha go hábhartha.

Mar gheall gur próiseas dinimiciúil é an comhlíonadh a mbíonn an-chuid beartais agus nósanna imeachta mar chuid de, chomh maith le tiomantas ón mBord agus ón mbainistíocht shinsearach, chomh maith le tacaíocht ó na fostaithe, na conraitheoirí agus na gníomhairí go léir. Is gá na gnéithe sin go léir a bheith ann ionas go mbeidh éifeacht leis an mbeartais. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht a chothú ag leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta, ina n-ardófar feacht ar aidhmeanna an Ráitis Bheartais um Chomhlíontacht, ina léireofar meas air agus ina chuirfear a aidhmeanna chun cinn.

Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus treoir a sholáthar don Chuideachta agus dea-rialachas a chinntiú ar fud Uisce Éireann. Déanann an Bord an tasc seo trí dhúshlán a thabhairt d'fheidhmíocht ar bhealach tairbheach agus trí thacú le moltaí a fhorbairt maidir le straitéis. Leagann an Creat Rialachais amach sceideal fhoirmiúil na nithe atá forchoimeáda do Bhord Uisce Éireann (a bhfuil cuid acu faoi réir fhaomhadh an Aire).

Is é/í an Fheidhmeannach Gnó a dhéanann riarachán laethúil na cuideachta, faoi bhainistíocht an POF, i gcomhréir leis na spriocanna straitéiseacha agus na doiciméid beartais atá faofa ag an mBord agus laistigh de thimpeallacht rialaithe stuama agus éifeachtach. Déantar cinntí oibriúcháin agus airgeadais agus aird á tabhairt ar na spriocanna atá socraithe ag an mBord a bhaint amach, ag féachaint d'oibleagáidí reachtúla Uisce Éireann agus ionchais na scairshealbhóirí.

Áirítear an méid seo a leanas le Sceideal na nithe atá forchoimeáda le faomhadh an Bhoird mar atá leagtha amach i gCreat Rialachais Uisce Éireann:

- Buiséid Bhliantúla, Pleananna Corparáideacha, Plean Straitéiseach fadtéarmach.
- Beartas sábháilteachta.
- Gan dochar do thoscaireachtaí áirithe, caiteachas ar fad i ndáil le tionscadail infheistíochta agus caipitil agus faomhadh mórthearmaí conartha mar a cheanglaítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Iniúcháir seachtrach a cheapadh/a bhaint.
- Cúrsaí an chisteáin.
- Leasuithe suntasacha ar an scéim pinsin.
- Téarmaí fostaíochta an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Cód Iompair Gnó, Beartas Bainistíochta Riosca Fiontair, Beartas Frithchalaoise, Polasaí um Nochtaí Cosanta agus an Polasaí Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Na nithe go léir a éilíonn faomhadh ón Aire.
- Ionchúisimh choiriúla maidir le neamhchomhlíonadh ceadúnais eisiltigh trádála nó aon fhoráil a bhaineann le hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 go 2022.

Áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a pléadh ag an Bord le linn 2023:

- Faomhadh Bhuiséad Bhliantúil 2022.
- Plean Gnó agus Airgeadais Uisce Éireann 2023-2027.
- Faomhadh Bhuiséad Bhliantúil 2024.
- Faomhadh Mhéadrachtaí Scórchláir Chomhardaithe 2023 agus monatóireacht ar dheiseanna sprioc a bhaint amach.
- Nuashonrú míosúil airgeadais agus oibríochtaí agus réamhaisnéis ráithiúil.
- Faomhadh buiséad le haghaidh cláir chaipitil agus caiteachas caipitiúil.
- Nuashonruithe Ráithiúla Riosca.
- Faomhadh an Faomhadh Inghlacachta Riosca.
- Nuashonruithe míosúla Sábháilteachta chomh maith le hathbhreithniú débhlíantúil dhomhain agus domhain.
- Nuashonruithe ráithiúla ar shócmhainní criticiúla.
- Nuashonruithe ar an reachtaíocht maidir le Tionscadal Soláthair Uisce agus Astarraingt.
- Cur i láthair straitéise.
- Nuashonruithe ar Rialú Ioncaim 3 agus 4.
- Breithniú ar Ráiteas Beartais Géilliúlachta an Stiúrthóra.
- Athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Nuashonruithe ar fheidhmíocht sceite.
- Glacadh agus foilsiú Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a fhaomhadh do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus Ráiteas gaolmhar maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Cinneadh maidir le Measúnacht Chúí.
- Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Bhoird.
- Faomhadh leasuithe ar dhoiciméid Rialachais Corparáideacha lena n-áirítear an Creat Rialachais agus Téarmaí Tagartha an Bhoird agus an Choiste.

Tuarascáil an bhoird
(ar lean)

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí don Tuarascáil Bhliantúil agus do na Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie. D'fhéadfadh go mbeadh an reachtaíocht in Éirinn maidir le ullmhúchán agus scaipeadh Ráitis Airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. Tá cinneadh déanta ag na Stiúrthóirí faoin dlí, na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach (“creat ábhartha um thuairisciú airgeadais”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta a dtugann siad léargas ceart agus cóir

ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó cailteanas na Cuideachta sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta.
- A lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta

ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige.

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcoinnítear ar a son iad, ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, agus a ligeann do shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús/cailteanas na Cuideachta a bheith deimhnithe go réasúnta cruinn, agus a chuireann ar chumas na Cuideachta a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil an Stiúrthóra le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus a ligeann do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaóis agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Forbhreathnú ón mBord

Comhdhéanamh, ceapadh agus atoghadh an Bhoird

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe de réir reachta, dá bhforáiltear in Alt 6A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Líontar folúntais Boird i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit. Téann an Cathairleach i dteagmháil leis an Aire roimh phróiseas ceapacháin an Bhoird faoi na sainscileanna agus éagsúlacht a éilíonn an Bord.

Foráiltear an méid seo a leanas le hAlt 6A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013:

- Beidh níos mó ná 5 ach líon nach mó ná 10 gComhalta ar an mBord.
- Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Comhaltaí Boird le toiliú an Aire Caitheachais Phoiblí, Seachadta ar an bPFB agus Athchóirithe.

- Ainmneoidh Comhdháil na gCeardchumann Comhalta Boird amháin.
- Beidh an POF mar Chomhalta Boird de bhrí oifige den Chuideachta.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caitheachais Phoiblí agus Seachadta agus Athchóiriú an PFN agus Athchóiriú an PFN tríd an tSeirbhís Ceapacháin Poiblí, Bord Neamh-fheidhmeannach nua Uisce Éireann agus tháinig sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Féach ar ghearrbheathaisnéisí ar leathanaigh 58-61 do sonraí maidir le comhaltas reatha an Bhoird.

Chuaigh téarma oifige an Chomhalta Boird, Fred Barry, in éag an 19 Eanáir 2024. Ceapadh Michael Nolan ar an mBord, le héifeacht ón 20 Eanáir 2024.

Is é Tony Keohane Cathairleach an Bhoird, agus tá sé freagrach as an mBord a threorú agus as éifeachtacht agus rannpháirtíocht iomlán gach Comhalta Boird a chinntiú.

Tá Rúnaí na Cuideachta, Richard O'Sullivan, freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathairleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

Tá cothromaíocht chúil scileanna, taithí agus eolais ag an mBord ar an gCuideachta le gur féidir leis a chuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé mór go leor le déanamh cinnte gur féidir leas a bhaint mar is cúis as an gcothromaíocht scileanna agus an taithí sin agus gur féidir athruithe ar bhallraíocht an Bhoird a láimhseáil gan cur isteach iomarcach a chruthú.

Forbhreathnú ón mBord (ar lean)

Is faoin Aire atá athcheapacháin chuig an mBord, tar éis do théarma oifige Comhaltaí Boird dul in éag.

Ionduchtú agus forbairt Stiúirthóirí nua

Nuair a cheaptar iad, faigheann Comhaltaí Boird doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin, agus an deis faisnéis

a fháil ón bhfoireann Feidhmiúcháin maidir le gnéithe éagsúla ghnó na Cuideachta. Téann Rúnaí na Cuideachta i dteagmháil le Comhaltaí an Bhoird maidir lena riachtanais shainiúla, amhail freastal ar chomhdhálacha, ar chúrsaí agus ar sheimineáir ghréasáin a bhaineann leis an ngnó nó ar chruinnithe faisnéise ón mbainistíocht maidir le hábhair ar leith.

Neamhspleáchas

Tá 9 Stiúirthóir Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleacha agus 1 Stiúirthóir Feidhmiúcháin ar Bhord Uisce Éireann.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí Boird, i gcomhréir le forálacha an Chóid Cleachtais, aon leas ábhartha a chur in iúl agus chun fanacht ar shiúl ó phléití an Bhoird i gcás ina bhfuil leas díreach nó indéach acu.

Luach saothair, costais agus tinreamh an Bhoird

Tá Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird i dteideal táillí, ar scála arna chinneadh ag an Aire. Tá luach saothair POF Uisce Éireann leagtha amach don bhliain 2023 i nóta 3 de na ráitis airgeadais. Tá achoimre ar sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird a tharla in 2023 thíos.


Ball Boird	Luach Saothair (€)	Costais* (€)	An Bord (i láthair/incháilithe)	Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (i láthair/incháilithe)	An Coiste Infheistíochta, Bonneagair & Inbhuanaitheachta (i láthair/incháilithe)	An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann (i láthair/incháilithe)	An Coiste Luacha Saothair (i láthair/incháilithe)
Tony Keohane (Cathaoirleach an Bhoird)	31,500	€124	12/12	-	-	-	6/6
Christopher Banks	15,750	€326	12/12	-	10/10	7/7	-
Fred Barry (Téarma Oifige imithe in éag an 19 Eanáir 2024)	15,750	-	11/12	-	8/10	6/7	-
Gerry Britchfield	15,750	€2,856	12/12	8/8	-	-	6/6
Niall Gleeson (POF)	Nóta 1	-	12/12	-	10/10	7/7	-
Liz Joyce	15,750	-	11/12	-	-	7/7	6/6
Patricia King	Nóta 2	-	12/12	-	-	7/7	6/6
Eileen Maher	15,750	-	12/12	7/8	-	-	6/6
Cathy Mannion	15,750	-	11/12	8/8	10/10	-	-
Michael Walsh	15,750	-	11/12	8/8	10/10	-	-

* Costais atá á n-éileamh go díreach ag Comhalta Boird.

Nóta 1 Ní bhfuair sé táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile na bPríomhfheidhmeannach agus na Bainistíochta Sinsearaí de Chomhlachtaí Stáit Tráchtála.


Nóta 2 Tarscaoileadh táille an Bhoird ar bhonn lánroghnach.

Inscne na Foirne Boird agus Feidhmiúcháin



Inscne an Bhoird

- Fir
- Mná



Inscne na Foirne Feidhmiúcháin

- Fir
- Mná

Tuarascáil an bhoird
(ar lean)

Forbhreathnú ón mBord (ar lean)

Coistí boird

I rith 2023, tugadh cuidiú don Bhord a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh ó go ndearnadh rólil agus freagrachtaí áirithe a tharmligean chuig na ceithre Choiste seo a leanas:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.
- An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta.

- An Coiste Luacha Saothair.
- An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann.

Chabhraigh na Coistí leis an mBord trí shaincheisteanna gnó, oibriúcháin agus airgeadais a bhreithniú. Tá na feidhmeanna sonracha a tharmligtear chuig gach Coiste leagtha amach ina

gcuid Téarmaí Tagartha, ar a ndéantar athbhreithniú agus faomhadh ar bhonn bliantúil. Tar éis gach cruinnithe, tugann na Coistí tuairisc don Bhord maidir leis na cúrsaí a thagann faoina sainchúram.

Tá tinreamh ag cruinnithe Coiste leagtha amach sa tábla 'Luach Saothair, Costais agus Tinreamh an Bhoird' ar leathanach 65.

Coiste	Ballraíocht i rith na bliana 2023	Téarmaí Tagartha
An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta	Chris Banks (<i>Cathaoirleach</i>) Fred Barry (<i>Iar-Chathaoirleach an Choiste, Chuaigh an téarma oifige in éag an 19 Eanáir 2024</i>) Niall Gleeson Cathy Mannion Michael Walsh	Comhairle a chur ar an mBord faoi na nithe go léir a bhaineann le tionscadail agus cláir caipitil, chomh maith le deiseanna forbartha agus inbhuanaitheachta. Bhuail an Coiste le chéile 10 n-uaire le linn na bliana 2023.
An Coiste Luacha Saothair	Eileen Maher (<i>Cathaoirleach ó mhí na Samhna 2023</i>) Gerry Britchfield Liz Joyce Tony Keohane (<i>Cathaoirleach go dtí mí na Samhna 2023</i>) Patricia King	Comhairle a chur ar an mBord faoi Luach Saothair an POF (ag féachaint do riachtanais dhlíthiúla agus rialála an Chóid Cleachtais), Luach Saothair na Bainistíochta Sinsearaí, comharbas ceannaireachta a phleanáil agus a fhorbairt, samhail phá na cuideachta, scórchlár cothromaithe, cúrsaí pinsin agus nithe a bhaineann leis an mbearna phá idir na hinscrí. Bhuail an Coiste le chéile 6 huaire i rith na bliana 2023.
An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann	Liz Joyce (<i>Cathaoirleach</i>) Niall Gleeson Patricia King Chris Banks Fred Barry (<i>Téarma Oifige imithe in éag an 19 Eanáir 2024</i>)	Comhairle a chur ar an mBord faoi na nithe go léir (i.e. dlí, sábháilteacht, rialachas, airgeadais) a bhaineann le cuntasacht agus seachadadh seirbhísí uisce agus bainistíocht dhíreach aon fhoireann seirbhísí uisce a aistriú ó Údarás Áitiúla go Uisce Éireann. Bhuail an Coiste le chéile 7 n-uaire i rith na bliana 2023.
Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Gerry Britchfield (<i>Cathaoirleach</i>) Eileen Maher Cathy Mannion Michael Walsh	Comhairle a chur ar an mBord faoi nithe a bhaineann leis na ráitis airgeadais, rialuithe inmheánacha, riosca, iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus nithe eile lena n-áirítear An Treoir maidir le Tuairiscíú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus beartais a bhaineann le heitic Uisce Éireann. Bhuail an Coiste le chéile 8 n-uaire i rith na bliana 2023. Leagtar amach cuntas mionsonraithe maidir le Tuarascáil an Choiste ar leathanach 77-79.

Nochtaí éilithe ag Cód na gComhlachtaí Stáit

Éifeachtúlacht an bhoird

Rinne an Bord meastóireacht ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a chuid Coistí i mí na Nollag 2023. Tá na réimsí feidhmíochta a ndearnadh measúnú orthu ag teacht leis an gceistneoir meastóireachta dá bhforáiltear sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Ní dhearnadh meastóireacht sheachtrach toisc gurbh í 2023 an chéad bhliain d'fheidhmiú Bhord nuacheaptha Uisce Éireann. Déanfar meastóireacht sheachtrach laistigh den tréimhse ama 3 bliana atá sonraithe sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Caidreamh le scairshealbhóirí

Tá gnáthscair amháin de €1.00 ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá 99 gnáthscair de €1.00 ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPFB agus Athchóirithe.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Litir Ionchais do Scairshealbhóirí chuig Uisce Éireann i mí Aibreáin 2023. Tugann an litir treoir don Bhord maidir le cuspóirí reatha an Rialtais le haghaidh Uisce Éireann chomh maith leis na socruithe rialachais atá i bhfeidhm.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Uisce Éireann tar éis riachtanais an Chóid a chomhlíonadh. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Anailís ar shochair fostaithe

Tá sonraí maidir le líon na bhfostaithe a bhfuil sochair iomlána fostaithe acu (gan costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banda de €25,000 ó €50,000 ar aghaidh leagtha amach thíos.

	2023	2022
€50,000-€75,000	501	468
€75,001-€100,000	332	274
€100,001-€125,000	206	171
€125,001-€150,000	71	44
€150,001-€175,000	34	28
€175,001-€200,000	17	15
€200,001-€225,000	5	4
€225,001-€250,000	9	6
€250,001-€275,000	2	3

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

Cuimsítear le samhail phá Uisce Éireann, samhail atá bunaithe ar an margadh agus a bhaineann le feidhmíocht, dhá eilimint, is iad sin bunphá agus dámhachtain a bhaineann le feidhmíocht. Déantar feidhmíocht a mheas i gcoinne cuspóirí aonair agus cuspóirí corparáideacha trí phróiseas scórchláir comhardaithe. Rinne Uisce Éireann íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht le 1,631 fostaí in 2024 i leith 2023. Bhí na híocaíochtaí sin faofa ag Bord Uisce Éireann i mí Eanáir 2024. B'ionann na híocaíochtaí seo, ina gcomhiomlán, agus €10,569,830. B'ionann an mheáníocaíocht agus €6,480. Mar thoradh ar threoir ón Rialtas in 2011, níl rochtain ag an POF ar íocaíocht dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht, agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí den sórt sin leis an POF.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean)

Nochtaí éilithe ag Cód na gComhlachtaí Stáit (ar lean)

Costais shainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Is mar seo a leanas a dhéantar costais sainchomhairleoireachta a shainmhíniú: ceapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas in údarás conraitheoireachta agus é sin ar feadh tréimhse theoranta ama chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

Léirítear le caiteachas sainchomhairleoireachta 2023 0.1% de chaiteachas iomlán oibriúcháin agus caipitil.

Is iad seo a leanas arduithe chostas sainchomhairleoireachta ón mbliain roimhe:

- Baineann sainchomhairle airgeadais rialála le ceanglais agus idirbhearta breise CRF do Thréimhsí Rialála Ioncaim 3 agus 4 Uisce Éireann.
- Sainchomhairle maidir le pinsean i leith ghlacadh Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (iar-Ervia) agus sainchomhairle i leith Chiste Aoisliúntais Sochair Shainithe Uisce Éireann i gcomhthéacs Chlár Claochlaithe Uisce Éireann.
- Baineann sainchomhairle athrú clár gnólachta le hathbhreithniú maidir le struchtúr agus ceanglais tuarascála Chlár Claochlaithe Uisce Éireann.
- Costais a bhaineann le TF de bharr leanúnachas gnólachta áirithe agus sainchomhairle phleanála maidir le athshlánú ó thubaistí agus tionscadail cibearshlándála i leith na Treorach maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise (NIS).
- Straitéis ghnólachta maidir le measúnacht neamhspleách thorthaí agus aschuir a sholáthraítear mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann, i ndiaidh iarratais CRU agus forbairt straitéis sheirbhísí gnólachta tar éis scaradh Ervia.
- Baineann costas saoráidí le sainchomhairle a fuarthas maidir le bainistíocht réadmhaoine.

	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Dlí	112	59
Comhairle airgeadais	418	399
• Sainchomhairle airgeadais rialála	201	-
• Sainchomhairle seirbhísí airgeadais	143	196
• Sainchomhairle airgeadais eile	74	203
Caidreamh poiblí/margaíocht	-	3
Acmhainní daonna	353	282
• Sainchomhairle a bhaineann le pinsean	251	169
• Sainchomhairle AD eile	102	113
Feabhsú/ athrú gnó	1,722	695
• Sainchomhairle athrú clár gnólachta	484	-
• Sainchomhairle maidir le tionscadail TF	485	103
• Sainchomhairle slabhra soláthair/soláthair	140	85
• Straitéis ghnó	412	233
• Sainchomhairle feabhsaithe/athraithe eile	201	274
Innealtóireacht	91	109
Saoráidí	124	-
Eile	74	311
Iomlán	2,894	1,858
	2023	2022
sainchomhairleoireacht caipitlithe	485	148
Ráiteas ioncaim	2,409	1,710
Iomlán	2,894	1,858

Costais dlí agus socraíochtaí dlí

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí toisc go n-áirítear é sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2023 €'000	2022 €'000
Táillí & costais dhlíthiúla	1,777	1,034
Íocaíochtaí comhréitigh/ eadránaithe	258	-
Socraíochtaí	2,133	1,855
Iomlán	4,168	2,889
Líon na gcásanna dlí	58	47

Áirítear le táillí agus costais dhlíthiúla 2023 méid iomlán de €183,954 maidir le ceist dlí le hOllscoil Luimnigh, agus méid iomlán de €45,341 maidir le ceisteanna dlí le hIascach Intíre Éireann. Ní áirítear leis an nóta nochta seo aon íocaíochtaí a rinne árachóir Uisce Éireann go díreach. Baineann líon na gcásanna le cásanna dlíthiúla ar thionscain Uisce Éireann iad féin nó imeachtaí ina choinne agus ní áirítear éilimh/ imeachtaí árachais ná comhréitigh cead slí. Níor tabhaíodh aon chostais dlíthiúla sa bhliain 2023 i leith fágáil fostaithe.

Caiteachas taistil agus cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a aicmiú mar seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
<i>Intíre</i>		
- Bord	6	-
- Fostaithe	3,376	1,669
<i>Idirnáisiúnta</i>		
- Bord	5	-
- Fostaithe	54	13
Iomlán	3,441	1,682

Tuairiscíonn Uisce Éireann taisteal agus caiteachais cothaithe Bhord Uisce Éireann anseo don chéad uair ag- roimhe seo bhí sé i dTuarascáil Bhliantúil Ervia. Áirítear le nochtheadh caiteachas na bhfostaithe caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaigh POF Uisce Éireann.

Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Fáilteachas na foirne	116	49
Fáilteachas na gcliant	13	5
Iomlán	129	54

Trédharcacht

Is eagraíocht oscailte é Uisce Éireann a bhfuil d'aidhm aige a bheith cuntasach agus trédharcach don phobal. Tá Uisce Éireann tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir le conas a fheidhmíonn an eagraíocht agus maidir leis an ról atá againn ó thaobh soláthair bonneagair agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

Nochtadh cosanta agus ábhair inní a ardú

Leagtar amach sa Bheartas um Nochtadh Cosanta, i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), an córas inar féidir le fostaithe agus bainistíocht Uisce Éireann ábhar inní a thabhairt chun solais nó nochtaí a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Tá tuilleadh treorach do bhainisteoirí agus d'fhostaithe, maidir le cúiseanna inní a chur in iúl leagtha amach i gCód Iompair Ghnó, Beartas Frithchalaíse agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, éilítear ar Uisce Éireann Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtheadh cosanta a rinneadh faoin Acht. I gcomhréir leis an gceanglas seo, dearbhaíonn Uisce Éireann go bhfuarthas dhá nochtheadh cosanta, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023. I ndiaidh conclúid na measúnachta tosaigh maidir le gach cás, ní raibh aon fhianaise prima facie maidir le drochiompar i gceachtar de na cásanna.

Brústocaireacht a rialáil

Tá Uisce Éireann cláraithe ar an gclár brústocaireachta arna choimeád ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. I gcomhréir leis na ceanglais atá san Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, rinneadh na tuairisceáin riachtanacha do thréimhsí na dtuairisceán in 2023.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean)

Trédhearcacht (ar lean)

Cleachtais Íocaíochta

Tá Uisce Éireann tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc in am. Tá beartas i bhfeidhm taobh istigh den chuideachta chun cleachtais íocaíochta a rialáil. Léirítear sa tábla thíos cleachtaí íocaíochta don bhliain 2023.

	Líon	Luach €'000	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh
Líon iomlán íocaíochtaí a rinneadh	150,121	2,020	100%
Íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 30 lá	133,909	1,970	89%
Íocaíochtaí a rinneadh lasmuigh de 30 lá	16,212	50	11%
Íocaíochtaí a rinneadh os cionn 30 lá nach raibh ús ar íocaíochtaí déanacha ná costais cúitimh mar thoradh orthu	16,210	50	11%
Íocaíochtaí a rinneadh os cionn 30 lá a raibh ús ar íocaíochtaí déanacha agus costais cúitimh mar thoradh orthu	2	.096	0.001%

	Nóta 1	Luach €
Méid úis ar íocaíochtaí déanacha a íocadh	10,301	
Méid costais cúitimh a íocadh	neamhbhainteach	

Nóta 1: Íocadh ús ar íocaíochtaí déanacha sa bhliain 2023 i leith 32 shonrasc ó 2022, €89,000 san iomlán agus 2 shonrasc ó 2023, €96,000 san iomlán. Muirearaíodh ús ar íocaíochtaí déanacha ag 8% in aghaidh na bliana ar mhéid an tsonraisc ríofa do líon na laethanta idir dáta na híocaíochta forordaithe agus an dáta íocaíochta iarbhír, i gcomhréir le ráta úis 2022 na Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012. B'ionann an t-ús ar íocaíocht déanach a íocadh sa bhliain 2022 agus nialas.

Saoráil faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (“an tAcht um SF”). Ullmhaíodh agus foilsíodh an Scéim Foilsitheoireachta Eiseamláireach i gcomhréir le ceanglais Alt 8 den Acht um SF. Is féidir rochtain a fháil ar an scéim trí shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie.

Faoin scéim, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta agus ar bhealach oscailte inrochtana lasmuigh de SF, agus prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta á gcur san áireamh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 arna leasú ag an Acht na dTeangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021 (“Acht na dTeangacha Oifigiúla”) tá Ardoifigeach Díl ceaptha ag bainistíocht shinsearach chun comhlíonadh a mhaoirsiú agus chun tuairisciú don POF mar is cuí. Anuas air seo, cheap Uisce Éireann Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2023. I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla cuireadh tuarascáil maidir le comhlíonadh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla faoi bhráid bhainistíocht shinsearach. Mar achoimre agus i gcomhréir le hAlt 4B (b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, sa tuarascáil rinneadh tagairt do chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí, na ndualgas agus dul chun cinn i dtreo comhlíonadh iomlán leis an reachtaíocht ábhartha.

Cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú

Leagtha amach ar leathanach 52-54, tá forléargas ar ghealltanas na Cuideachta maidir le cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú le linn 2023

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Raon Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air faoi Alt 7.3 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le cinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Scaradh dlíthiúil

Thosaigh scaradh oibríochtúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia ar an 1 Eanáir 2022, a raibh de thoradh air de thoradh air gur aistríodh na seirbhísí láraithe arna gcur ar fáil ag Ervia d'Uisce Éireann ionas go bhféadfadh an chuideachta oibriú go neamhspleách ó Ghrúpa Ervia chomh maith agus is féidir faoin gcreat dlíthiúil a bhí i bhfeidhm ag an am. Rinne An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), (Leasú) 2022 scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia Group a éascú ar 1 Eanáir 2023.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go stophtar iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh i gcomhréir leis an gcomhairle eisithe ag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Uisce Éireann ón mbliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas le dáta faoifa na ráiteas airgeadais.

Bainistíocht Riosca

Tá dualgas ar fhostaithe uile Uisce Éireann as bainistiú éifeachtach riosca a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córais rialaithe inmheánacha Uisce Éireann a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach cuntasach a bhfuil an fhreagracht deiridh aige. Tarmligeann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá ag obair faoi maidir le bainistiú riosca agus le cinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtúil.

Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn an Bord go bhfuil córais chuí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta trí úsáid a bhaint as na struchtúir agus na córais seo a leanas:

Coiste Iníúcháireachta agus Riosca

Tá Coiste Iníúcháireachta agus Riosca ag Uisce Éireann (an "CIR") ina bhfuil 4 Chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin de chuid Uisce Éireann a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Uisce Éireann agus tá sé freagrach as cuidiú a thabhairt do Bhord Uisce Éireann lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a bhaineann siad leis an réimse seo. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar phríomhrioscaí Uisce Éireann, arna ullmhú ag na bainisteoirí, a chinntíonn maoirseacht ar na príomhrioscaí agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagraí na mbainisteoirí do na neamhchosaintí príomhriosca is mó a gcaithfidh an Chuideachta dul i ngleic leo. Cuireann an CIR nuashonraithe ráithiúla san áireamh ar an timpeallacht rialála freisin mar chuid den Fóram Dearbhúcháin Chomhtháite.

Samhail Trí Líne

Tá creat árachais comhtháite i bhfeidhm ag Uisce Éireann rud a dhéanann gach bearta árachais san eagraíocht thar an tsamhail "Trí Líne" a chomhdhlúthú agus a chomhordú ar bhealach struchtúrtha. Déantar cinnte leis sin go ndéanann Uisce Éireann maoirseacht agus rialú maidir le riosca, dearbhú agus rialachas a uasmhádú, chun teacht aniar eagraíochtúil a neartú agus leanann sé an dea-chleachtas chun chun tacú le hoibleagáidí maidir le comhlíonadh agus ceanglais rialachais.

Bainistíocht Riosca Fiontraíochta

Tá feidhmíocht Bainistíocht Riosca Fiontraíochta leabaithe ag Uisce Éireann atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm an chreat. Bainistithe Riosca Fiontraíochta agus freagrach as cinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistithe riosca ar fáil ar fud Uisce Éireann. Tuairiscíonn An Ceannasaí Riosca agus Athléimneacht don Stiúrtóir Straitéise, Athléimneachta agus Rialacháin agus freastalaíonn sé/ sí ar chruinnithe CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinniú ráithiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca Uisce Éireann, faoi an chathaoirleacht Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Déanann an Fheidhmeannacht Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- Cinntíonn sé go bhfuil próiseas 4 chéim Bainistíochta Riosca Fiontair agus maoirseacht leordhóthanach chomhsheasmhach i bhfeidhm chun sainiú, tomhas, bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí ar a bhfuil Uisce Éireann neamhchosanta.
- Cinntíonn sé go ndéantar maoirseacht a chothabháil agus go ndéantar measúnacht ar phróifíl riosca Uisce Éireann lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rioscaí atá ag treochtáil agus rioscaí a bhfuil tionchar mór agus dóchúlacht íseal ag baint leo, lena n-áirítear cur síos maidir leis na rioscaí seo agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara agus a gcuid éifeachtúlacht.
- Déanann sé cultúr oiriúnach bainistíocht riosca a dhainiú.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean)

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

Fóram Dearbhúcháin

Chomhthaite cinntítear leis an bhFóram Dearbhúcháin Chomhtháite (FDC) go gcuirtear athbhreithniú maidir le héifeachtúlacht na timpeallachta rialála inmheánaigh i gcrích ar bhealach comhordaithe agus struchtúrtha agus fianaise chúil agus sínithe cuí i bhfeidhm. Coinníonn gach Stiúrthóireacht feidhme clár de phríomhrialuithe agus déantar gach príomhrialú a fhéinmheasúnú go ráithiúil maidir le héifeachtacht agus déantar monatóireacht rialaithe leanúnach ar bhonn ráithiúil. Soláthraítear achoimre maidir le pléití fóraim don CIR.

Is é comhaltas an Fhóraithe Dearbhúcháin Chomhtháite (FDC) POF Uisce Éireann agus gach duine a oibríonn go díreach faoin bPOF. Tá an caighdeán is airde (“tone from the top”) i gceist agus tacaíocht á tabhairt ag Bainistíocht Shinsearach agus Ceannairí agus Seaimpíní i bhfeidhm ar fud na gnólachta. Tá an tÁ Lónra na Seaimpíní ag obair go rathúil agus tá sé feasach faoi an tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas Dearbhúcháin Chomhtháite lena n-áirítear an ról atá aige tacú leis an ngnólacht.

Mar chuid d’Fhóram dheireadh na bliana, éilítear go ndearbhaíonn an bhainistíocht an méid seo a leanas:

- Tá siad sásta le héifeachtúlacht na timpeallachta rialála sa tréimhse.
- Níl aon eisceachtaí nó sárúithe ábhartha maidir le príomhrialuithe sa tréimhse.
- Aontáítear pleananna bearta agus amlíní do rialaithe lena n-éilítear feabhsú.

Anuas air sin, i gcásanna inar aithníodh saincheistanna rialála, chuathas i ngleic leo ina dhiaidh sin, tá bearta sannta ina leith ónar aithníodh iad, nó tá rialaithe maolaithe i bhfeidhm orthu.

Tá na nithe a tarraingíodh aird an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca orthu sa bhliain 2023 curtha san áireamh ag an mBainistíocht agus rinneadh measúnú ar

go leor nithe go mion i gcoinne an chritéir a léiríodh sa cháipéisíocht threorach maidir leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, a d’eisigh An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh bunaithe in Uisce Éireann, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR d’Uisce Éireann. Tuairiscíonn Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Déanann feidhm an iniúchta inmheánaigh cur chuige córasach smachtaithe a chur ar fáil d’fhonn rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach Uisce Éireann a mheas agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Neamhchosaint a mheas faoi mar a bhaineann sin le cuspoírí straitéiseacha Uisce Éireann a bhaint amach.
- Na córais a mheas a bunaíodh lena chinntiú go ndéanfar beartais, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh.
- Slite le sócmhainní a chosaint a mheas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil faoi mar is cuí a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú.

Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na struchtúir is tábhachtaí a luaitear thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun in Uisce Éireann, agus tá na gnéithe seo a leanas ann:

- Freagracht ar bhainistíocht ar gach leibhéal laistigh d’Uisce Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;

- Próisis bhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith i ndán d’Uisce Éireann a aithint agus a mheas, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann Uisce Éireann a bheith inghlachta. Ar na próisis eile a aithníodh chun rioscaí gnó a aithint agus a mhaolú tá pleananna agus straitéisí cuí um bainistíocht agus maolú riosca ann chun measúnú a dhéanamh ar an docúlacht go dtiocfadh rioscaí a aithníodh aníos agus chun déileáil leis na rioscaí a thagann aníos agus meastóireacht a dhéanamh ar chumas Uisce Éireann na rioscaí a thagann aníos a bhainistiú agus a mhaolú;
- Coinníonn gach feidhm gnó liosta cuimsitheach de phríomh-rialuithe, agus déantar measúnú orthu ar bhonn ráithiúil agus cuirtear pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Measúnacht creat rialála inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnacht fairsing riosca agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht phíomh-bheartais agus próiseas rialála, féin-mheasúnú ar rialáil inmheánach a thuairisciú agus feidhmíocht a thuairisciú go míosúil le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí dearbhúcháin, iniúcháireacht inmheánach agus dearbhúcháin comhtháite.
- Athbhreithnithe córasach maidir le rialálaithe airgeadais agus feidhmíochta inmheánacha ag Dearbhúcháin Chomhtháite agus Iniúchadh Inmheánach. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca.
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalois a chosc agus a bhrath.
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. I measc na mbeartas seo tá an Cód Iompair Gnó, Beartas Frithchaloise, Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éilítithe, an Beartas um Brústocaireacht a Rialáil agus an Beartas um Nochtaí Cosanta.

- Clár cuimsitheach frithchaloise a chuimsíonn beartas frithchaloise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalois.
- Creat Rialachais Chorpharáidigh, lena n-áirítear rialú airgeadais agus measúnú riosca. Is iad na bainisteoirí in Uisce Éireann agus na feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistíochta Riosca a dhéanann monatóireacht air sin.
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Uisce Éireann.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadail mhóra caipitiúla, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair agus Inbhuanaitheachta dlúthmhonatóireacht orthu.
- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil agus tuartha ráithiúla a chomhaontaíonn Bord Uisce Éireann agus a dhéanann siad athbhreithniú orthu.
- Córas cuimsitheach de Thuairisciú airgeadais.
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochothaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Uisce Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht aon rialáil inmheánach lena gclúdaítear próisis airgeadais, feidhmíochta, ghéilliúlachta agus próisis um bainistiú riosca. Tá an Bord sásta go n-oireann an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm don ghnó.

Maidir leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le hUisce Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na bhfostaithe laistigh d'Uisce Éireann atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh agus obair FDC. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair Dearbhúcháin Comhtháite, ar an bhfeidhm Bainistíochta Riosca agus Iniúchta Inmheánaigh agus ar na ráitis a dhéanann na hIniúchóirí Seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go pras dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh mar is cuí agus do bhainistíocht agus do Bhord Uisce Éireann, nuair is cuí.

Caiteachas Caipitil agus Oibríochtúil

Comhairle ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir leis an bPróiseas Dearbhaithe Cáilíochta atá le leanúint chun achoimre forbhreathnaithe a thabhairt maidir le cé comh comhlíontach agus atá eagraíocht leis an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear an scála trí phointe seo a leanas:

- Scóip le haghaidh feabhsuithe suntasacha
- Comhlíontach ach tá roinnt feabhsúcháin riachtanach
- Comhlíontach go forleathan

Maidir le féinmheasúnú Uisce Éireann a cuireadh i gcrích i gcomhréir leis an treoir seo, dearbhaítear go bhfuil córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí á gcomhlíonadh go forleathan, de réir an scála rátála thuas. Mar a bheifí ag súil leis, tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na córais seo agus déantar mionfheabhsuithe go leanúnach. A bhuí leis na Treoirínte Bonneagair a eisíodh i mí na Nollag 2023, cuireadh tuilleadh sóiléireachta ar fáil maidir leis an gcaoi ina bhfuil feidhm ag ceanglais ar leith sa Chód Caiteachais Phoiblí ar Uisce Éireann.

Tugtar sonraí i bPolasaí Soláthair (PD02) faoi na nósanna imeachta a leanfaidh Uisce Éireann chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte go gcloítear le dlíthe AE agus na hÉireann a bhaineann leis an soláthar poiblí, go mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcoinnítear ar bun rialachas agus maoirseacht bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud na Cuideachta.

Sa Bheartas maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údarais le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochtúil in Uisce Éireann. Ní mór do gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí le ceanglais an Chreata Rialachais (a leagann amach sceideal foirmiúil na n-ábhar atá forchoimeáda do Bhord Uisce Éireann) agus PD03.

Ní mór meas a thabhairt sa chaiteachas caipitil uile ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, agus ní mór dóibh cloí le haon cheanglais a fhéadfaidh an Coimisiún um Rialáil Fónais a shocrú, ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus le planáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Baintear úsáid as modhanna breithmheasa cuí agus comhréireacha de réir mar a cheanglaítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí i leith tionscadail agus clár chaipitil chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú. Déantar tionscadail agus clár chaipitil a mheas agus a chur ar fáil agus próiseas faofa 5 chéim in úsáid, agus iad ailínithe le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus leis na Treoirínte Earnáilsonracha.

Feidhmíonn próiseas ceangaltas caipitil Uisce Éireann ar an mbonn seo a leanas: déanann an chuideachta cead cuí a lorg ón Aire roimh ré as imchlúdach foriomlán na gceangaltas caipitil a dhéanfar sa chéad bhliain airgeadais eile. Ar leithligh, iarrann Uisce Éireann ceadanna ón Aire sula ndéanfaidh sé aon cheangaltas

Tuarascáil an Bhoird (ar lean)

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

d'aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €50m nó os a chionn ag baint leis. Cuirtear ceadanna an Aire faoi bhráid na máthair-Roinne (RTRÁO) agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrath. I gcomhthráth le cur isteach na gceadanna ón Aire chuig RTRÁO, cuirtear na ceadanna ón Aire isteach chuig NewERA a chuireann comhairle airgeadais agus tráchtála a bhaineann go sainiúil le tionscadal ar RTRÁO, sula gceadaíonn RTRÁO cead ón Aire.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí ar luach níos mó ná €1m, faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais (EAC), lena n-áirítear a fhochoistí, d'athbhreithniú agus faomhadh mionsonraithe. Éilítear faomhadh an Bhoird maidir le haon chaiteachas caipitil ar bhonneagar níos mó ná €20m. Éilítear cead an bhoird maidir le haon infheistíocht neamhbhonneagair níos mó ná €10m.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhoird maidir le stádas na dtionscadal agus na gclár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairiscíú buiséid agus difríochta faoi bhráid an Bhoird chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gculpóirí sin. I measc na dtairiscintí agus na gconarthaí ina dhiaidh sin tá dianriachtanas seachadta chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn an chonartha. Cuirtear athbhreithnithe iarthionscadail agus tuarascálacha deiridh airgeadais faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais, an Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus Bord Uisce Éireann lena measúnú, ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir.

Éascaíonn cruinnithe clabhsúir tionscadail agus athbhreithnithe ar chláir bliantúla cur chuige 'príomhcheachtanna a foghlaimíodh' a mheastar, a rianaítear agus a chuirtear i bhfeidhm ansin mar chuid de thionscadail reatha agus tionscadail amach anseo ar fud na heagraíochta de réir mar is cuí.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag Uisce Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a córais na rialuithe inmheánacha.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha go dtí dáta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíontachta agus córais bainistithe riosca do 2023, agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú mar sin le linn 2024. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú mionsonraithe, agus seoladh tuairisc ar na torthaí chuig an mBord.

Tuairiscíú ar Rialú Inmheánach

Le linn 2023, bhí na córais, próisis agus nósanna imeachta riachtanacha á gcur i bhfeidhm ag Uisce Éireann chun rialú láidir inmheánach a chinntiú trí beartais agus creat rialála inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

Aistriú cuntasafóichta le haghaidh Feidhmeanna Seirbhíse Uisce.

Mar a luaitear san Athbhreithniú Forbhreathnaithe ar leathanach 41, tháinig Máistir-Chomhaontaithe Comhair (MCC) i bhfeidhm in 2023 le 30 as 31 de na hÚdarás Áitiúla (tháinig MCC le Comhairle Contae Lú go luath sa bhliain 2024), leis seo foráiltear go bhfuil cuntasafóichta iomlán ag Uisce Éireann maidir le Feidhmeanna Seirbhíse Uisce agus foráiltear go bhfuil an Bhainistíocht agus Treoir ag Uisce Éireann maidir le Foireann Seirbhíse Uisce. Chun é seo a ullmhú, bunaíodh rialaithe agus próisis

a chinntigh go raibh Uisce Éireann in áit chun na freagrachtaí seo a ghlacadh nuair a tháinig an MCC i bhfeidhm. Le teacht i bhfeidhm an MCC, tá 3,000 ball foirne faoi Bhainistíocht agus Treoir díreach Uisce Éireann ó mhí Lúnasa 2023. Forbróidh agus aibéoidh rialuithe agus próisis de réir mar a dhéantar seirbhísí a chaighdeánú.

Déantar foráil leis an MCC freisin go rachaidh Uisce Éireann agus gach Údarás Áitiúil isteach i gComhaontú Seirbhíse Tacaíochta, agus na seirbhísí tacaíochta á leagan amach a chomhaontaigh an tÚdarás Áitiúil a sholáthar d'Uisce Éireann chun tacú le soláthar Feidhmeanna Seirbhíse Uisce agus an tréimhse ina mbeidh siad seo á n-aistriú go Uisce Éireann. Arís, le linn na hidirthréimhse, forbróidh agus aibéoidh na rialuithe agus próisis maidir leis na réimsí seo taobh istigh d'Uisce Éireann.

Roimh theacht i bhfeidhm gach AIC (agus SSA maidir le seirbhísí tacaíochta, táthar/ bhíothas ag brath ar réimse rialaithe á bhfeidhmiú ag Údarás Áitiúla de bhun na Comhaontaithe Leibhéal Seirbhíse. Forbróidh agus aibéoidh na rialuithe seo mar aon le próisis agus nósanna imeachta gaolmhara.

Agus an fhreagracht dlíthiúil ag na hÚdarás Áitiúla i leith sheirbhísí nach seirbhísí uisce iad amhail bearta tuillte, chomhaontaigh Uisce Éireann tacaíocht a sholáthar de bhun an MCC do na húdarás áitiúla do limistéir chriticiúla na seirbhísí nach seirbhísí uisce iad ar feadh tréimhse 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an MCC san Údarás Áitiúil sin. Sonraítear san SSA na seirbhísí criticiúla nach seirbhísí uisce iad a éilíonn gach Údarás Áitiúil ó Uisce Éireann. Cuireadh rialuithe agus próisis i bhfeidhm chun seirbhísí criticiúla nach seirbhísí uisce iad a sholáthar do na hÚdarás Áitiúla agus déanfaidh na rialuithe agus na próisis seo dul chun cinn agus éiríodh siad níos aibí de réir a chéile.

Bearta Forfheidhmithe

Tá deacrachtaí géilliúlachta ann maidir le huisce óil agus fuíolluisce mar a aithníodh i dTuarascáil Bhliantúil an GCC 2022 maidir le hUisce Óil agus i dTuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Fuíolluisce Uirbeach, agus mar is léir ó bearta forfheidhmithe a rinne an GCC agus IIÉ. Tá moill i soláthar comhlíontachta mar thoradh ar mheascán cúiseanna lena n-áirítear mar shampla, dul in aois an bhonneagair á bhainistiú ag Uisce Éireann, scála na n-oibriúcháin agus infheistíocht de dhíth, moill i soláthar oibriúcháin caipitil mar thoradh ar moill sa phleanáil agus próisis reachtúla eile, COVID, boilsciú, an slabhra soláthair agus infhaighteacht acmhainne. Bíonn cruinnithe rialta ar siúl idir Uisce Éireann agus an GCC agus idir Uisce Éireann agus IIÉ chun plé a dhéanamh maidir le dul chun cinn agus ábhar imní.

Orduithe Oibre um Cheangail Nua a Phróiseáil Aithníodh deacracht maidir le monatóireacht agus dul chun cinn maidir le horduithe oibre do cheangail ar chórais Uisce Éireann in R2 2023. Cé go bhféadfadh gur cuireadh obair maidir leis na ceangail i gcrích sna mblianta roimhe seo, i gcásanna áirithe níor bhrúdh ar aghaidh orduithe oibre chuig an stádas cuí ar chórais Uisce Éireann agus dá bhrí sin ní fhéadfaí iad aithint. Tá tionchar aige seo ar an ioncam tuairiscithe don tréimhse reatha de €9.9m d'ioncam ardaithe iomlán don tréimhse sin. Aimsíodh údar na faidhbe agus tá rialuithe nua chun an fhadhb a mhaolú scríofa síos agus i bhfeidhm chun fadhbanna sa chás seo agus sa chás inár chuir daoine eile an cheangal i gcrích a fheabhsú. Déanfar dul chun cinn maidir leis na rialuithe a fheabhsú agus maidir le córas uathoibríoch a bhrú chun cinn sa bhliain 2024.

Soláthar

Le linn 2023, tabhaíodh caiteachas i gcás amháin nár chomhlíon nósanna imeachta soláthair ina n-iomláine. Tógadh céimeanna lena gcinntítear go gcuirfear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm.

Catagóir	Sonraí na mbearta	Bearta ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm	Luach measta
Eolaíochta	Earcú Acmhainní Sábháilteachta	A thuilleadh oiliúna éigeantaí maidir leis an mbearta soláthair.	€58,974

Calaois Amhrasta

I mí an Mhárta 2021 chuir Údarás Áitiúil Ervia agus Uisce Éireann ar an eolas maidir le calaois amhrasta a tharla maidir le soláthar seirbhísí uisce, iarfhostaí Údarás Áitiúil a bhí ann. Tá an chalaos amhrasta á fhiosrú go fóill ag Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (GNECB), agus tá Ceannasaí Iniúchóireachta Imheánaí Uisce Éireann ag tabhairt cúnamh fairsing don GNECB. Glacfaidh sé cúpla bliain don chás seo conclúid dlíthiúil iomlán a bhaint amach. Idir an dá linn, soláthrófar nuashonraithe rialta do Bhord an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

D'ainneoin cúrsaí thuasluaite, tá an Bord sásta leis an timpeallacht rialála foriomlán d'Uisce Éireann agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh i bhfeidhm agus á chothú.

Conclúid

Príomhghníomhaíochtaí agus forléargas na Cuideachta

Cuirtear na príomhghníomhaíochtaí agus forbhreathnú ar an gCuideachta ar fáil in athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar leathanaigh 8-10.

Torthaí don bhliain

Tá torthaí na bliana airgeadais leagtha amach san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 34-38. Is é an chomhairle a thug an scairshealbhóir ná; nár cheart d'Uisce Éireann díbhinn a íoc ach gur cheart dó aon bharrachas as ag cuid oibríochtaí a ath-infheistiú i mbonneagar uisce.

Athbhreithniú gnó agus forbairtí sa todhchaí

Tá tráchtairreachtaí maidir le feidhmíocht sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear faisnéis maidir lenár forbairtí amach anseo le fáil san Athbhreithniú Oibriúcháin ar leathanaigh 41-46.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid atá orthu, leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil agus pearsanra cuntasaíochta a fhostú chuige sin a bhfuil an saineolas cuí acu, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag Áras Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1.

Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Chuideachta aon síntiúis polaitiúil i gcaitheamh na bliana airgeadais (2022: Nialas).

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt mhaith rioscaí mar gheall ar chastacht rialaithe agus oibriúcháin ár ngnó. Má bhíonn tuiscint againn ar na rioscaí agus na deiseanna féideartha, beidh an Chuideachta in ann cinntí eolasacha a dhéanamh, agus

Tuarascáil an Bhoird (ar lean)

Conclúid (ar lean)

luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara dá bharr. Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí atá roimh an gCuideachta sa Tuarascáil ar Bhainistiú Riosca ar leathanaigh 24-33. Féach ar nóta 21 le haghaidh anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

Taighde agus forbairt

Sa bhliain 2023, leag an fhoireann nuálaíochta fíis nua amach chun tús a chur le cultúr nuálaíochta ar fud na hearnála uisce thar 6 théama straitéise atá dírithe ar ár bpríomhchuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach. Ag deireadh na bliana 2023 bhí breis agus 100 tionscnamh ar siúl trí obair i gcomhar go hirléimsiúil idir Éire, an tAontas Eorpach agus an RA. Tá réimse tionscnaimh i gceist ó thionscnamh thaighde go cláir phiólótacha agus tionscadail a bhfuil torthaí intomhaiste á scálú agus á soláthar acu. I measc na samplaí tá:

- Aisghabháil teasa ó fhuíolluisce/ teas ceantair
- Aquapea chun sceitheadh ar sheirbhísí teaghlaigh a laghdú.
- Vortec Power Aerator, ais-suiteáil fuíolluisce atá tíosach ar fhuinneamh

Tá ár dtionscnaimh nuálaíochta á maoiniú go díreach ag ár mbuiséid CAPEX agus OPEX, agus tá tionscadail a bhfuil clochlú níos mó ag baint leo á maoiniú tríd an Chiste Nuálaíochta Seirbhísí Uisce tiomnaithe arna dáileadh ag an CRF.

Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí feidhmíocht a mhonatóiriú trí leas a bhaint as sraith príomhtháscairí feidhmíochta. Déantar plé orthu sin go mionsonraithe ar leathanaigh 18-21.

Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna

Ní raibh leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí aon uair le linn na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2023.

Nochtann Stiúrthóirí aon leas agus, de réir mar a éilíonn an Cód, ní bhíonn siad páirteach in aon phlé ná cinnteoireacht de chuid an Bhoird áit a bhfuil coinbhleacht ann nó áit a bhfuil leas díreach nó indíreach acu. De réir Alt 1.4 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais atá i gceangal leis an gCód, tá cur síos ar luach saothair an POF don tréimhse le fáil i nóta 3 de na ráitis airgeadais.

Acht na gCuideachtaí 2014

De bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá Uisce Éireann díolmhaithe ón oibleagáid, na focail "Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe" a úsáid chun cur síos ar chineál na cuideachta ina ainm.

Ráiteas ar fhaisnéis iniúchta ábhartha

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach bhfuil, chomh fada agus is eol dóibh féin, aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus go bhfuil na Stiúrthóirí tar éis na bearta uile a chur i gcrích a raibh de dhualgas orthu iad a chur i gcrích mar Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhú gur cuireadh an fhaisnéis sin ar a súile d'iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

Gnóthas Leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Chuideachta dá dlíteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus go leanfaidh sí i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Léirítear le tuartha agus réamh-mheastacháin na gnólachta go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh Uisce Éireann freastal ar a dlíteanais nuair a thiocfaidh siad aníos de bharr meascán de mhaoiniú agus taraifí Stáit a ghearrann Uisce Éireann. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráitis airgeadais na Cuideachta.

Féach ar nóta 1 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh nochtadh mionsonraithe gnóthais leantaigh na Cuideachta.

Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Chuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais, seachas mar atá luaite i nóta 26 de na ráitis airgeadais.

Iniúchóir neamhspleách

Tháinig socrúcháin freagrachta agus iniúchta athbhreithnithe i bhfeidhm d'Uisce Éireann nuair a cuireadh tús leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022. Ón 1 Eanáir 2023, tá Uisce Éireann faoi réir dhá iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus a iniúchóir reachtúil tráchtála faoi Achtanna na gCuideachtaí.

I gcomhréir le hAlt 17C (4) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 (arna leasú), tá táillí iniúchta do Deloitte Ireland LLP chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain 2023 faoi réir faomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

I ndiaidh cur i gcrích phróiseas tairiscint iomaíoch agus comhairliúcháin leis an Aire, ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir tráchtála reachtúil d'Uisce Éireann do na blianta 2024, 2025 agus 2026.

I gcomhréir le hAlt 17B(5) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 (arna leasú), tá táillí iniúchta do C&AG chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann do 2023 faoi réir faomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Le haghaidh agus thar ceann Uisce Éireann:

Tony Keohane
Cathaoirleach

Gerry Britchfield
Comhalta Boird

Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Thar ceann Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Uisce Éireann, tá mé sásta tuarascáil an choiste a chuir i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Bhí an chéad chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Uisce Éireann i mí Feabhra 2023, tar éis scartha dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia ag deireadh 2022. Is é aidhm na tuarascála ná léargas a sholáthar maidir le oibriúcháin an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le 12 mhí anuas.



Gerry Britchfield
Cathaoirleach an Choiste

Baill an Choiste

Tá 4 Chomhalta Boird Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha de chuid Uisce Éireann ar an gCoiste. Is iad Gerard Britchfield (Cathaoirleach), Cathy Mannion, Eileen Maher agus Michael Walsh comhaltaí an Bhoird. Tugann na comhaltaí eispéireas agus saineolas ó réimse earnálacha agus cúlraí, rud atá rí-thábhachtach chun tacú le rialachas éifeachtach.

Is é Bord Uisce Éireann, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta na Cuideachta.

Ról agus Freagrachtaí an Choiste

Is é ról an Choiste, mar a leagtar amach sna Téarmaí Tagartha, tacú le Bord Uisce Éireann maidir lena fhreagrachtaí do na cúrsaí seo a leanas:

Tuairisciú airgeadais,
Bainistíocht Riosca,
Rialuithe Inmheánacha,
Iniúchadh inmheánach,
Iniúchadh seachtrach.

tugann an coiste faoi gníomhaíochtaí gaolmhara eile freisin lena n-áirítear oibleagáidí maidir le inbhunaitheacht chorporáideach a thuairisciú, beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtaí cosanta, frithchalois, frithbhreabaireacht agus frith-éilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Uisce Éireann maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste.

Bearta an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Le linn 2023, ghlac an Coiste neart ama chun a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, bhuaill siad le chéile 8 n-uaire le linn na bliana. I measc lucht freastail ag cruinnithe an Choiste, a fuair cuireadh ón gCoiste, bhí an POF, an Príomhoifigeach Airgeadais, an Príomhoifigeach Dlíthiúil, Rúnaí na Gnólachta, an Stiúrthóir Straitéise, Athléimneachta agus Rialúcháin, Ceannasaí Iniúcháireachta Inmheánaí, Ceannasaí um Rialáil Airgeadais agus Pleanáil, Ceannasaí um Rialachas Airgeadais agus Géilliúlacht, Ceannasaí um Bainistíú Riosca Fiontraíochta agus ionadaithe ó iniúcháirí seachtracha. Nuair is nuair a bhíonn sé riachtanach, tugtar cuireadh do phríomhfheidhmeannaigh agus do bhaill eile den bhainistíocht shinsearach a bheith i láthair chun léargas níos doimhne a chur i láthair agus a chur ar fáil maidir le topaicí éagsúla de réir mar a cheanglaítear ag an gCoiste chun a dhualgais a chomhlíonadh.

Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca *(ar lean)*

Chuaigh an Coiste i dteagmháil go minic le bainistíocht shinsearach, iniúcháireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus na hiniúcháirí reachtúla. Tá Uisce Éireann anois faoi réir iniúchta dúbailte ag Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus a iniúcháir tráchtála reachtúil araon, Deloitte, faoi Achtanna na gCuideachtaí. Bhuail an Coiste ar leithligh le hionadaithe ón Oifig C&AG agus Deloitte araon le linn na bliana. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Sonraítear thíos achoimre maidir leis na gníomhaíochtaí a chuir an Coiste i gcrích sa bhliain 2023.

Dualgas	Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023
Tuairisciú airgeadais	<ul style="list-style-type: none"> Rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann agus Ráiteas Airgeadais, sular moladh formheas an Bhoird. Rinneadh breithniú maidir le oiriúnacht mheastacháin agus breithnithe cuntasáíochta a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais lena n-áirítear oiriúnacht bonn ullmhúcháin gnóthais leantaigh na ráiteas airgeadais. Rinneadh athbhreithniú ar na beartais chuntasaíochta agus cúrsaí a raibh tionchar acu ar thuairisciú airgeadais. Rinneadh athbhreithniú ar chuntais neamhniúchta Uisce Éireann don sé mhí dar críoch 30 Meitheamh. Cuireadh measúnacht i gcrích maidir le héifeachtúlacht an iniúchára seachtraigh (Deloitte), lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le treoir eiticíúil agus gairmiúil maidir le neamhspleáchas, cáilíochtaí, saineolas agus acmhainní a chur ar fáil. Rinneadh breithniú maidir le pointí litreach an iniúchára seachtraigh. Rinneadh breithniú maidir le pleananna iniúchta ó Deloitte agus C&AG araon. Buaileadh le Deloitte agus an C&AG, ar leithligh ón mbainistíocht. Rinneadh athbhreithniú maidir le téarmaí rannpháirtíochta an iniúchára seachtraigh ó Deloitte agus C&AG. Moladh 2 rogha don Bhord maidir le iniúcháir seachtrach a cheapadh, agus rogha tosaíochta maidir le ceann amháin acu, tar éis próiseas tairisceana iniúchára seachtraigh a chur i gcrích do na blianta 2024, 2025 agus 2026. Formheasadh teorannacha maidir le conarthaí a dhámhachtain don iniúchadh seachtrach le haghaidh obair neamh-iniúcháireachta. Moladh formheas tháillí iniúchta.
Creat Bainistíocht Riosca	<ul style="list-style-type: none"> Pléadh neamh-chosaint Uisce Éireann do riosca, lena n-áirítear rioscaí atá ag treohtáil agus rioscaí atá ag borradh aníos, rialuithe maolaithe agus rátálacha sprioc-rioscaí. Rinneadh breithniú maidir le clár cuimsitheach maidir le nithe mion agus doimhne le linn na bliana, rud a dhírigh ar phríomh-neamhchosaintí ar riosca d’Uisce Éireann. Rinneadh inghlacthacht riosca a mheas, roimh formheas ón mBord. Rinneadh bhreithniú Breithníodh staid ghéilliúlachta Uisce Éireann i ndáil le Treoir maidir le Slándáil Córas Gréasán agus Faisnéise 2 agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil. Rinneadh athbhreithniú maidir le leasuithe ar an mBeartas um Bainistíocht Riosca Fiontraíochta. Formheasadh ceapachán Ceannasaí.

Dualgas	Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023
Rialuithe inmheánacha	<ul style="list-style-type: none"> Rinneadh breithniú maidir le tuarascálacha Fhóram Dearbhúcháin Chomhtháite, lena n-áirítear aon chásanna féideartha fheabhsú rialaithe. Rinneadh athbhreithniú maidir leis an Ráiteas um Córas Rialaithe Inmheánaigh agus tuarascálacha rialaithe agus rialachais gaolmhara, roimh bhreithniú an Bhoird. Rinneadh plé maidir le Mairís Comhlíonta na Stiúrthóirí i lár agus ag deireadh na bliana, roimh formheas an Bhoird. Rinneadh breithniú maidir le Tuarascáil Comhlíonta Soláthair eatramhaigh agus ag deireadh na bliana.
Iniúchadh inmheánach	<ul style="list-style-type: none"> Faomhadh an Plean Iniúchta Inmheánaigh 2024 d'Uisce Éireann. Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt Iniúcháireachta Inmheánaí. Rinneadh plé maidir le torthaí na dTuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí ráithúla d'Uisce Éireann. Rinneadh breithniú faoi nuashonraithe maidir le dul chun cinn chur i bhfeidhm na moltaí Iniúcháireachta inmheánaí. Athbhreithníodh an Tuarascáil Sheachtrach um Measúnú Cáilíochta. Fuarthas tuarascálacha maidir le tuairisciú rúnda. Rinneadh éifeachtúlacht fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh a mheas.
Ábhair eile	<ul style="list-style-type: none"> Rinneadh plé maidir le hOibleagáidí Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Corparáideach Uisce Éireann faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach. Chuir comhaltaí an choiste oiliúint i gcrích mar gheall ar an Treoir, mar chuid de sheisiún oiliúna de chuid an Bhoird. Rinneadh breithniú faoi Thuarascáil maidir le Nochtaí Cosanta sular eisíodh é chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus sular fiosíodh é ar láithreán gréasáin Uisce Éireann. Rinneadh breithniú maidir le sraith beartas bainteach le heitic, eadhon, an Beartas Frithchalaoise, An Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe agus an Beartas um Nochtaí Cosanta. Tionscnaimh ionracais ar fud na cuideachta a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt don fheachtas 'Ag déanamh an rud ceart' - an tionscadal a bhaineann le heitic inmheánach. Rinneadh athbhreithniú maidir lena fheidhmíocht féin, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Leasuithe faofa do Théarmaí Tagartha an Choiste, roimh formheas an Bhoird. Rinneadh breithniú maidir le Tuarascáil an Chathaoirligh faoi Alt 1.9 d'arscríbhinn Tuairisciú Gnólachta agus Airgeadais den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, roimh formheas an rialtais agus sular cuireadh é faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Conclúid

Ag féachaint ar aghaidh go 2024, i measc príomhthosaíochtaí an Choiste, beidh maoirseacht a chothabháil maidir le hionracas tuairiscithe airgeadais, próisis rialála inmheánaí agus cultúr láidir bainistíocht riosca a choinneáil ar fud Uisce Éireann. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt maidir le hullmhúchán do na hoibleagáidí tuairiscithe nua faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomhaltaí Coiste as a dtiomantas chun Clár Oibre iomlán a bhaint amach sa bhliain 2023, go háirithe mar Choiste nuabhunaithe. Táim ag súil le bheith ag obair i gcomhar leo agus le foireann Uisce Éireann i 2024 agus sinn ag obair linn chun maoirseacht a chur ar fáil i ndáil le rialachas, airgeadas, iniúcháireacht, rialuithe inmheánacha, agus do shocruithe chun riosca a bhainistiú atá i bhfeidhm in Uisce Éireann.

Gerry Britchfield

Cathaoirleach an Choiste
Iniúcháireachta agus Riosca

Ráitis Airgeadais

Tuarascálacha na n-iniúcháirí neamhspleácha do chomhaltaí Uisce Éireann	82
Ráiteas ioncaim	87
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	88
Clár comhardaithe	89
Ráiteas ar athruithe as chothromas	90
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	91
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	92
Stiúrthóirí agus faisnéis eile	137



TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO CHOMHALTÁI UISCE ÉIREANN

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais Uisce Éireann (“an chuideachta”)

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta an 31 Nollaig 2023 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais chuí agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh Eile;
- an Clár Comhardaithe;
- Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 27, lena n-áirítear faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasáíochta mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach (“IFRS”) (“an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”).

Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúcháireacht i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid “Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais” dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuairamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de chonclúid go bhfuil na Stiúrthóirí ag baint úsáid as bunús cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh ar bhealach cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, níor aithníomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le dálaí a d’fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos déanta sna codanna ábhartha den tuarascáil seo ar ár bhfreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i dtaobh an ghnóthais leantaigh.

Faisnéis eile

Is éard atá sna faisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, diomaite de na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Glacann an Bord freagracht as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe uirthi, ach amháin má luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil.

Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile/

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO CHOMHALTAÍ UISCE ÉIREANN

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bharr sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúchóireacht nó an ndearnaíonn sé go ndearnadh míraiteas go hábharach ar aon bhealach eile. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó tuairisciú míchruinn ábharach mar sin, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a thuairisciú go míchruinn. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid gur tugadh míraiteas ábhartha den fhaisnéis eile sin, caithfidimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíonann siad i ngach bealach eile Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíraiteas ábhartha, cibé an de dheasca calaoise nó earráid atá sé.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus a nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht ach amháin má tá sé beartaithe ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó mura bhfuil aon rogha réalaióch eile acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíshonrú, mar gheall ar chalaos nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní hionann í agus ráthaíocht a thabhairt go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) gach míshonrú dá bhfuil ann a bhrath i gcónaí. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá tuilleadh mínithe dár bhfreagrachtaí le haghaidh an iniúchta ar na ráitis airgeadais lonnaithe ar shuíomh gréasáin IAASA ag: <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements>. Is cuid de thuarascáil ár n-iniúchóirí an míniú seo.

Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Tuairim faoi ábhair eile arna fhorordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh go héasca agus i gceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais..
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linne tá an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint a fuarthas ar an gcuideachta agus a timpeallacht le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíraráitis ábhartha i dtuarascáil an bhoird.

Feictear dúinn nach bhfuil aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí.


/Ar leanúint ón leathanach roimhe

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO CHOMHALTAÍ UISCE ÉIREANN

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an “Cód Cleachtais”), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an chuideachta ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Ár dtuarascáil a úsáid

Déantar an tuarascáil seo chuig comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht chucu sin amháin, i gcomhréir le hAlt 391 d’Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár gcuid oibre iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na hábhair is gá dúinn a dhearbhu do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhu i dtuarascáil iniúchóra agus gan aon chuspóir ar bith eile a bheith i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as duine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.



Kevin Sheehan

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Áras Deloitte & Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

25 Aibreán 2024



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Uisce Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17B(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile, an clár comhardaithe, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais Uisce Éireann amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2023, agus
- ullmháidh i gceart iad i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

An bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) arna gcur chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Uisce Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiteicúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis an caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar a thuairiscítear san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tagaim ar thuairim maidir leis na nithe seo a leanas

- oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus na stiúrthóirí agus
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthas eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag Uisce Éireann leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear tuarascáil an Bhoird a ionchorpraíonn an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

Séamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
25 Aibreán 2024

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar atá sonraithe i dtuarascáil na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013
- a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir an chreata tuairiscithe airgeadais atá leagtha amach i nóta 1 de na ráitis airgeadais agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cibé acu an bhfuil úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú, a bheith saor ó mhíshonruithe ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 17B(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 ráitis airgeadais Uisce Éireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithear míshonruithe ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí maidir le míshonruithe ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainiú agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Maidir leis an riosca nach mbraithear míráiteas ábhartha de thoradh calaoise, is airde é ná an riosca i gcás míráiteas ábhartha de thoradh earráide, mar i gcás calaoise d'fhéadfadh go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, bréagléirithe, nó sárú an rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtadh lena mbaineann.

- Tagaim ar thuairim maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear, cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo a bheith ina gcúis le hUisce Éireann gan a bheith ina ghnóthas leantach a thuilleadh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnamh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainiú le linn m'iniúchta.

Déanaim tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas,

- más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasáíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- más rud é nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Ag tuairisciú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má shainiúim go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncaim

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Ioncam	2	1,560,314	1,308,758
Costais oibríúcháin	3	(983,624)	(866,406)
Cur isteach ar infháltais trádála	3	(16,449)	(18,210)
Brabús oibríúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA) agus earraí eisceachtúla		560,241	424,142
Earra eisceachtúil - ioncam deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara um cheangal nua	24	2,075	-
Earra eisceachtúil - costas deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara um cheangal nua	24	(2,075)	-
Earra eisceachtúil - glan-ioncam/(costas) deontais	24	-	-
Dímheas agus amúchadh	5	(177,537)	(167,148)
Brabús oibríúcháin		382,704	256,994
Ioncam airgeadais	6	4,119	203
Costais airgeadais	6	(8,263)	(4,523)
Glanchoistais airgeadais		(4,144)	(4,320)
Brabús roimh cháin ioncaim		378,560	252,674
Cáin ioncaim	7	(49,289)	(32,090)
Brabús don bhliain		329,271	220,584

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

		2023 €'000	2022 €'000
Oibríochtaí leanúnacha			
Brabús don bhliain		329,271	220,584
Ioncam Cuimsitheach eile			
Míreanna nach ndéanfar a athrangú chuig an ráiteas ioncaim:			
Sochair shainithe (caillteanais)/ghnóthachain achtúireacha	16	(9,683)	17,165
Cáin iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair shainithe	7	1,210	(2,146)
Iomlán an ioncaim/(chailteanais) chuimsithigh eile don bhliain		(8,473)	15,019
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		320,798	235,603

Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2023

		Nótaí 31-Nollaig-23 (i) €'000	31-Nollaig-22 €'000 athshonraithe
Sócmhainní			
Acmhainní Neamhreatha			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	8	6,890,917	5,808,817
Sócmhainní doláimhsithe	10	78,166	62,981
Trádáil agus infháiltais eile	11	-	290
Sócmhainní neamhreatha iomlána		6,969,083	5,872,088
Sócmhainní reatha			
Trádáil agus infháiltais eile	11	164,135	150,135
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta	12	289,352	310,286
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí	13	6,322	3,534
Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma	13	72,250	55,000
Sócmhainní reatha iomlána		532,059	518,955
Sócmhainní iomlána		7,501,142	6,391,043
Gnáthscaireanna agus dliteanais			
Caipiteal gnáthscaireanna			
Scairchaipiteal agus Scairbhiseach	23	(324,000)	(324,000)
Rannócaíocht chaipitiúil	23	(3,972,067)	(3,392,174)
Tuilleamh coinnithe		(1,282,621)	(961,823)
Gnáthscaireanna iomlána		(5,578,688)	(4,677,997)
Dlíteanais			
Dlíteanais neamhreatha			
lasachtaí agus fiachas eile	15	(826,539)	(640,176)
Oibleagáidí sochair scoir	16	(32,348)	(20,642)
Ioncam iarchurtha	17	(75,473)	(157,904)
Deontais	18	(9,101)	(2,579)
Soláthairtí	19	(91,323)	(43,548)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile	20	(65,197)	(55,892)
Dlíteanais iarchurtha chánach	7	(190,438)	(142,464)
Dlíteanais neamhreatha ar an iomlán		(1,290,419)	(1,063,205)
Dlíteanais reatha			
lasachtaí agus fiachas eile	15	(3,534)	(4,329)
Ioncam iarchurtha	17	(184,075)	(154,566)
Deontais	18	(350)	(70)
Soláthairtí	19	(25,495)	(55,684)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile	20	(418,581)	(435,192)
Dlíteanais reatha iomlána		(632,035)	(649,841)
Dlíteanais iomlána		(1,922,454)	(1,713,046)
Caipiteal gnáthscaireanna agus dliteanais ar an iomlán		(7,501,142)	(6,391,043)

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

Tony Keohane, Cathaoirleach
Gerard Britchfield, Stiúrthóir

Dáta Faofa, 23 Aibreán 2024

(i) Rinneadh an cur i láthair reatha/neamh-reatha ar eolas comparáideach le haghaidh trádáil agus suimeanna iníoctha eile a athshonrú i ndiaidh measúnaithe sa bhliain 2023 ar na dátaí socraíochta a rabhtas ag súil leo le haghaidh dliteanais áirithe (féach nóta 1 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Ráiteas ar Athruithe sa Chaipiteal Gnáthscaireanna

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	Scairchaipiteal agus Scairbhiseach €'000	Ranníocaíocht chaipitiúil €'000	Tuilleamh coinnithe €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2022		(324,000)	(2,938,466)	(726,220)	(3,988,686)
Brabús don bhliain		-	-	(220,584)	(220,584)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		-	-	(15,019)	(15,019)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	-	(235,603)	(235,603)
Ranníocaíocht caipitil airgid	23	-	(454,000)	-	(454,000)
Oibleagáid léasa oifige measta	24	-	292	-	292
Ar an 31 Nollaig 2022		(324,000)	(3,392,174)	(961,823)	(4,677,997)
Brabús don bhliain		-	-	(329,271)	(329,271)
Cailteanas cuimsitheach eile don bhliain		-	-	8,473	8,473
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		-	-	(320,798)	(320,798)
Ranníocaíocht caipitil airgid	23	-	(580,630)	-	(580,630)
Oibleagáid sochair scoir ar glacadh leis	24	-	737	-	737
Ar an 31 Nollaig 2023		(324,000)	(3,972,067)	(1,282,621)	(5,578,688)

Ráiteas ar Sreabhadh Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	14	510,080	462,669
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí as réadmhaoín, gléasra agus trealamh		(1,269,727)	(975,767)
Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe		(39,326)	(26,631)
Admhálacha le haghaidh méideanna atá dlite ó Údarás Áitiúla	24	982	3,968
Íocaíochtaí do ghlansócmhainní faighte ó Údarás Áitiúla	24	(7,365)	-
Gluaiseacht in iarmhéideanna airgid thirim tríú páirtí atá coimeádta le haghaidh comhthaobhachta.	13	3,696	(34,250)
Gluaiseachtaí i ndeontais	18	7,131	87
Airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(1,304,609)	(1,032,593)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Fáltais ó iasachtaí	15	231,000	111,880
Aisíocaíochtaí ar iasachtaí	15	(30,000)	-
Aisíocaíocht dliteanas léasa	9	(5,247)	(7,959)
Ranníocaíochtaí caipitil airgid thirim a fuarthas	23	580,630	454,000
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe		776,383	557,921
Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(18,146)	(12,003)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir		313,820	325,823
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig		295,674	313,820
Léirithe ar an gClár Comhardaithe mar:			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta	12	289,352	310,286
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí	13	6,322	3,534
		295,674	313,820

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

1	Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta
2	Ioncam
3	Costais Oibriúcháin
4	Costais Fostaithe
5	Dímheas agus Amúchadh
6	Glanchoistais Airgeadais
7	Cáin
8	Maoín, Gléasra agus Trealamh
9	Sócmhainní agus Dliteanais Léasa
10	Sócmhainní Doláimhsithe
11	Trádáil agus Infháiltais Eile
12	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (atá ar fáil d'úsáid cuideachta)
13	Urrúis Airgeadais
14	Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí
15	Iasachtaí agus Fiachas Eile
16	Oibleagáidí Sochair Scoir
17	Ioncam Iarchurtha
18	Deontais
19	Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil
20	Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile
21	Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais
22	Tomhas Cóirluacha
23	Caipiteal gnáthscaireanna
24	Páirtithe Gaolmhara
25	Nochtaí Párolla faoi Acht na gCuideachtaí
26	Imeachtaí ina dhiaidh sin
27	Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta gníomhaíochta sainithe atá in Uisce Éireann ('an Chuideachta') atá faoi theorainn scaireanna agus corpraithe in Éirinn ar an 17 Iúil 2013. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 530363.

Sa bhliain 2018, d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí fónas neamhspleách rialaithe, faoi úinéireacht phoiblí, den Chuideachta. Mar atá nochta i dTuarascáil Bhliantúil 2022, baineadh scaradh oibríochtúil amach amhail an 1 Eanáir 2022. Achtaíodh an reachtaíocht riachtanach chun Uisce Éireann a scaradh ón Ghrúpa Ervia i mí na Nollag 2022. Leasaíodh leis an Acht Seirbhísí Uisce (Leasú) 2022 an tAcht Seirbhísí Uisce 2013 chun scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia a éascú agus chun ainm na Cuideachta a athrú ó Irish Water go Uisce Éireann. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, ní fochuideachta é Uisce Éireann de chuid Ervia a thuilleadh. Tá socrúithe nua scair-úinéireachta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023 agus na scaireanna in Uisce Éireann i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (99 scair) agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (scair amháin), agus iad siúd amháin. Tá na socrúcháin úinéireachta scaire nua leagtha amach i nóta 23.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) agus le cinntí chlár oibre Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), mar atá formhuinith ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh, agus Achtanna na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, slánaithe don mhíle is gaire, agus ullmhaítear iad ar bhonn costas stairiúil.

Cuireadh na polasaithe sin i bhfeidhm go comhleánach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin maidir le glacadh na gcaighdeán nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na polasaithe chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Tá sonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí leagtha amach i gcuid deiridh an nóta seo faoi "Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachtacha".

Gnóthas Leantach

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Chuideachta in ann rioscaí a bhainistiú go rathúil. Cuimsíonn nóta 21 leis na ráitis airgeadais, cuspóirí, polasaithe agus próiseas na Cuideachta lena caipiteal, a cuspóirí bainistíochta riosca airgeadais agus a nochtadh ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a bhainistiú.

Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin na Cuideachta go bhfuiltear ag súil go sásóidh Uisce Éireann a dhliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite trí mheascán de mhaoiniú Stáit agus taraifí a ghearrann Uisce Éireann. Tugtar achoimre ar chreat athbhreithnithe do shamhail mhaoinithe fhadtéarmach na Cuideachta san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017. Aontaíodh agus ceadaíodh maoiniú stáit d'Uisce Éireann le haghaidh 2024 in R4 den bhliain 2023 mar chuid de phróiseas buiséadach an Rialtais. Creideann na stiúrthóirí gur léirigh an Rialtas a thiomantas do mhaoiniúchán leanúnach Uisce Éireann, agus i ndiaidh 2024 san áireamh, tríd an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022 i mí na Nollag 2022, agus léiríonn sé seo tiomantas an Rialtais d'Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta, neamhspleách agus rialaithe. Chomh maith leis sin, léiríonn An Creat um Sholáthar Seirbhísí Uisce sa Toghcháin, a bhí foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí an Mheithimh 2022, an chéad chéim eile sa phróiseas trína nglacfaidh Uisce Éireann lánfhreagracht as soláthar gach seirbhíse uisce phoiblí. Léirítear sa rannpháirtíocht idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an clár um Athrú Chun Feabhais de chuid Uisce Éireann, atá freagrach as soláthar chomhtháthú iomlán na seirbhísí uisce in Uisce Éireann agus cur i bhfeidhm na mbeartas atá leagtha amach sa Chreat, a thiomantas do mhaoiniú leanúnach Uisce Éireann. Léirítear tiomantas an Rialtais do mhaoiniúchán leanúnach d'infheistíocht chaipitiúil trí chlár infheistíochta caipitiúil Uisce Éireann a chuimsiú i dTionscadal Éireann 2040, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus rannpháirtíocht leanúnach ar Phlean Maoinithe Straitéiseach Uisce Éireann (2025-2029).

I mí an Mheithimh 2020, thóg an Chuideachta saoráidí iasachta Stáit nua, ar chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil a raibh an earnáil ghnó ina cúis leis, saoráid a bhfuil €814m di tarraingthe anois cheana. Tá an tsaoaráid de €184m atá fágtha le cur ar fáil sa bhliain 2024, faoi réir fhaomhadh an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil nach caiteachas tí é sa bhliain 2024 a chumhdach. Sa bhliain 2021, chuaigh an Chuideachta i mbun saoráid caipitil oibre €350m le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Gheall Uisce Éireann go bhféachfar chuige nach mbeidh an tsaoaráid caipitil oibre de chuid Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má fhaigheann Uisce Éireann cead ón Aire roimh ré leas a bhaint as an tsaoaráid. Tá saoráid rótharraingthe €10m ag an gCuideachta chun cabhair a thabhairt lena riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Tar éis breithníú a dhéanamh ar na fíricí atá leagtha amach thuas, agus ag tabhairt faoi deara suíomh glandliteanais reatha na Cuideachta, arb ionann é agus €100 milliún amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €131m), tá na Stiúrthóirí tar éis teacht ar an tuairim go bhfuil ionchas réasúnach acu go leanfaidh an Chuideachta ag freastal ar a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach. Tá na Stiúrthóirí tagtha ar an tuairim nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le staideanna a d'fhágfadh aon amhras suntasach ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar thréimhse na measúnachta. Is í an tréimhse mheasúnachta a úsáideann na Stiúrthóirí ná dhá mhí dhéag ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais bhliantúil sin.

Caighdeáin chuntasaíochta nua CITA i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Tá na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin glactha ag an gCuideachta, nach raibh aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí na Cuideachta ná ar nochtuithe sna ráitis airgeadais:

- Leasuithe ar CIC 1, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais, agus Ráiteas Cleachtais 2 an CITA: Beartais Chuntasaíochta a Nochtadh
- Leasuithe ar CIC 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasúcháin ar CIC 12 Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanais a eascraíonn as Idirbheart Aonair (i)
- Leasúcháin ar CIC 12 Athchóiriú Cánach Idirnáisiúnta — Rialacha Samhla Cholún a Dó
- Conarthaí Árachais agus leasúcháin CITA 17
- Leasúcháin ar CITA 17 Iarratas Tosaigh CITA 17 agus CITA 9 — Eolas Comparáideach

(i) Faoin leasúchán seo ar CIC 12, ní chuireann eintiteas an díolúine aitheantais tosaigh i bhfeidhm le haghaidh idirbhearta a bhfuil ina chúis le héagsúlachtaí sealadacha comhionanna atá inchánach agus inasbhainte. Ag brath ar an dlí cánach infheidhme, d'fhéadfadh go dtiocfadh éagsúlachtaí sealadacha comhionanna atá inchánach agus inasbhainte chun cinn ar aitheantas tosaigh sócmhainne agus dliteanais in idirbheart nach bhfuil ina mheascán gnó agus nach n-imríonn tionchar ar bhrabús cuntasaíochta ná brabús inchánach. Bhíodh beartas na Cuideachta go dtí seo i gcónaí ag teacht leis an leasúchán sin, agus dá bhrí sin, níor imir an leasúchán seo tionchar ar thorthaí tuairiscithe agus staid airgeadais na Cuideachta.

Caighdeáin agus léirmhínte nua cuntasaíochta CITA nár glacadh fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad i bhfeidhm go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl siad fomhuinthe ag an AE go fóill.

- Leasúcháin ar CIC 1 Dlíteanais a Aicmiú Reatha nó Neamhreatha
- Leasúcháin ar CIC 1 Dlíteanais a Aicmiú Reatha nó Neamhreatha – Dáta Éifeachtach a Iarchur
- Leasúcháin ar CIC 1 Dlíteanais Neamhreatha le Cúnaint
- Leasúcháin ar CIC 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus CITA 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí: Socrúcháin Airgeadais le haghaidh Soláthraithe
- Leasuithe ar Léasanna CITA 16: Dlíteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú
- Leasúcháin ar CIC 21 Éifeachtaí na nAthruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartachta

Táthar ag súil nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasuithe CITA atá fágtha agus na bhfeabhsuithe bliantúla, a eisíodh ar an 31 Nollaig 2023, ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill, ar ráitis airgeadais na Cuideachta.

Léiriúchán ar fhaisnéis chomparáideach- athráiteasTrádáil agus suimeanna iníoctha eile

Rinneadh an léiriúchán reatha/neamh-reatha ar eolas comparáideach le haghaidh trádáil agus suimeanna iníoctha eile a athshonrú i ndiaidh measúnaithe sa bhliain 2023 ar na dátaí socraíochta a rabhtas ag súil leo le haghaidh dliteanais áirithe (féach nóta 20 freisin).

	31 Nollaig 2022, mar a tuairiscíodh roimhe seo	Athshonrú	31 Nollaig 2022, mar a athshonraíodh
Neamh-reatha	(9,245)	(46,647)	(55,892)
Reatha	(481,839)	46,647	(435,192)
lomlán	(491,084)	-	(491,084)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Nóta speansas oibriúcháin

Rinneadh léiriúchán do mhéideanna comparáideacha eile le haghaidh costais oibriúcháin eile sna ráitis airgeadas sin le bheith ag teacht le léiriúchán na bliana reatha agus anailís níos mionsonraithe a chur ar fáil. Áirítear scaoileadh maidir le dliteanas athmheasúnaithe anois i gcostais oibriúcháin eile agus taispeántar costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáid anois mar líne shingil chaiteachais (féach nóta 3 freisin).

	31 Nollaig 2022, mar a tuairiscíodh roimhe seo	Athshonrú	31 Nollaig 2022, mar a athshonraíodh
Fuascailt i dtaobh athmheasúnú dliteanas	4,005	(4,005)	-
Costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáide	-	(31,155)	(31,155)
Costais oibriúcháin eile	(60,227)	35,160	(25,067)
Iomlán	(56,222)	-	(56,222)

Nóta costais ghearrthéarmacha do bhaill foirne

Léiríodh méideanna do chostais ghearrthréimhseacha na mball foirne sna ráitis airgeadais seo chun teacht le léiriúchán na bliana seo agus d'fhonn anailís níos mionsonraithe a chur ar fáil (Féach Nóta 4 freisin).

	31 Nollaig 2022, mar a tuairiscíodh roimhe seo	Athshonrú	31 Nollaig 2022, mar a athshonraíodh
Liúntais	(1,655)	(1,692)	(3,347)
Buanárachas sláinte	-	(1,148)	(1,148)
Eile	(2,840)	2,840	-
Iomlán	(4,495)	-	(4,495)

Faisnéis Ábhartha maidir le Beartais Chuntasaíochta) Maoin, gléasra agus trealamh

Aitheantas Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), agus ús arna thabhtú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

Caiteachas ina dhiaidh sin

Aithnítear iarchaiteachas, mar shampla, an costas as cuid de mhír réadmhaoine, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag gabháil leis an mír amach anseo chuig an gCuideachta, agus is féidir a chostas a thomhas go hiontaofa. Dí-aithnítear suim ghlanluacha na coda athsholáthartha. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil réadmhaoine, fearais agus trealaimh sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

Dímheas

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol fóna measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol fóna, cibé acu is giorra.

Is iad na aicmí móra sócmhainne agus a saolré fóna measta ná:

Sócmhainní bonneagair (lena n-áirítear boscaí teorann, taiscumair, píblínte uisce & fuíolluisce agus ceangail seirbhíse)	40-100 bliain
Sócmhainní oibriúcháin (lena n-áirítear méadair, caidéal, agus córais leictreacha & mheicniúla)	12-70 bliain
Sócmhainní neamh-líonra (lena n-áirítear daingneáin & feistis, feithiclí agus trealamh ríomhaire)	3-15 bliana

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Ní ghearrtar dímhéas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímhéasa, ar shaolréanna fóna agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe (lena n-áirítear aon tionchar féideartha mar gheall ar an athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht a chur san áireamh) agus déantar iad a choigeartú más cuí.

b) Sócmhainní doláimhsithe

Bogearraí agus bogearraí á bhforbairt

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go himheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go himheánach do chostais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá faoi smacht na cuideachta. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in CIC 38. Áirítear leis an gcaiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá húsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in CIC 38 i gcomhair caipitliú. Déantar socrúcháin Bogearraí mar Sheirbhís (BMS) a chlárú mar chostais oibriúcháin, ach amháin má chomhlíonann an socrúchán na critéir chaipitlithe faoi CIC 38.

Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn líne dírí sa ráiteas ioncaim le linn a saolré úsáidí fóna, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí a amúchadh, ar bhonn líne dírí, le linn a saolré úsáidí measta suas le seacht mbliana. Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

c) Bearnúchán sócmhainní

Déantar maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil réidh le húsáid go fóill a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin. Déantar sócmhainní in úsáid a mheas ar dháta an tuairiscithe chun cinneadh cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann. Má tá comhartha ar bith ann, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas ansin.

Má tá comhartha bearnúcháin ann, déanfar bearnúchán a mheas. Chun críocha bearnúcháin a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna) - déan tagairt do chuid na mbreithiúnas agus meastachán le haghaidh tuilleadh sonraí. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a mhéid in-aisghabhála nó má chinntear nach bhfuil sé dóchúil a thuilleadh go gcuirfidh an tionscadal sócmhainn ar fáil. Aithnítear caillteanais bearnúcháin sa ráiteas ioncaim.

d) Ioncam

Déantar ioncam a thomhas ar bhonn leis an méid a bhfuil an Chuideachta ag súil le bheith ina teideal i gconradh le custaiméir agus ní cuirtear méideanna bailithe thar ceann tríú páirtithe san áireamh. Aithníonn an Chuideachta ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, de réir mar atá leagtha amach sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Má mheastar nach bhfuil na critéir um aithint ioncaim comhlíonta i gcás idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil go mbaileofar é.

Tá roinnt foinsí ioncaim de chuid na Cuideachta ag brath ar a bheith ceadaithe ag an rialtóir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fónas. D'fhéadfadh go mbeadh ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil an ioncaim "cheadaithe" rialála i mbliana mar thoradh ar imthosca áirithe. D'fhéadfaí aon ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú do ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

Is ionann ioncam go príomha agus na luachanna díolacháin a d'eascair as na gnéithe seo a leanas:

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí baile - Ioncam fóirdheontais ón Rialtas

Ceannaíonn an Rialtas, agus é ag feidhmiú ina cháil mar Rialtas, méid áirithe uisce agus fuíolluisce ón gCuideachta thar ceann custaiméirí baile agus ag praghas idirbhearta ag teacht leis an ioncam ceadaithe a shocraigh an CRF. Aithníonn an Chuideachta an t-ioncam seo ar bhonn córasach chun an uair ar díoladh na hearraí leis an Rialtas a léiriú. Déantar bille don ioncam fóirdheontais go léir agus bailítear é laistigh den tréimhse tuairiscithe.

Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí tráchtála

Déantar bille don ioncam bunaithe ar an méid a sholáthraítear. Aithnítear meastachán ar luach na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léimh méadair deiridh agus an dáta tuairiscithe ioncaim nuair a bhíonn seirbhísí curtha ar fáil, ach nach mbíonn aon sonrasc tugtha ag an dáta tuairiscithe.

Ioncam ó cheangail nua

Faigheann an Chuideachta ranníocaíochtaí ó chustaiméirí chun iad a cheangal leis an líonra. I gcás go ndéantar bille do na ranníocaíochtaí roimh ré, aithnítear iad in ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig ioncam de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta (is é sin, dearbhú go bhfuil ceangal le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil le húsáid).

e) Léasanna

Nuair a chuirtear tús le conradh léasa déanann an Chuideachta measúnú ar cibé acu an léas an conradh nó an bhfuil léas i gconradh. Má thugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Sa chás ina bhfuil an Chuideachta ina léasaí, aithnítear sócmhainn ceart úsáide (curtha i láthair laistigh de 'Maoin, gléasra agus trealamh') agus dliteanas comhfhreagrach (curtha i láthair laistigh de 'lasachtaí agus fiachas eile') amhail an dáta a bhfuil an tsócmhainn ar léas ar fáil le húsáid ag an gCuideachta.

I gcás léasanna gearrthéarmacha (tréimhse léasa níos lú ná 12 mhí) agus ar luach íseal (luach na sócmhainne nua níos lú ná \$5,000), aithníonn an Chuideachta na híocaíochtaí léasa mar speansas oibriúcháin ar bhonn líne díri thar théarma an chonartha. mura rud é go bhfuil bunús córasach eile níos ionadaí don phatrún ama ina n-ídítear leas eacnamaíoch na sócmhainní ar léas.

Déantar an téarma léasa a mheas mar thréimhse léasa nach féidir a chur ar ceal, chomh maith le haon tréimhse atá clúdaithe ag roghanna sínidh / foirceanta atá cinnte le cur i bhfeidhm go réasúnta. Déantar an téarma léasa a athmheas nuair a bhíonn imeacht suntasach ar siúl nó athrú suntasach ar chúinsí agus déantar é a athbhreithniú más cuí.

f) Oibleagáidí sochair scoir

Scéim pinsin sochair sainithe

Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

Ní hamháin go n-áirítear le pleananna sochair iarfhostaíochta socruithe foirmiúla ach áirítear leo freisin cleachtais neamhfhoirmiúla as a n-eascaíonn oibleagáidí inchiallaithe. Mar sin, tá an chóireáil chuntasaíochta mar an gcéanna cibé acu an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe atá i gceist.

I gcás scéimeanna sochair shainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den ráiteas ioncaim agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iarsheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar shocraíochtaí agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí sna cásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús do na costais ghaolmhara mar chuid den tsoláthar athstruchtúraithe a aithint. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaire a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

Léiríonn an oibleagáid sochair scoir atá aitheanta sa chlár comhardaithe luach reatha i dtaobh oibleagáid sochair shainithe na scéimeanna glana ó luach cóir reatha na sócmhainní scéime.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe

Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh nach n-eascraíonn aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe chun méideanna breise a íoc uaithi. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

g) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas i dtosach ar an gclár comhardaithe má tá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na coinníollacha a ghabhann leis. Déantar deontais a chúitíonn an Chuideachta as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré fhóinteach na sócmhainne chun an muirear dímhéasa a mheaitseáil. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Chuideachta as costais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na costais.

Cuirtear cuntasaíocht deontais i bhfeidhm ar chláir aisíocaíochta (amhail aisíocaíocht táillí baile agus an Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha) atá maoinithe ag an Rialtas ag feidhmiú mar rialtas agus curtha i láthair mar earraí eisceachtúla (féach “cur i láthair earraí eisceachtúla” thíos). I ndiaidh bhailíochtú an éilimh aisíocaíochta ceangal, aithnítear an t-ioncam deontais agus an costas deontais gaolmhar leis féin sa ráiteas ioncaim. Déantar an ranníocaíocht chúí a aisíoc ansin agus cuirtear maoiniú an rialtais ar fáil ina dhiaidh sin.

h) Forálacha agus dliteanais theagmhasacha

Déanann an Chuideachta meastóireacht ar a neamhchosaintí ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá ar feitheamh nó le héilimh eile atá fós gan réiteach faoi réir socraíochta caibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialacháin Rialtais. Aithnítear foráil nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Áirítear san anailís measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh ar feitheamh nó go n-eascróidh dliteanas, an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar agus tráthúlacht fhéideartha an tsocraithe.

Maidir le nithe ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith ann nó nach sásaíonn na critéir aitheantais le haghaidh forála, aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha iad, ach amháin más fánach an seans go ndéanfar buntáistí eacnamaíocha a aistriú.

D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na forálacha a chinnfear amach anseo mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirfear faisnéis bhreise ar fáil. Tá seans ann go mbeidh difear idir na costais iarbhir agus an fhoráil mheasta, rud a léireoidh éiginnteacht bhunúsach an phróisis mheastacháin seo. Tá sonraí na bhforálacha agus na ndlíteanas teagmhasach foilsithe i nóta 19.

i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis iad a aithint i dtosach, sonraítear iasachtaí ar chostas amúchta agus úsáid á baint as an nglanráta úis.

Trádáil agus infháltais eile

Aithnítear infháltais thrádála agus infháltais eile ar dtús ag praghas idirbhirt infhála atá infhála agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin toisc nach bhfuil aon chomhpháirt suntasach maoiniúcháin i gceist, lúide liúntas cuí do chaillteanais ionchais creidmheasa. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin ag úsáid múnla do chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán a bhfuiltear ag súil leis mar chostas sna costais oibriúcháin agus curtha i láthair mar ‘Bearnúchán ar infháltais thrádála’. Ríomhtar an méid caillteanais creidmheasa ionchais trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhir bailiúcháin airgid stairiúil, i leith phroifíl an fhiachais aosaithe le tosca maicreaeacnamaíochta an todhcháí agus tosca a bhaineann go sonrath leis na féichiúnaithe tugtha san áireamh.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Áirítear in airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh atá inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha iad coibhéisí airgid thirim atá inchomhshóite go héasca go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamshuntasach athruithe ar luach agus a choinnítear chun tiomantais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh seachas le haghaidh infheistíochta nó na gríoch eile.

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Sa chás go bhfuil na coinníollacha agus an rún le haghaidh fritháirimh ann, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim le chéile le hiarmhéideanna rótharraingthe agus cuirtear an t-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

In áiteanna a bhfuil srianta conartha ar chumas na Cuideachta airgead tirim a úsáid (m.sh. airgead tríú páirtí a fuarthas mar shláine airgeadais agus a coimeádadh i gcuntais inrochtana laistigh de 3 mhí), léirítear na cistí seo mar "Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí". Tá Airgead tirim coinnithe, nuair nach bhfuil aon srian ar úsáid, léirithe mar Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid chuideachta".

Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma

Léirítear urrúis airgeadais coinnithe ar théarmaí taiscí níos mó ná 3 mhí ag dáta na héadála mar "Sócmhainní Airgeadais - urrús airgeadais coinnithe ar théarma taisce" toisc nach sásaíonn siad an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, toisc nach bhfuil na taiscí inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is airgead tríú páirtí é seo, a bhí coimeádta faoi shocruithe urrúis, rud a chuireann srianta conartha ar chumas na Cuideachta an t-airgead seo a úsáid..

Trádáil agus suimeanna iníoctha eile

Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

j) Ioncam airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar chistí a infheistíodh. Aithnítear ioncam úis de réir mar a fhabhraíonn sé sa ráiteas ioncaim, le húsáid á bhaint as an modh ráta úis éifeachtach.

k) Costais airgeadais

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí (a aithnítear tar éis ábhar a mheas), cailteanais bhearnúcháin aitheanta ar shócmhainní airgeadais (seachas infháiltais trádála) agus glanchostais ús pinsin. Aithnítear costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadail, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, sa ráiteas ioncaim agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaire a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

l) Cáin ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Déantar cáin ioncaim a aithint sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go mbaíneann sí le míreanna a aithnítear go díreach sa chothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó cailteanas inchánach don tréimhse, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na dtréimhsí roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar cáin iarchurtha a aithint i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabaigh inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Aithnítear foráil maidir leis na nithe sin a bhfuil cinneadh cánach éiginnte maidir leo ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach amach anseo. Tomhaistear na soláthairtí ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar a bheidh iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach laistigh den Chuideachta, arna thacú ag taithí roimhe seo i ndáil le gníomhaíochtaí den sórt sin agus i gcásanna áirithe bunaithe ar shainchomhairle chánach neamhspeáiche.

m) Bearta Neamh-GAAP

Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus an fhiachais eile lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Baineann an Chuideachta úsáid as na bearta agus cur i láthair neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

n) Earraí eisceachtúla a chur i láthair

Mar a cheadaítear de réir CIC 1 Cur i Láthair Ráitis Airgeadais, nocht an Chuideachta eolas breise maidir le hearraí eisceachtúla ar éadan an ráitis ioncaim, chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht airgeadais na Cuideachta. Breathnaítear ar earra mar earra eisceachtúil má mheastar go bhfuil sé neamhghnách ó nádúr agus scála agus chomh tábhachtach sin go bhfuil nochtadh ar leith ag teastáil ionas go dtuigtear na ráitis airgeadais i gceart.

Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachtacha

Éilítear ar an gCuideachta meastacháin, toimhdí agus breithiúnais ar leith a dhéanamh a chreideann sí a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus í ag cur na bpolasaithe cuntasaíochta seo i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Déantar na meastacháin, barúlacha agus breithiúnais sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Beidh an timpeallacht ina mbeidh an Chuideachta ag feidhmiú faoi réir thionchair an athraithe aeráide, agus imreoidh sé sin tionchar ar conas a chuirtear seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil amach anseo. Leanfaidh an Chuideachta lena measúnú a fhorbairt maidir le tionchair an athraithe aeráide ar a sócmhainní agus dliteanais agus impleachtaí féideartha an athraithe aeráide ar a bonneagar agus oibriúcháin. Cuireadh tionchar an athraithe aeráide san áireamh maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais seo agus níor aithníodh aon athrú ar bhreithiúnas nó meastachán sa phróiseas (féach thíos le haghaidh nochtadh sa bhreis más cuí). Tugadh aird chúí freisin ar ghnéithe maicreacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear boilsciú. Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gCuideachta maidir le gach ceann de na breithiúnais agus na meastacháin a bhfuil tionchar ag gabháil leo mar atá leagtha amach thíos. Déanann an Chuideachta measúnú ar bhonn leanúnach ar a meastacháin ag baint úsáide as taithí stairiúil, comhairliúcháin le saineolaithe agus modhanna eile a cheaptar a bheith réasúnach sna cúinsí ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Aithneofar a éifeacht sa tréimhse ina dtagann na fíricí chun solais a n-eascaíonn an t-athbhreithniú astu.

(i) Breithiúnais shuntasacha maidir le beartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm

Seo a leanas na breithiúnais shuntasacha, seachas iad siúd lena ngabhann meastacháin (a dhéantar cur síos ar leith orthu thíos), atá déanta ag an gCuideachta agus í ag cur i bhfeidhm na mbeartas chuntasaíochta sin agus a mbíonn an éifeacht is mó acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

a) Aicmiú costas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil

Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúcháin) araon ann. Tá na polasaithe, na rialúcháin agus na nósanna imeachta chúil i bhfeidhm ag an gCuideachta leis na rioscaí go ndéanfaí caiteachas neamhincháilithe a chaipitliú a mhaolú.

Déantar costais a bhaineann le tionscadail atá sna céimeanna tosaigh den phleanáil a chaipitliú sa chás go bhfuil an Chuideachta sásta gur dócha go bhfaighfear na toilithe riachtanacha agus go bhforbrófar na tionscadail chun sócmhainn a sholáthar go rathúil ionas go sreabhfaidh aischuir amach anseo chuig an gCuideachta.

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

Tá fad na céime pleanála roinnt tionscadal straitéiseach an-fhada de bharr na ndúshlán iomadúil reachtaíochta agus dlíthiúil a bhí roimh na tionscadail seo. Tá scála na dtionscadal seo chomh suntasach sin go mbeidh an chéim thógála fada go leor, agus ar an gcaoi sin táthar ag súil go mbeidh na sócmhainní seo fágtha mar 'shócmhainní faoi thógáil' go ceann tréimhse ama suntasaigh. Ar an 31 Nollaig 2023, aithníodh €115.7 milliún mar shócmhainní faoi thógáil i dtaca le tionscadail dá leithéid, is é sin Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre agus Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2022: €107.5 milliún). Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar na tionscadail seo ar bhonn rialta chun a chinneadh an bhfuil imeachtaí nó imthosca tagtha chun cinn a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh nach mbeadh suim ghlanluacha na sócmhainne in-aisghabhála; ag an bpointe sin dhéanfaí an tsócmhainn a mheas le haghaidh dí-aitheanta. Shocraigh na hathbhreithnithe seo, le linn 2023 agus i ndiaidh dheireadh na bliana, go bhfuil sé oiriúnach leanúint leis na costais seo a aithint mar 'shócmhainní faoi thógáil' ar an gclár comhardaithe.

(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoincís eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas i rith an bhliain seo chugainn.

a) Sócmhainní bonneagair agus na sócmhainní a úsáidimid inár gcuideachta

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é comhiomlán mhaoin, gléasra agus trealamh agus shócmhainní doláimhsithe na Cuideachta agus €6,969.1 milliún (2022: €5,871.8 milliún), arbh ionann é sin agus formhór shócmhainní na Cuideachta. Mar sin, tá na meastacháin agus na toimhdí atá déanta agus an tsuim ghlanluacha á socrú rithábachtach do na ráitis airgeadais mar d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag in-aisghabhálacht méideanna, nó a mhalairt, ar thorthaí agus staid airgeadais na Cuideachta amach anseo.

Bearnúchán

Oibríonn an Chuideachta faoi chreat rialáilte arna riar ag an gCoimisiún um Rialála Fónais. Mar sin, déanann an Chuideachta costais an chaiteachais chaipitil éifeachtaigh ar mhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a aisghabháil trí ioncaim rialáilte bunaithe ar Bhonn Rialála Sócmhainne ceadaithe. I gcomhlíonadh agus mar fhorlíonadh ar cheanglais Lagú Shócmhainní CIC 36, rinne an Chuideachta na hathbhreithnithe seo a leanas i rith na bliana:

1. Déantar Maoin, Gléasra agus Trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a mheas ar dháta an tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh cibé acu an bhfuil aon chomhartha lagaithe ann;
2. Tástáil le haghaidh sócmhainní doláimhsithe lagaithe atá á bhforbairt de €32.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €17.1 milliún); agus
3. Déantar comparáid idir an luach BSR agus an comhiomlán de na méideanna a thugtar anonn den maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe.

Chinn an Chuideachta nach bhfuil táille bearnúcháin ag teastáil ar leibhéal CGU, ach tugann sí faoi deara gur aithníodh roinnt bearnúchán ar leibhéal tionscadail aonair. Is é an príomhbhonn tuisceana maidir leis an todhchaí atá á úsáid ag an gCuideachta agus í ag teacht ar an gconclúid sin ná go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag giniúint ioncam rialáilte bunaithe ar a BSR reatha.

Tá an Chuideachta tagtha ar an gcinneadh, tar éis na riachtanais chuí de CIC 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais a mheas, nach bhfuil sé praiticiúil an tionchar a bheadh ag athrúchán ar an mbonn tuisceana seo a nochtadh, mar nach féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag srianta féideartha giniúna ioncaim nach bhfuil ar eolas againn a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo maidir leis an BSR atá ann cheana a mheas.

Dímheas agus saolta úsáideacha

Aithníonn an Chuideachta muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2023: €176.0 milliún agus 2022: €162.7 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas maoin, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a dhíscríobh thar a saolréanna eacnamaíochta fóna measta.

I gcás maoin, gléasra agus trealaimh go háirithe, teastaíonn breithiúnais shuntasacha chun saolréanna eacnamaíochta fóna measta sócmhainní a chinneadh, atá bunaithe ar thairbhí, ionchais faoin todhchaí agus tosca eile. Tá na saolréanna eacnamaíochta fóna measta do mhór-aicmiúcháin sócmhainní leagtha amach sna beartais chuntasaíochta seo. Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shaolréanna eacnamaíochta fóna sócmhainní gach bliain agus déantar aon athruithe riachtanacha a choigeartú

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

(ar lean)

go hionchasach. Áiríonn an t-athbhreithniú sin breithniú ar pholasaithe agus ar phleananna an Rialtais i réimse an athraithe ar son na haeráide agus spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá an Chuideachta tar éis teacht ar an gconclúid gurb iad na saolréanna sócmhainní reatha an meastachán is fearr ar shaolréanna eacnamaíocha fónta na sócmhainní.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht sócmhainní ag an gCuideachta, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saolréanna eacnamaíocha fónta iarbhrí agus measta ar thorthaí sa todhchaí, idir dhearfach nó dhiúltach. Go stairiúil, níor shainaithin an Chuideachta aon athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha fónta a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin.

(b) Ioncam neamhbhilleáilte (tráchtála)

Ardaíonn an Chuideachta billí agus aithníonn sí ioncam de réir an chirt atá aici ioncam a fháil ag teacht le polasaí cuntasaíochta na Cuideachta. Braitheann an t-ioncam a aithnítear ar an méid atá dlite do na seirbhísí a chuirtear ar fáil idir dháta an léimh dheiridh méadair agus dheireadh na bliana, do chustaiméirí uisce agus dhramhuisce. Léitear na méadair ar bhonn timthriallach agus aithníonn an Chuideachta ioncam do luachanna neamhbhilleáilte bunaithe ar mhéideanna measta ón dáta billeála deiridh go dtí deireadh na bliana. Leis an luach measta ón mbille deiridh, cuirtear san áireamh an meánráta laethúil nó faisnéis chomhchosúil do chustaiméirí inchomparáide de réir líon na laethanta idir an dáta billeála deiridh agus deireadh na tréimhse tuairiscithe.

(c) Bearnúchán infháltas trádála agus liúntas maidir le cailteanais chreidmheasa ionchais

Aithnítear liúntas maidir le cailteanais chreidmheasa ionchais i ndáil le trádáil agus infháltais eile de réir bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, i.e. meastar é agus úsáid á baint as mairís um fhiachais aosaithe bunaithe ar líon na laethanta atá an fiachas thar téarma agus ag cur taithí na Cuideachta ar chailteanais chreidmheasa i bhfeidhm, agus coigeartaithe le haghaidh coinníollacha eacnamaíochta chun tosaigh ag dáta an chláir chomhardaithe.

Ní léir fós an tionchar airgeadais a bhí ar thrádáil agus fáltais eile mar thoradh ar an timpeallacht dhúshlánach mhaicreacnamaíochta. Is gá go méadaíonn sé sin leibhéal na héiginnteachta meastacháin maidir le cailteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas ag dáta an chláir chomhardaithe, go háirithe maidir le meastachán a dhéanamh ar thionchair an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithigh ar bhailiú infháltas trádála agus infháltas eile na cuideachta ar dháta an chláir chomhardaithe.

Chuir an Chuideachta raon leathan fachtóirí san áireamh agus í i mbun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas atá ann rátaí cailteanais chreidmheasa stairiúla a mhéadú chun tionchar an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithe a ionchorprú. Áiríodh ar na tosca a ndearnadh meastachán orthu réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus anailís ar chnámha scéil, measúnú tionchair ar chustaiméirí trí anailís stairiúil agus réamhbhreathnaitheach ar bhailiú airgid thirim ó chustaiméirí.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na tosca thuas, tá measúnú déanta ag an gCuideachta go mbeadh raon réasúnta idir €4.8 milliún agus €17.8 milliún i gceist le haghaidh cailteanais chreidmheasa ionchasacha bhreise mar gheall ar an ionchas eacnamaíoch todhchaíoch. Tar éis breithniú cuí a dhéanamh, tháinig an Chuideachta ar an tuairim gurb é €12.9 milliún an meastachán is fearr bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Mar sin féin, tá nósanna imeachta agus rialuithe maidir le bailiú féich fós dírithe ar ghnóthú iomlán an mhéid a sonrascadh.

(d) Oibleagáidí sochair scoir

Déantar na heis-sreafaí airgid réamh-mheasta don sochar pinsin de chuid na Cuideachta atá mar bhonn dá hoibleagáidí sochair shainithe a lascaíniú ag ráta a shocraítear trí fhéachaint ar thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán. Teastaíonn breithiúnas suntasach agus na critéir á socrú chun bannaí a chur san áireamh leis an daonra óna ndíorthaítear an cuar toraidh. I measc na gcritéir is suntasaí a mheastar chun bannaí a roghnú, tá méid eisiúna na mbannaí corparáideacha, caighdeán na mbannaí sin agus aithint asluiteach atá eisiata. Teastaíonn breithiúnas suntasach freisin agus an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide mar go bhfuil líon na mbannaí corparáideacha ardchaighdeání adreathacha le haghaidh tréimhsí níos faide gann. Tugtar le fios i nóta 16 na hÍogaireachtaí maidir leis na toimhdí bunúsacha a úsáideadh le dliteanais na scéime a thomhas.

1. Ráiteas faoi na polasaithe cuntasáíochta

(ar lean)

(e) Soláthairtí agus dlíteanais eile

Tá éiginnteacht mheastacháin ag baint leis na measúnuithe ar an toradh airgeadais ar sheasamh gnó agus dlí éiginnte áirithe, agus is gá breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr na Cuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh ar dócha a bheidh ann á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú ar fhíricí atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith réasúnta ar na cúinsí. Tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe lena chinntiú go bhfreagraíonn na méideanna a sholáthraítear/fhabhraítear don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta agus tráthúlacht socraíochta. Féach nóta 19 le haghaidh tuilleadh sonraí.

I bhfianaise chineál na bhforálacha agus na ndlíteanas sin agus na neamhchinnteachta meastachán atá i gceist, meastar nach bhfuil sé indéanta tuilleadh anailís íogaireachta a dhéanamh ar na méideanna sin.

2. Ioncam

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam fóirdheontas Rialtais	1,068,000	961,000
Ioncam neamhtheaghlach	245,469	221,814
Ioncam ó cheangail nua	246,845	125,944
Iomlán	1,560,314	1,308,758

Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar pholasáí cuntasáíochta ioncain na Cuideachta agus anailís mhionsonraithe ar gach sruth ioncain. Tá na breithiúnais agus na meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtacha maidir le haithint ioncain leagtha amach sa chuid ábhartha de nóta 1 freisin. Tá an bborradh faoi ioncam nasc nua á spreagadh ag an bhfás ar an margadh tithíochta agus ag athbhreithniú ar gach gníomhaíocht naisc nua.

3. Costais Oibriúcháin

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Costais fostaithe	4	(114,907)	(94,980)
Costais as comhaontú le húdaráis áitiúla	24	(223,042)	(221,842)
Seirbhísí fruilithe agus ar conradh		(287,495)	(252,847)
Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos		(129,892)	(122,833)
Cíos, rátaí, fónais agus árachas		(147,614)	(116,424)
Costais lárseirbhísí idirbhirt agus tacaíochta de chuid Ervia	24	-	(1,259)
Costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáid		(42,620)	(31,155)
Dí-aithint sócmhainní	8 / 10	(3,435)	-
Costais oibriúcháin eile		(34,619)	(25,066)
Costais oibriúcháin (roimh bhearnúchán ar infháltais trádála)		(983,624)	(866,406)
Bearnúchán ar infháltais trádála	11	(16,449)	(18,210)
Iomlán		(1,000,073)	(884,616)

Rinneadh méideanna comparáideacha le haghaidh costais oibriúcháin eile a aistriú chun scaoileadh a chur san áireamh maidir le dlíteanais i ndiaidh athmheasúnú ionas gur féidir an cur i láthair a chur i gcomparáid go díreach le méideanna a thaispeántar maidir leis an mblain reatha.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

3. Costais Oibriúcháin

(ar lean)

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis muirir a ghearradh:

(a) Iniúcháir Reachtúil Tráchtála

(i)	2023 €'000	2022 €'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais eintitis	(267)	(228)
Seirbhísí árachais eile	(6)	(6)
Seirbhísí comhairleacha cánach	-	-
Seirbhísí neamhiniúcháireachta eile	(8)	(9)
Iomlán	(281)	(243)

(i) Ní áirítear CBL do-aisghabhála sna méideanna

(b) An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

	2023 €'000	2022 €'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais eintitis	(38)	-
Iomlán	(38)	-

(c) Luach saothair na stiúrthóirí

	2023 €'000	2022 €'000
Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin - luach saothair	(142)	-
Stiúrthóirí feidhmiúcháin - luach saothair	(249)	(1,522)
Stiúrthóirí feidhmiúcháin - ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe	-	(143)
Stiúrthóirí feidhmiúcháin - ranníocaíochtaí pinsin le ranníocaíocht shainithe	(27)	(51)
Iomlán	(418)	(1,716)

Léiríonn an faisnéisíú thuas íocaíocht na stiúrthóirí a bhí i bhfeidhm le linn na mblianta faoi seach. Bunaíodh Bord Uisce Éireann nua ar 1 Eanáir 2023 i ndiaidh idirscartha dhlíthiúil ó Ervia. Is é POF na Cuideachta an t-aon chomhalta feidhmiúcháin ar Bhord nua Uisce Éireann. Roimh scaradh dlíthiúil ó Ervia, comhaltaí fhoireann bainistíochta na Cuideachta a bhí i stiúrthóirí na Cuideachta. I gcomhréir le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta, ní raibh na stiúrthóirí sin i dteideal táillí a fháil. Léiríonn luach saothair na Stiúrthóirí le haghaidh 2022, mar atá nocht thuas, cionroinnt den luach saothair iomlán a tuilleadh mar fhostaithe a fuair tuarastal ó Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar na seirbhísí a tugadh don Chuideachta.

Ba é líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe dóibh agus náid (2022: 5) agus b'ionann líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin sainithe dóibh agus 1 (2022: 2).

(d) Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF)

	2023 €'000	2022 €'000
Buntuarastal	(225)	(225)
Costais ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe	(24)	(24)
Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin	(27)	(27)
Iomlán	(276)	(276)

Mar thoradh ar threoir ón Rialtas in 2011, níl rochtain ag an POF ar íocaíocht dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht, agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí den sórt sin leis an POF.

4. Costais Fostaithe

(a) Costais chomhiomlána le haghaidh fostaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne	(122,638)	(100,779)
Scéim pinsin iarfhostaíochta le sochar sainithe	(7,616)	(7,464)
Scéim pinsin iarfhostaíochta le ranníocaíocht shainithe	(7,769)	(6,551)
Costais árachais sóisialta	(13,107)	(10,775)
Costais foirceanta	-	-
	(151,130)	(125,569)
Párolla caipitlithe	36,223	30,589
Costais fostaithe muirearaithe ar an ráiteas ioncaim	(114,907)	(94,980)

(b) Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne

	2023 €'000	2022 €'000
Pá agus tuarastail	(106,700)	(87,008)
Dámhachtain a bhaineann le feidhmíocht a íocadh	(10,570)	(9,175)
Ragobair	(254)	(101)
Liúntais	(3,446)	(3,347)
Buanárachas Sláinte	(1,296)	(1,148)
Costais íocaíochta dreasachta an Chreata um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Tódhchaí	(372)	-
Iomlán	(122,638)	(100,779)

B'ionann meánlíon na bhfostaithe a sholáthraíonn seirbhísí don Chuideachta, le haghaidh na bliana, agus 1,478 fostaí (2022: 1,231). Féach nóta 25 maidir le nochtadh párolla na Cuideachta mar a cheanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014.

5. Dímhéas agus Amúchadh

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Dímhéas sealúchais, gléasra agus trealaimh	8	(149,109)	(126,989)
Dímhéas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (ráiteas ioncaim)	9	(4,400)	(5,960)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	10	(22,530)	(29,706)
Muirear lagaithe	8	(1,827)	(4,573)
Amúchadh deontais	18	329	80
Iomlán		(177,537)	(167,148)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***6. Glanhostais Airgeadais**

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam airgeadais			
Ioncam úis ar taiscí		4,119	203
Ioncam airgeadais iomlán		4,119	203
Costais airgeadais			
Ús agus táillí eile ar iasachtaí		(8,740)	(4,431)
Ús caipitilthe		1,688	880
Muirear airgeadais um dhliteanas léasa (ráiteas ioncaim)	9	(376)	(512)
Glanioncam úis ar an nglanlíteanas sochair shainithe	16	(835)	(460)
Costais airgeadais iomlána		(8,263)	(4,523)
Glanhostais airgeadais		(4,144)	(4,320)

7. Cáin**Cáin ioncaim**

	2023 €'000	2022 €'000
Creidmheas cánach reatha	-	-
Speansas cánach iarchurtha	(49,289)	(32,090)
Cáin ioncaim iomlán	(49,289)	(32,090)
An ráta cánach éifeachtach a réiteach		
Brabús roimh cháin	378,560	252,674
Cáin gearrtha ag 12.5% (2022: 12.5%)	(47,320)	(31,584)
Dímheas ar chaiteachas caipitil nach bhfuil in-aisbhainte chun críocha cánach	(1,406)	(1,156)
Speansais eile nach bhfuil in-aisbhainte chun críocha cánach	(139)	(203)
Ioncam nach bhfuil inchánach/asbhaintí atá inchánach	222	508
Ioncam inchánach ag rátaí níos airde	(589)	(85)
Coigeartuithe i dtaobh na mblianta airgeadais roimhe	(57)	430
Costas iomlán cáin ioncaim	(49,289)	(32,090)

Féach ar ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach ann.

7. Cáin

(ar lean)

Sócmhainní agus dlíteanais chánach iarchurtha

	Nótaí	Oibleagáidí pinsin €'000	Cailteanais chánach ar aghaidh €'000	Dímheas luathaithe cánach €'000	Sócmhainní ceart úsáide €'000	Dlíteanais léasa €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2022		2,027	78,716	(189,056)	(1,358)	1,501	(100)	(108,270)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim		1,109	23,767	(56,741)	(2,452)	2,333	(106)	(32,090)
Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		(2,146)	-	-	-	-	-	(2,146)
Aitheanta i gcaipiteal gnáthscaireanna	24	-	-	-	-	42	-	42
Ar an 31 Nollaig 2022		990	102,483	(245,797)	(3,810)	3,876	(206)	(142,464)
Aitheanta sa ráiteas ioncaim		388	16,795	(66,548)	1,873	(1,929)	132	(49,289)
Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile		1,210	-	-	-	-	-	1,210
Aitheanta i gcaipiteal gnáthscaireanna	24	105	-	-	-	-	-	105
Ar an 31 Nollaig 2023		2,693	119,278	(312,345)	(1,937)	1,947	(74)	(190,438)

Rialacha samhla Cholún a Dó

Tá measúnú na Cuideachta ar Rialacha Samhla Cholún a Dó ag dul ar aghaidh fós. Ní fios tionchar féideartha, más ann dó, ar thréimhsí tuairiscithe amach anseo nó ní féidir é a mheas go réasúnta ar an dáta tuairiscithe.

8. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Nótaí	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht		6,875,419	5,778,338
Maoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní ceartúsáide	9	15,498	30,479
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - mar a chuirtear i láthair sa chlár comhardaithe iad		6,890,917	5,808,817

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***8. Maoin, Gléasra agus Trealamh****(ar lean)****Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht**

	Sócmhainní bonneagair €'000	Sócmhainní oibriúcháin €'000	Sócmhainní neamhlíonra €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ar an 1 Eanáir 2022	2,369,514	1,805,024	202,039	945,111	5,321,688
Breiseanna	-	-	-	1,035,630	1,035,630
Diúscairtí	-	-	(18)	-	(18)
Aistrithe	476,049	274,095	43,249	(793,393)	-
Ar an 31 Nollaig 2022	2,845,563	2,079,119	245,270	1,187,348	6,357,300
Breiseanna	-	-	-	1,249,506	1,249,506
Diúscairtí	-	-	(241)	-	(241)
Táille dí-aitheanta	-	-	-	(1,435)	(1,435)
Aistrithe	653,609	489,634	49,261	(1,192,504)	-
Ar an 31 Nollaig 2023	3,499,172	2,568,753	294,290	1,242,915	7,605,130
Cailteanais fabhraithe dímheasa agus bearnúcháin					
Ar an 1 Eanáir 2022	(135,154)	(231,488)	(77,038)	(4,030)	(447,710)
Muirear dímheasa	(34,427)	(69,080)	(23,482)	-	(126,989)
Muirear lagaithe	-	-	-	(4,279)	(4,279)
Diúscairtí	-	-	16	-	16
Ar an 31 Nollaig 2022	(169,581)	(300,568)	(100,504)	(8,309)	(578,962)
Muirear dímheasa	(43,471)	(79,205)	(26,433)	-	(149,109)
Muirear lagaithe	-	-	-	(1,827)	(1,827)
Diúscairtí	-	-	187	-	187
Ar an 31 Nollaig 2023	(213,052)	(379,773)	(126,750)	(10,136)	(729,711)
Méideanna anonn					
Ar an 31 Nollaig 2022	2,675,982	1,778,551	144,766	1,179,039	5,778,338
Ar an 31 Nollaig 2023	3,286,120	2,188,980	167,540	1,232,779	6,875,419

Baineann an muirear lagaithe de €1.8 milliún sa bhliain 2023 (2022: €4.3 milliún) le tionscadail forbartha bonneagair, agus áiríodh é roimhe seo laistigh de phlean infheistíochta caipitiúil na Cuideachta, agus socraíodh nach rachaidh siad ar aghaidh a thuilleadh mar gheall ar réitigh mhalartacha a bheith aitheanta. Baineann an táille dí-aitheanta €1.4 milliún sa bhliain 2023 le tionscadail atá dí-aitheanta, toisc nach raibh sócmhainní chaipitil mar thoradh ar an tionscadal.

9. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa

An Chuideachta mar Léasaí

Chuaigh an Chuideachta i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann den chuid is mó le foirgnimh agus talamh a ligean ar cíós. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a chur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

(a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe Sócmhainní ceart úsáide

		Talamh agus Foirgnimh €'000	Iomlán €'000
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2022		21,561	21,561
Léas ar glacadh leis faoi idirbheart rialaithe comónta	(i)	14,878	14,878
Léas a tugadh isteach ó pháirtí lena bhaineann	(ii)	12,982	12,982
Breiseanna		1,156	1,156
Ar an 31 Nollaig 2022		50,577	50,577
Breiseanna		799	799
Diúscairtí		(10,985)	(10,985)
Ar an 31 Nollaig 2023		40,391	40,391
Cailteanais fhabhráithe dímheasa agus bearnúcháin			
Ar an 1 Eanáir 2022		(10,697)	(10,697)
Táille dímheasa léasa ar glacadh leis faoi idirbheart rialaithe comónta		(3,026)	(3,026)
Muirear dímheasa	(iii)	(6,375)	(6,375)
Ar an 31 Nollaig 2022		(20,098)	(20,098)
Muirear dímheasa	(iii)	(4,795)	(4,795)
Ar an 31 Nollaig 2023		(24,893)	(24,893)
Méideanna anonn			
Ar an 31 Nollaig 2022		30,479	30,479
Ar an 31 Nollaig 2023		15,498	15,498
Dliteanais léasa			
Ar an 1 Eanáir 2022			(12,012)
Breiseanna			(26,953)
Costais úis	(iii)		(517)
Íocaíochtaí léasa	iv.		8,476
Ar an 31 Nollaig 2022	(v)		(31,006)
Breiseanna			(799)
Diúscairtí			10,844
Costais úis	(iii)		(377)
Íocaíochtaí léasa	iv.		5,764
Ar an 31 Nollaig 2023	(v)		(15,574)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***9. Sócmhainní agus Dlíteanais Léasa****(ar lean)**

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
	€'000	€'000
Neamh-reatha	(12,041)	(26,677)
Reatha	(3,533)	(4,329)
Iomlán	(15,574)	(31,006)

(i) Mar chuid d'idirscaradh dlíthiúil ó Ervia, ghlac an Chuideachta oibleagáidí léasa oifige ó Ervia sa bhliain 2022. Féach nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí.

(ii) Le linn na bliana 2022, chuaigh an Chuideachta isteach i socrú léasa oifige le páirtí lena bhaineann. Féach nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí.

(iii) Le linn na bliana, chaipitligh an Chuideachta Sócmhainní €0.414 milliún i ndámhais ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide bainteach leo (2022: €0.415 milliún) agus caipitíodh €0.001 milliún de tháillí airgeadais dlíteanais léasa (2022: €0.005 milliún).

(iv) Áirítear le híocaíochtaí léasa, íocaíochtaí as príomhchuid an dlíteanais léasa, a chuirtear i láthair mar ghníomhaíochtaí maoinithe de luach €5.2 milliún (2022: €8.0 milliún) sa ráiteas ar shreabhadh airgid.

(v) Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dlíteanais léasa. Féach nóta 15 le haghaidh anailíse aibíochta ar dhlíteanais léasa.

(b) Méideanna eile aitheanta sa ráiteas ioncaim

	2023	2022
	€'000	€'000
Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha	8,094	7,349
Iomlán	8,094	7,349

10. Sócmhainní Doláimhsithe

	Bogearraí €'000	Bogearraí á bhforbairt €'000	Iomlán €'000
Costas			
Ar an 1 Eanáir 2022	282,679	8,794	291,473
Breiseanna (forbartha go himheánach san áireamh)	-	24,931	24,931
Aistrithe	16,326	(16,326)	-
Ar an 31 Nollaig 2022	299,005	17,399	316,404
Breiseanna (forbartha go himheánach san áireamh)	-	39,715	39,715
Táille dí-aitheanta	-	(2,000)	(2,000)
Aistrithe	22,542	(22,542)	-
Ar an 31 Nollaig 2023	321,547	32,572	354,119
Cailteanais fabhraithe amúchta agus bearnúcháin			
Ar an 1 Eanáir 2022	(223,423)	-	(223,423)
Muirear lagaithe	-	(294)	(294)
Muirear amúchta	(29,706)	-	(29,706)
Ar an 31 Nollaig 2022	(253,129)	(294)	(253,423)
Muirear amúchta	(22,530)	-	(22,530)
Ar an 31 Nollaig 2023	(275,659)	(294)	(275,953)
Méideanna anonn			
Ar an 31 Nollaig 2022	45,876	17,105	62,981
Ar an 31 Nollaig 2023	45,888	32,278	78,166

Baineann an táille dí-aitheanta €2.0 milliún sa bhliain 2023 le tionscadail bogearraí atá dí-aitheanta, toisc nach raibh sócmhainn chaipitil mar thoradh ar an tionscadal.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
(ar lean)

11. Infháltais trádála agus Infháltais Eile

	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
	Nótaí	€'000
Infháltais trádála		35,368
Úsáid nár gearradh bille aisti		48,946
Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara	24	27,053
Clár aisíocaíochta custaiméirí Infhála ón Rialtas	24	12,973
Clár aisíocaíochta ceangal infhála ón Rialtas	24	404
Infháltais Eile		3,140
Fo-iomlán		131,237
Réamhíocaíochtaí		22,945
Iomlán		164,135
Neamh-reatha		290
Reatha		150,135
Iomlán		164,135

Sonraítear trádáil agus infháltais eile gan cailteanais chreidmheasa ionchais a áireamh agus aicmítear iad sna ráitis airgeadais mar reatha nó neamhreatha i gcomhréir lena réadú ionchais. Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm. Déan tagairt do nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le méideanna le páirtithe gaolmhara. Tá uas-nochtadh na infháltais trádála nó infháltais eile do riosca creidmheasa, ar an dáta tuairiscithe, leagtha amach thuas (seachas réamhíocaíochtaí, mar ní thagann aon riosca creidmheasa chun cinn).

Bearnúchán ar infháltais trádála agus liúntas maidir le cailteanais chreidmheasa ionchais

Níl aon chomhchruinniú ábhartha riosca creidmheasa i gceist mar go gcuimsíonn infháltais trádála na Cuideachta méideanna atá dlite ó líon mór custaiméirí nach custaiméirí tí iad, agus iad scaipthe thar thionscail éagsúla.

Athraíonn na téarmaí creidmheasa do chustaiméirí trádála de réir réigiúin Údarás Áitiúil, ag dul suas go 45 lá. Tá srian curtha ar an gCuideachta ó athrú a dhéanamh ar na téarmaí creidmheasa seo, ach beidh siad ag obair chun iad seo a ailíniú mar chuid de na tionscnaimh leanúnacha leis an Rialálaí. Déantar bainistiú ar riosca creidmheasa infháltais trádála trí mhonatóireacht réamhghníomhach agus bainistíocht a dhéanamh ar iarmhéideanna infháltais trádála. Tar éis aistriú na bhféichiúnaithe nach féichiúnaithe tí iad ó 31 Údarás Áitiúil in 2017, tá infheictheacht agus smacht iomlán ag an gCuideachta maidir le gach gné den ghníomhaíocht chreidmheasa agus bhailithe. Déanann foireann bailiúcháin creidmheasa na Cuideachta bainistíocht ghníomhach ar chuntais i riaráiste trí mheasúnú iar-iniúchta custaiméara. Tá an Chuideachta ag déanamh forbairt agus feabhsúchán leanúnach ar a chleachtas bhainistíochta riosca creidmheasa.

Tá roinnt iarmhéideanna infháltais eile ag an gCuideachta atá dlite ó Údarás Áitiúla, ón Rialtas agus ó pháirtithe gaolmhara eile. Bíonn teagmháil ghníomhach ag an gCuideachta le hÚdarás Áitiúla ar bhonn rialta. Creideann an Chuideachta go bhfuil riosca creidmheasa fosta aici a thagann óna hidirbhearta oibriúcháin le hÚdarás Áitiúla agus leis an Rialtas.

Díscríobhann an Chuideachta infháltas trádála áit gurb ann d'fhaisnéis a shonraíonn go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha le réasún go dtarlóidh aisghabháil e.g. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in imeachtaí féimheachta. Tá an próiseas sin faoi réir rialachas inmheánach láidir mar a luaitear thíos. Níl ceann ar bith de na hinfháltais trádála a díscríobhadh faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

11. Trádáil agus Infháltais Eile

(ar lean)

Tá aosú na n-infháltais trádála agus infháltais eile leagtha amach thíos. Ní raibh aon infháltas ag an gCuideachta a bhí thar an am dlite nó bearnaithe.

	Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa			Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa		
	Ollmhéid anonn 31-Nollaig-23 €'000	ionchais 31-Nollaig-23 €'000	Glaninfháltas 31-Nollaig-23 €'000	Ollmhéid anonn 31-Nollaig-22 €'000	ionchais 31-Nollaig-22 €'000	Glaninfháltas 31-Nollaig-22 €'000
Nach bhfuil thar an dáta dlite	109,999	(14,606)	95,393	110,658	(13,730)	96,928
1-365 lá thar am	70,537	(38,584)	31,953	67,844	(40,308)	27,536
>1 bhliain	82,402	(78,511)	3,891	84,939	(81,923)	3,016
Iomlán	262,938	(131,701)	131,237	263,441	(135,961)	127,480

Léirítear sa tábla seo a leanas gluaiseacht an liúntais maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha i gcás infháltais trádála:

	2023 €'000	2022 €'000
Ar an 1 Eanáir	(135,961)	(131,138)
Bearnúchán ar infháltais trádála	(16,449)	(18,210)
Liúntas a úsáideadh	20,709	13,387
Ar an 31 Nollaig	(131,701)	(135,961)

Roimh 2017, agus ag teacht leis na Comhaontuithe Seirbhíse, rinne na hÚdarás Áitiúla, agus iad ag obair mar ghníomhairí don Chuideachta, billí a chur amach le haghaidh infháltais trádála ghnó agus na hinfháltais sin a bhailiú thar ceann na Cuideachta. Chríochnaigh an Chuideachta ascnamh na bpróiseas um billeáil ghnó de chuid na 31 Údarás Áitiúil in 2017, agus leis sin tógadh le chéile gach gné de bhainistíocht seirbhísí uisce le haghaidh billeála agus ioncam faoin gCuideachta.

Tá sraith láidir cleachtais bhainistíochta riosca creidmheasa forbartha ag an gCuideachta. Is é polasaí na Cuideachta ná fiacha a dhíscríobh i gcás amháin, nuair nach bhfuil an custaiméir ag úsáid ár seirbhíse a thuilleadh agus nuair a bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmithe na Cuideachta go léir triailte. Tá an próiseas seo faoi réir athbhreithnithe agus ceada Choiste Creidmheasa na Cuideachta agus tá an próiseas ag cloí le nósanna imeachta rialachais inmheánaigh. I gcás infháltais trádála a aithníodh nuair a fuarthas sócmhainní ó na hÚdarás Áitiúla ar an 1 Eanáir 2014, aithníodh iad ar luach cóir ar an dáta agus dá bharr sin, ní léirítear an bunluach iomlán a shonrasc an tÚdarás Áitiúil san oll-luach féichiúnaí a chuirtear i láthair thuas. Is é beartas na Cuideachta ná bheith sa tóir ar íocaíocht ar an mbunluach a shonrasc an tÚdarás Áitiúil, de réir na bpróiseas agus an rialachais a bhaineann le gach infháltas trádála.

Is é an toradh a bhí ar fheidhmiú pholasaí cuntasáíochta na Cuideachta, maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais ar infháltais trádála a aithint, ná go ndearnadh foráil do chaillteanais chreidmheasa ionchais de 60% dá oll-infháltais trádála gnó amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: 64%). Is ionann an muirear ar chaillteanais chreidmheasa ionchais maidir le hinfháltais ghnó, arna aithint ag an gCuideachta sa bhliain 2023, agus 7% den ioncam gnó a aithníodh sa bhliain 2023 (2022: 8%). Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
(ar lean)

12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (Atá ar Fáil d’Úsáid Cuideachta)

Tá iarmhéideanna airgid, taiscí bainc gearrthéarmacha le bunaibíocht ar a laghad de thrí mhí i gceist le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhí ar fáil d’úsáid cuideachta agus níl aon srian conartha i gceist maidir le húsáid na gcistí seo. Tugann suim ghlanluacha na sócmhainní seo neasluch dá luach cóir. Féach ar nóta 21 le haghaidh nochtáí riosca creidmheasa cisteáin.

Cuimsíonn airgead tirim agus a choibhéisí ranníocaíochtaí a fhaightear roimh ré ó chustaiméirí do cheangail nua (féach nóta 17). Coinnítear na ranníocaíochtaí sin in airgead tirim agus a choibhéisí chun na gníomhaíochtaí nasctha gaolmhara nua a mhaoiniú. Níl srianta conartha ar úsáid na gcistí seo.

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Airgead sa bhanc	9,640	11,591
Taiscí gearrthéarmacha	279,712	298,695
Iomlán	289,352	310,286

13. Urrúis Airgeadais

Foráiltear leis an gcomhaontú go dtabharfar an bonneagar um sheirbhísí uisce agus fuíolluisce a leag an custaiméir féin ar láimh d’Uisce Éireann, tar éis measúnú dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar na hoibreacha féin-leagtha agus tar éis an bonneagar a bheith ceangailte le líonra(i) Uisce Éireann. Chun lochtanna sócmhainní agus neamhchosaint ar riosca a mhaolú i gcásanna nach ndearnadh an obair i gceart, faigheann an Chuideachta urrús airgeadais in-aisíoctha agus coinnítear é mar chomhthaobhachta le linn an tionscadail tógála agus scaoiltear é i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích agus tréimhse dliteanais lochtanna 12 mhí. Déantar an t-urrús seo a ríomh de réir an Bheartais um Tháillí ar Cheangal. Tá srianta conartha ar chumas na Cuideachta úsáid a bhaint as an airgead seo.

Léirítear urrúis a choimeádtar ar thaiscí ar théarma níos mó ná 3 mhí ag an dáta ceannacháin mar ‘Shócmhainní Airgeadais’. Coimeádtar an fuíolleach i gcuntais bhainc atá inrochtana don Chuideachta agus dá réir sin léirítear iad mar ‘Airgead agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna airgid thirim’.

Sócmhainní airgeadais - urrús coimeáda ar thaisce téarma

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Taiscí fadtéarmacha	72,250	55,000
Iomlán	72,250	55,000

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríd páirtí

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Airgead sa bhanc	6,322	3,534
Iomlán	6,322	3,534

14. Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin			
Brabús don bhliain		329,271	220,584
Coigeartuithe le haghaidh:			
Dímheas agus amúchadh	5	177,537	167,148
Táille dí-aitheanta sócmhainne	8 / 10	3,435	-
Glanchoistais airgeadais	6	4,144	4,320
Costas sochair scoir		346	681
Costais cánach ioncaim	7	49,289	32,090
		564,022	424,823
Athruithe ar chaipiteal oibre:			
Athruithe ar infháltais trádála agus eile		(15,672)	(15,927)
Athrú ar iníochta trádála agus iníochta eile		20,693	5,417
Athrú ar ioncam iarchurtha		(52,892)	62,605
Athrú ar fhorálacha		(624)	(9,717)
Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla		515,527	467,201
<i>Earraí eisceachtúla</i>			
Airgead tirim aisíocaíochtaí naisc a eisíodh	24	(2,075)	-
Airgead tirim aisíocaíochtaí naisc a fuarthas	24	1,670	-
Aisíocaíochtaí custaiméara baile agus costais phróiseála ghaolmhara	24	(4)	(4)
Airgead tirim ó aisíocaíochtaí custaiméara baile a fuarthas	24	16	40
Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin		515,134	467,237
Ús íochta		(5,054)	(4,719)
Cáin ioncaim isteach		-	151
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin		510,080	462,669

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

15. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar faisnéis faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí agus an fhiachais eile de chuid na Cuideachta a ngabhann ús leo. Féach ar nóta 21 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar nochtadh na Cuideachta do riosca ráta úis agus riosca leachtachta.

	Nótaí	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Saoráidí ó Rialtas		(814,499)	(613,499)
Dlíteanais léasa		(15,574)	(31,006)
Iomlán		(830,073)	(644,505)
Anailísithe mar seo a leanas:			
Neamh-reatha		(826,539)	(640,176)
Reatha		(3,534)	(4,329)
Iomlán		(830,073)	(644,505)
Níos lú ná aon bhliain amháin		(3,534)	(4,329)
Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana		(5,723)	(11,036)
Níos mó ná cúig bliana		(820,816)	(629,140)
Iomlán		(830,073)	(644,505)

Glanfhiachas

		31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Iasachtaí agus fiachas eile san iomlán		(830,073)	(644,505)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - atá ar fáil d'úsáid cuideachta	12	289,352	310,286
Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí	13	6,322	3,534
Glanfhiachas		(534,399)	(330,685)

Athruithe ar dhlíteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe

		Saoráidí ó Rialtas €'000	Dlíteanais léasa €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2022		(501,619)	(12,012)	(513,631)
Fáltais		(111,880)	-	(111,880)
Aisíocaíocht dlíteanas léasa	9	-	7,959	7,959
Neamhairgead		-	(26,953)	(26,953)
Ar an 31 Nollaig 2022		(613,499)	(31,006)	(644,505)
Fáltais		(231,000)	-	(231,000)
Aisíoc		30,000	-	30,000
Aisíocaíocht dlíteanas léasa	9	-	5,247	5,247
Neamhairgead		-	10,185	10,185
Ar an 31 Nollaig 2023		(814,499)	(15,574)	(830,073)

16. Oibleagáidí Sochair Scoir

Oibríonn an Chuideachta dhá scéim sochair shainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

(a) Scéimeanna pinsin sochair shainithe de chuid Uisce Éireann

Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach le sochar sainithe (Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann) mar a éilítear faoi ailt 19 agus 27 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 maidir le fostaithe na Cuideachta, a bhí ag obair roimhe sin do na hÚdaráis Áitiúla nó don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Bunaíodh an scéim seo ar an 27 Eanáir 2017. Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach sochair shainithe (“Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)”) le haghaidh fostaithe a ghlac páirt i scéim pinsin sochair shainithe Ervia go dtí an scaradh dlíthiúil ó Ervia. Ar an 1 Eanáir 2023, ghlac Uisce Éireann an oibleagáid sochair scoir maidir le costas seirbhíse fostaithe cuí amach anseo a d’aistrigh go hUisce Éireann ó Ervia nuair a scaradh iad go dlíthiúil. Bunaíodh an scéim seo ar an 1 Eanáir 2023. Soláthraíonn an dá scéim sochair scoir bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh agus tuarastal glan inphinsin i dtaca le seirbhís inphinsin amach anseo, chomh maith le “gné thimfhilleach” a choimeádann an nasc tuarastail deiridh maidir le seirbhís inphinsin roimhe seo a thugtar chun críche roimh pháirt a ghlacadh le hUisce Éireann.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann na scéimeanna sochair shainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe faoi seach freagrach as na scéimeanna a bhainistiú agus a rialú, rud a chuimsíonn comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéimeanna as féin amach ó shócmhainní na Cuideachta i gcistí arna riar ag iontaobhaithe. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann ar an 1 Aibreán 2022. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2025. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann (ex-Ervia) ar an 1 Aibreán 2023. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2026.

Mar gheall ar na scéimeanna, tá an Chuideachta nochta ar roinnt rioscaí, seo a leanas na cinn is suntasaí:

Luaineacht sócmhainne

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d’fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna) ag na scéimeanna agus cé go bhfuiltear ag súil le go bhfeidhmeoidh siad ná bannaí corparáide níos fearr san fhadtárma, cruthaíonn siad luaineacht agus riosca breise sa ghearrthárma.

Athruithe ar thorthaí bannaí

Má thagann laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha, tiocfaidh ardú ar an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasíochta, cé go ndéanfaidh ardú ar luach aon ghabháiltais bannaí ag na scéimeanna an t-ardú sin a fhritháireamh i bpáirt.

Boilsciú tuarastail

Ós rud é gur scéim tuarastail deiridh atá i gceist, tá nochtadh i leith sochair mhéadaithe ann mar gheall ar mhéaduithe airde ar thuarastail ná mar a rinneadh foráil dóibh sna foshuíomhanna. Déanann na boinn tuisceana a úsáidtear chun an tuarastal deireadh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas i gcomhair incrimintí agus arduithe céime. Ciallaíonn comhpháirt timfhille an deartha sochair (is é sin, ceangal na seirbhíse inphinsin a cuireadh i gcrích le comhlacht roimhe seo) go bhfuil na dliteanais fhabhráithe íogair go leor maidir le fás tuarastail atá níos airde ná a cheaptar.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

16. Oibleagáidí Sochair Scoir

(ar lean)

Boilsciú

Tá oibleagáidí sochair shainithe na scéimeanna nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí gníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir do chomhaltaí iarchurtha nó ar athluacháil reachtúil). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá thart ar cheathrú cuid den chiste infheistithe i mbannaí bhoilsciúnasctha mar chomhoiriúint ar fíor dliteanais mar sin.

Riosca ionchais saoil

Tá formhór oibleagáidí na scéimeanna ann le sochair a chur ar fáil do shaol an bhaill (agus a chleithiúnaithe), agus tiocfaidh ardú ar na dliteanais mar thoradh ar arduithe ar an ionchas saoil.

	Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann		Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)		Iomlán Comhcheangailte	
	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:						
Gnáthscaireanna	24,448	19,284	11,929	-	36,377	19,284
- margaí forbartha	24,448	19,284	11,929	-	36,377	19,284
Bannaí	9,212	5,338	3,354	-	12,566	5,338
- nasctha le boilsciú	9,212	5,338	3,354	-	12,566	5,338
Airgead	794	947	385	-	1,179	947
Infheistíochtaí neamhluaite:						
Réadmhaoin/foraoiseacht	1,550	697	706	-	2,256	697
Luach cóir sócmhainní plean	36,004	26,266	16,374	-	52,378	26,266
Oibleagáid sochar sainithe	(64,658)	(46,908)	(20,068)	-	(84,726)	(46,908)
Oibleagáid glansochair shainithe	(28,654)	(20,642)	(3,694)	-	(32,348)	(20,642)

Straitéis Infheistíochta

Tá straitéis infheistíochta tosaithe atá dírithe ar fhás comhaontaithe ag an gCuideachta agus na hlontaobhaithe (Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann: Fás 75% / meaitseáil dliteanais 25%; Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia): Fás 80% / meaitseáil dliteanais 20%).

16. Oibleagáidí Sochair Scoir

(ar lean)

Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann
Gluaiseacht i nglanlíteanas sochair shainithe

	Dlíteanas sochair shainithe		Luach cóir sócmhainní plean		Oibleagáid glansochair shainithe	
	2023 €'000	2022 €'000	2023 €'000	2022 €'000	2023 €'000	2022 €'000
Ar an 1 Eanáir	(46,908)	(63,498)	26,266	26,848	(20,642)	(36,650)
Ráiteas Ioncaim:						
Costas seirbhíse reatha	(4,248)	(5,063)	-	-	(4,248)	(5,063)
Ús ar dhliteanais agus sócmhainní	(1,703)	(855)	1,060	395	(643)	(460)
	(5,951)	(5,918)	1,060	395	(4,891)	(5,523)
Ioncam Cuimsitheach eile:						
Brabús ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh	-	-	3,117	(5,818)	3,117	(5,818)
Caillteanais taithí ar dhliteanais	(8,091)	(4,373)	-	-	(8,091)	(4,373)
Athruithe ar thoimhdí achtúireacha	(3,102)	27,348	-	-	(3,102)	27,348
Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha	-	8	-	-	-	8
	(11,193)	22,983	3,117	(5,818)	(8,076)	17,165
Ranníocaíochtaí na bhfostóirí	-	-	4,954	4,366	4,954	4,366
Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí	(860)	(737)	860	737	-	-
Sochair a íocadh	254	262	(253)	(262)	1	-
	(606)	(475)	5,561	4,841	4,955	4,366
Ar an 31 Nollaig	(64,658)	(46,908)	36,004	26,266	(28,654)	(20,642)

Ba í meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann ar an 31 Nollaig 2023 ná thart ar 26 bliain (2022: 26 bliain). Tá an Chuideachta ag súil le go ranníocfaidh sí €6.6 milliún lena plean pinsin sa bhliain 2024.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***16. Oibleagáidí Sochair Scoir****(ar lean)****Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)****Gluaiseacht i nglanlíteanas sochair shainithe**

		Dlíteanas sochair shainithe		Luach cóir sócmhainní plean		Oibleagáid glansochair shainithe	
		2023 €'000	2022 €'000	2023 €'000	2022 €'000	2023 €'000	2022 €'000
Oibleagáid sochair scoir measta	24	(13,045)	-	12,202	-	(843)	-
Ráiteas Ioncaim:							
Costas seirbhíse reatha		(3,368)	-	-	-	(3,368)	-
Ús ar dhliteanas agus sócmhainní		(476)	-	284	-	(192)	-
		(3,844)	-	284	-	(3,560)	-
Ioncam Cuimsitheach eile:							
Brabús ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh		-	-	511	-	511	-
Cailteanas taithí ar dhliteanas		(529)	-	-	-	(529)	-
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha		(1,688)	-	-	-	(1,688)	-
Athruithe ar thiomhdí déimeagrafacha		99	-	-	-	99	-
		(2,118)	-	511	-	(1,607)	-
Ranníocaíochtaí na bhfostóirí		-	-	2,316	-	2,316	-
Ranníocaíochtaí na gcomhaltáí		(1,065)	-	1,065	-	-	-
Sochair a íocadh		4	-	(4)	-	-	-
		(1,061)	-	3,377	-	2,316	-
Ar an 31 Nollaig		(20,068)	-	16,374	-	(3,694)	-

Ba í meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe Scéim Aoisliúntais de chuid Uisce Éireann (ex-Ervia) ar an 31 Nollaig 2023 ná thart ar 27 bliain. Tá an Chuideachta ag súil le go ranníocfaidh sí €2.6 milliún lena plean pinsin sa bhliain 2024.

B'ionann na príomh-thiomhdí achtúireacha a úsáideadh don Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann (le haghaidh 2022 agus 2023) agus don Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) (amhail an 31 Nollaig 2023) agus an méid seo a leanas:

	2023	2022
Ráta lascaine	3.30%	3.65%
Toimhde maidir le boilsciú	2.35%	2.50%
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail*	2.85%	3.00%
Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin	2.35%	2.50%

*Móide scála tuarastail le harduithe ardú céime a cheadú

16. Oibleagáidí Sochair Scoir

(ar lean)

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

Mortlaíocht

		Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann		Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)
		2023	2022	2023
Ionchas Saoil do dhaoine a bheidh ag dul ar scor amach anseo				
Ag dul ar scor inniu	Mná	24.9	24.8	24.8
	Fir	23.1	23.0	22.9
Dul ar scor l gceann 25 bliain	Mná	27.1	27.0	26.9
	Fir	25.2	25.1	25.0

Anailís íogaireachta do na toimhdí a úsáideadh go príomha chun dliteanais na scéime a thomhas

Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na boinn tuisceana airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh chun luach achtúireach oibleagáidí sochair shainithe na Cuideachta a ríomh. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ag athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha.

Bonn tuisceana	Athrú ar bhonn tuisceana	Tionchar ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann	Tionchar ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)
Ráta lascaine	Méadú/laghdú 0.25%	Laghdú 6.0%/méadú 6.5%	Laghdú 6.2%/méadú 6.8%
Boilsciú	Méadú/laghdú 0.25%	Méadú 6.5%/laghdú 6.8%	Méadú 6.7%/laghdú 6.2%
Tuarastal	Méadú/laghdú 0.25%	Méadú 6.7%/laghdú 6.5%	Méadú 15.8%/laghdú 15.3%
Mortlaíocht	Méadú/laghdú aon bhliain amháin	Méadú 2.4%/laghdú 2.4%	Méadú 2.3%/laghdú 2.3%

(b) Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Chuideachta ranníocaíochtaí le Scéim Ranníocaíochta Sainithe Uisce Éireann thar ceann a fostaithe. Gearrtar na costais seo ar an ráiteas ioncaim agus nochtar iad i nóta 4.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
(ar lean)

17. Ioncam Iarchurtha

	2023 €'000	2022 €'000
Ar an 1 Eanáir	(312,470)	(249,799)
Faighte	(193,923)	(188,615)
Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim	246,845	125,944
Ar an 31 Nollaig	(259,548)	(312,470)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Neamh-reatha	(75,473)	(157,904)
Reatha	(184,075)	(154,566)
Iomlán	(259,548)	(312,470)

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó naisc nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear na ranníocaíochtaí seo chuig an ráiteas ioncaim mar ioncam de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta (is é sin, dearbhú go bhfuil nasc le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil le húsáid). Tá an borradh faoi ioncam nasc nua a scaoileadh ó ioncam iarchurtha á spreagadh ag an bhfás ar an margadh tithíochta agus ag athbhreithniú ar gach gníomhaíocht naisc nua.

18. Deontais

	2023 €'000	2022 €'000
Ar an 1 Eanáir	(2,649)	(2,642)
Faighte	(8,056)	(87)
Amúchta	329	80
Deontais iarchurtha dí-aitheanta	925	-
Ar an 31 Nollaig	(9,451)	(2,649)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Neamh-reatha	(9,101)	(2,579)
Reatha	(350)	(70)
Iomlán	(9,451)	(2,649)

Baineann na méideanna seo le maoiniú deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, tionscadal Interreg Swell an AE agus tionscadal Elena de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais éirí in-aisíochta mura mbainfí amach na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Tá an Chuideachta ag tnúth le go dtiocfaidh cúinsí mar sin chun cinn sa bhliain 2024 ar thionscadal amháin, agus dá bhrí sin, gearradh an méid a mheas a bheith inaísíochta sa bhliain 2023 in aghaidh an chreidmheasa iarchurtha ghaolmhair gan amúchadh. Níor aisíocadh deontais sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe sin.

19. Forálacha, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

Forálacha

	Forálacha caipitil €'000	Éilimh féin- árachais €'000	Forálacha dlí do chustaiméirí €'000	Forálacha maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí €'000	Forálacha Eile €'000	Iomlán €'000
Ar an 1 Eanáir 2023	(31,767)	(31,646)	(21,347)	(13,442)	(1,030)	(99,232)
Forálacha déanta	-	(7,860)	(1,482)	-	(1,975)	(11,317)
Aistriú ó thrádáil agus infháltais eile	(18,215)	-	-	-	-	(18,215)
Forálacha eisithe	-	4,509	2,952	-	20	7,481
Forálacha úsáidte	612	3,446	403	4	-	4,465
Ar an 31 Nollaig 2023	(49,370)	(31,551)	(19,474)	(13,438)	(2,985)	(116,818)

Anailísithe mar seo a leanas:

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Neamh-reatha	(91,323)	(43,548)
Reatha	(25,495)	(55,684)
Iomlán	(116,818)	(99,232)

Forálacha caipitil

Baineann Forálacha caipitil go príomha le dliteanais a bhaineann le tionscadail fhadtéarmacha. Le linn na bliana 2023, aistríodh fabhruithe caipitil de €18.2 milliún (2022: €25.2 milliún) ar théarma caipitiúil níos faide ó thrádáil agus suimeanna iníoctha eile go dtí forálacha mar tá siad seo bainteach le tionscadail caipitil níos faide nuair a bhíonn am na híocaíochta éiginnte.

Éilimh féin-árachais

Tá an Chuideachta féin-árachaithe maidir le héilimh áirithe dhíobhála agus dhamáiste. Tá an fhoráil ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas leis an 31 Nollaig 2023. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Tá nádúr na n-éileamh seo neamhchinnte faoi dháta socraíochta, ach tá an Chuideachta ag súil le go mbeidh na héilimh socraithe go substaintiúil faoi 2025. Tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe (nó go rialta) lena chinntiú go léiríonn an soláthar a aithníodh an meastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta, ag cur na taithí éileamh is déanaí i bhfeidhm.

Forálacha dlí

Léiríonn forálacha dlí an meastachán is fearr ón gCuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a bhaineann le cásanna dlí neamhréitithe a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus toradh dóchúil i ngach cás á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú a chomhairle a fuair sí ó shaineolaithe dlí. Tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe lena chinntiú go léiríonn an fhoráil dlí a aithníodh an meastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta agus an tráthúlacht na socraíochta sa deireadh.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

19. Forálacha, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

(ar lean)

Forálacha maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí

De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7m a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí tí a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí sin, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfean an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh le custaiméirí tí agus chun an riarachán gaolmhar a chur i gcrích.

Ar an 31 Nollaig 2023, lean an Chuideachta d'aitheantas a thabhairt do dhliteanas de €13.4m (2022: €13.4m) le haghaidh aisíocaíochtaí dlite do chustaiméirí tí, áit nár cuireadh i láthair le briseadh seiceanna a bhí eisithe nó áit nár thug na custaiméirí fógra don Chuideachta faoina gcuid sonraí teagmhála is deireanaí. Bhí sócmhainn chomhfhreagrach de €13.0m (2022: €13.0 m) (nóta 11) aitheanta freisin arb ionann í agus na méideanna infhála ón Rialtas chun dliteanais neamh-mhaoinithe na Cuideachta a chlúdach faoin gclár aisíocaíochta. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí airgead sa bhanc de €0.4 milliún (2022: €0.4 milliún) i seilbh na Cuideachta i leith an chláir aisíocaíochta do chustaiméirí. Cuirtear sreafaí airgid i leith an chláir i láthair i nóta 14 mar “míreanna eisceachtúla” comhsheasmhach le blianta roimhe seo.

Forálacha Eile

Áirítear le forálacha eile soláthairtí trochlaithe léasa, éilimh choinneála conraitheora agus oibleagáidí reatha eile a aithníodh ag dáta an tuairiscithe.

Níl oibleagáidí díchoimisiúnaithe sócmhainne aitheanta ag an gCuideachta ar an dáta tuairiscithe. Is é beartas na Cuideachta aon sórt oibleagáide a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn a mbaineann siad leo.

Teagmhais

Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha nach mór a nochtadh. Mar chuid den phróiseas dícheallachta cuí chun teacht ar aontú faoi na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig an gCuideachta, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas teagmhasach a aithint agus iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir nocta CIC 37.

Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint le himeachtaí den sórt sin, nílimid ag súil go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach aon imeachtaí den saghas sin ar ár dtorthaí ó thaobh oibríochtaí, sreafaí airgid oibríúcháin nó staid airgeadais ó thaobh glansócmhainní de.

Gealltanais chaipitil

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith	795,024	755,047

20. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

	Nótaí	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000 athshonraithe
Suimeanna iníoctha trádála		(62,635)	(50,881)
Speansais fhabhráithe		(308,996)	(318,011)
Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara	24	(24,164)	(35,317)
Féin-leagan éarlaisí custaiméara	(i)	(77,493)	(56,433)
Suimeanna iníoctha eile		(1,081)	(1,315)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh		(9,409)	(29,127)
Iomlán		(483,778)	(491,084)
Anailísithe mar seo a leanas:			
Neamh-reatha		(65,197)	(55,892)
Reatha		(418,581)	(435,192)
Iomlán		(483,778)	(491,084)
Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh			
ÍMAT/árachas sóisialta		(3,703)	(2,995)
CBL agus cáin shiarchoinneálach		(5,706)	(26,132)
Iomlán		(9,409)	(29,127)

(i) Rinneadh an cur i láthair reatha/neamh-reatha ar eolas comparáideach le haghaidh trádáil agus suimeanna iníoctha eile a athshonrú i ndiaidh measúnaithe sa bhliain 2023 ar na dátaí socraíochta a rabhthas ag súil leo le haghaidh dliteanais áirithe (féach nóta 1 le haghaidh tuilleadh sonraí).

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
(ar lean)

21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh ar luachanna anonn shócmhainní agus dliteanais airgeadais na Cuideachta mar atá leagtha amach thíos. Níl luachanna córa ionstraimí airgeadais nochta ag an gCuideachta, áit ina bhfuil a méideanna iompair mar neasúchán réasúnta luacha chóir. Faigheann luachanna anonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, trádáil agus infháltais eile (glan), trádáil agus suimeanna iníoctha eile, agus dliteanais reatha eile na Cuideachta, a luachanna córa mar gheall ar nádúr gearrthéarmach na n-ionstraimí seo.

Ag costas amúchta

		31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
	Nótaí	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais			
Trádáil agus infháltais eile	(i)	131,237	127,480
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta		289,352	310,286
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí		6,322	3,534
Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma		72,250	55,000
		499,161	496,300
Dliteanais airgeadais			
lasachtaí agus fiachas eile	(ii)	(830,073)	(644,505)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile	(iii)	(165,373)	(143,946)
		(995,446)	(788,451)
		(496,285)	(292,151)

(i) Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

(ii) Ba é cóirluach iasachtaí agus fiachais eile amháil an 31 Nollaig 2023 ná 739.2 milliún (2022: €547.6 milliún).

(iii) Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fhabhráithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar dliteanais airgeadais.

Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá polasaithe bainistíochta riosca airgeadais curtha ar bun chun na rioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, chun teorainneacha agus rialuithe cuí riosca a shocrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Déantar na polasaithe agus na córais bhainistíochta riosca airgeadais sin a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí na Cuideachta. Forbraíonn an Chuideachta, trína caighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht rialaithe eagraithe agus cuiditheach, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

(i) Riosca creidmheasa

Sainítear riosca creidmheasa mar an cailteanas iomlán a d'fhulaingeadh an Chuideachta ar a chuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh frithpháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Áirítear leis nochtuíthe creidmheasa ag eascairt as gaolta trádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná nochtuíthe riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha, agus an toradh á bharrfheabhsú lena linn sin.

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe:

		31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
		€'000	€'000
Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh)		131,237	127,480
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta		289,352	310,286
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí		6,322	3,534
Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma		72,250	55,000
Iomlán		499,161	496,300

21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

(ar lean)

(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste

Bainistíonn feidhm Chiste na Cuideachta rioscaí creidmheasa a bhaineann le cisteán trí úsáid a bhaint as teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a chuireann san áireamh, i measc tosca ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é polasaí na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstiúidí a choimeádann rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Ciste measúnú agus tomhas rialta ar a neamhchosaintí contrapháirtí cisteáin.

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta 11 chun anailís a fháil ar nochtadh na Cuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis.

Forbraíonn agus cothaíonn an Ciste caidrimh le hinstiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a fhorbairt. Déantar gach seirbhís bhaincéireachta agus chisteáin a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha.

Tá an Ciste freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an gCuideachta ar leachtacht imleor chun a chinntiú go bhfuil sí in ann oibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as a oibríochtaí ó lá go lá, oibleagáidí fiacha atá ag aibiú agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla. Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun airgead tirim gan úsáid agus an speansas úis a íoslaghdú.

(ii) (a) Barrachais airgid thirim

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal fiachais go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Coinnítear barrachais airgid in Euro agus infheistítear iad den chuid is mó i gcuntais taisce.

(ii) (b) Maoiniú

Tá €814.5 milliún de na saoráidí iasachta Stáit, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil curtha i leith na hearnála baile, tarraingthe anois (tarraingíodh 201.0 milliún le linn 2023). Tá €184.1 milliún eile le cur ar fáil sa bhliain 2024, faoi réir fhaomhadh an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil nach caiteachas tí é thar an tréimhse sin a chumhdach.

Choimeád Uisce Éireann saoráidí rótharraingthe baincéireachta de luach €10.0m lena riachtanais bhaincéireachta laethúla a shásamh. Níl in iasachtaí na Cuideachta ach amháin saoráidí arna dtarraingt ón Rialtas, ag rátaí seasta úis

	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
Meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta	1.53%	0.90%
Meán-aibíocht fiach	8.09 mbliana	8.14 mbliana
	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
	€'000	€'000
Iomlán na n-iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh)	(814,499)	(613,499)
Saoráid caipitil oibre an Rialtais atá neamhtharraingthe agus tiomanta (GBCN)	(350,000)	(350,000)
Saoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe (gan saoráidí rótharraingthe san áireamh)	-	-
Teorainn iasachta reachtúil	(2,000,000)	(2,000,000)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais****(ar lean)****(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta**

Seo a leanas aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear an fócaíocht úis neamhslasainithe a bhaineann le hiasachtaí agus fiachas eile.

	Suim ghlanluacha €'000	Sreafaí airgid conarthacha €'000	< 1 bhliain €'000	1-2 bliana €'000	2-5 bliana €'000	> 5 bliana €'000
Ar an 31 Nollaig 2023						
lasachtaí agus fiachas eile	(830,074)	(946,393)	(9,900)	(15,948)	(40,372)	(880,173)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile	(165,373)	(165,373)	(109,340)	(27,953)	(28,080)	-
Iomlán	(995,447)	(1,111,766)	(119,240)	(43,901)	(68,452)	(880,173)
Ar an 31 Nollaig 2022						
lasachtaí agus fiachas eile	(644,505)	(695,921)	(9,948)	(10,088)	(23,421)	(652,464)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile	(143,946)	(143,946)	(97,300)	(12,274)	(34,372)	-
Iomlán	(788,451)	(839,867)	(107,248)	(22,362)	(57,793)	(652,464)

(iii) Riosca margaidh

Is éard atá i gceist le riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar thosca margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais na Cuideachta don todhchaí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca margaidh ná nochtáil do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú. Tá an Ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí malairte airgeadra agus rátaí úis na Cuideachta.

(iii) (a) Riosca an ráta malairte

Tá an Chuideachta nochtáil do riosca airgeadra eachtraigh áirithe a bhaineann le trádáil agus mar sin is fórbheag an tionchar ar thorthaí na Cuideachta.

(iii) (b) Riosca an ráta úis

Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dliteanais airgeadais na Cuideachta agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Mar a thuairiscítear sa chuid riosca leachtachta den nóta seo, tá iasachtaí uile na Cuideachta fadtéarmach agus ag rátaí úis seasta ar an 31 Nollaig 2023, dá bhrí sin níl an Chuideachta neamhchosanta a thuilleadh ar riosca ráta úis sreafa airgid ar a hiasachtaí.

22. Tomhas Cóirluacha

Tá tomhas cóirluachanna le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag teastáil do roinnt polasaithe cuntasáochta agus nochtáí na Cuideachta. Agus cóirluach sócmhainne nó dliteanais á mheas, úsáideann an Chuideachta sonraí inbhraite margaidh chomh fada agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- **Leibhéal 1:** praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- **Leibhéal 2:** ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (i.e. praghsanna) nó go hindíreach (i.e. bunaithe ar phraghsanna).
- **Leibhéal 3:** ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Chuideachta aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistriú ann sa bhliain 2023.

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 2.

Faigheann luachanna anonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, trádáil agus infháltais eile (glan), trádáil agus suimeanna iníochta eile, agus dliteanais reatha eile na Cuideachta, a luachanna córa mar gheall ar nádúr gearrthéarmach na n-ionstraimí seo.

Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag an gcostas amúchta ach a bhfuil gá le nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais
(ar lean)

23. Caipiteal gnáthscaireanna

(a) Scairchaipiteal

	31-Nollaig-23 €'000		31-Nollaig-22 €'000		01-Eanáir-22 €'000
<i>Údaraithe:</i>					
1,000,000 gnáth-scair ag €1.00 an ceann	1,000	50,000,000 scair "A" ag €0.01 an ceann	500	50,000,000 scair "A" ag €0.01 an ceann	500
		50,000,000 scair "B" ag €0.01 an ceann	500	50,000,000 scair "B" ag €0.01 an ceann	500
		1,000,000 gnáth-scair ag €1.00 an ceann	1,000		
Iomlán	1,000	Iomlán	2,000	Iomlán	1,000
<i>Eisithe, glaoite agus íoctha go hiomlán:</i>					
1 ghnáth-scair	1.00	1 scair "A" amháin ag €0.01 an ceann	0.01	1 scair "A" amháin ag €0.01 an ceann	0.01
99 gnáth-scair	99.00	650 scair "B" ag €0.01 an ceann	6.50	650 scair "B" ag €0.01 an ceann	6.50
Iomlán	100.00	Iomlán	6.51	Iomlán	6.51
<i>Scairbhiseach</i>					
Ar an 1 Eanáir	(324,000)	Ar an 1 Eanáir	(324,000)	Ar an 1 Eanáir	(324,000)
Eisiúint na scaireanna	-	Eisiúint na scaireanna	-	Eisiúint na scaireanna	-
Ar an 31 Nollaig	(324,000)	Ar an 31 Nollaig	(324,000)	Ar an 31 Nollaig	(324,000)

Roimh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia, faoi réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022 (An tAcht), b'ionann scairchaipiteal údaraithe Uisce Éireann agus €1,000,000 a bhí comhdhéanta de 50,000,000 Scair "A" de €0.01 an ceann agus 50,000,000 Scair "B" de €0.01 an ceann. Ag an bpointe seo, b'ionann an scairchaipiteal eisithe agus scair "A" amháin a bhí ag Ervia, 325 scair "B" a bhí ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus 325 scair "B" a bhí ag an Aire Airgeadais.

Ar an 31 Nollaig 2022, chun rún reachtaíochta an Achta a éascú, i gcomhréir leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, d'athraigh leasú ar Bhunreacht Uisce Éireann an struchtúr scairchaipiteil údaraithe. Mhéadaigh an leasú seo an scairchaipiteal údaraithe faoi €1,000,000 le cruthú 1,000,000 gnáth-scair nua de €1.00 an ceann.

Ar an lá dár gcionn, an 1 Eanáir 2023, faoi réir an Achta, d'eisigh Uisce Éireann, gan aon chomaoin, gnáth-scair amháin chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus 99 gnáth-scair chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe. Ag an am céanna agus de réir an Achta, cuireadh na scaireanna A agus B a eisíodh chuig Ervia, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tAire Airgeadais ar ceal gan aon chomaoin agus aistríodh iad chuig cuntas slánaithe caipitil nach bhfuil indáilte ar an gclár comhardaithe. Ar an lá céanna, baineadh an scairchaipiteal údaraithe gaolmhar ó Bhunreacht Uisce Éireann agus an scairchaipiteal údaraithe leanúnach á laghdú go €1,000,000, comhdhéanta de 1,000,000, €1 an ceann.

23. Caipiteal gnáthscaireanna

(ar lean)

(b) Ranníocaíocht chaipitil

	2023 €'000	2022 €'000
Ar an 1 Eanáir	(3,392,174)	(2,938,466)
Ranníocaíocht caipitil airgid	(i) (580,630)	(454,000)
Glan-obligeáidí ar glacadh leo nuair a scaradh ó Ervia	(ii) 737	292
Ar an 31 Nollaig	(3,972,067)	(3,392,174)

(i) Gach bliain, fuair an Chuideachta ranníocaíocht chaipitil airgid thirim neamh-inaisíoctha ón Rialtas mar atá leagtha amach thuas. Leagtar amach an mheicníocht maoinithe i bPlean Maoinithe Straitéisigh foilsithe na Cuideachta.

(ii) I dtaca le beartas an Rialtais chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia, mar a fógraíodh sa bhliain 2018, bhí ar an gCuideachta glacadh le roinnt dliteanas a bhí ag Ervia roimhe seo. Le linn 2023, ghlac an Chuideachta oibleagáidí pinsín ó Ervia (féach nóta 16 agus 24 le haghaidh tuilleadh sonraí).

24. Páirtithe Gaolmhara

Cuideachta gníomhaíochta sainithe is ea Uisce Éireann ('an Chuideachta'). Mar a mhínítear i nóta 1, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scar an Chuideachta go dleathach ó Ervia ar 1 Eanáir 2023. Tá socrúithe nua scair-úinéireachta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023 agus na scaireanna in Uisce Éireann i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Soláthar agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta (99 scair) agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (scair amháin), agus iad siúd amháin. Déan tagairt do nóta 23 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le hathruithe caipitil scaire a thagann chun cinn ó scaradh dlíthiúil ó Ervia.

Is iad seo a leanas iarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara, maidir leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

	31-Nollaig-23 €'000	31-Nollaig-22 €'000
Iníoctha le hÚdaráis Áitiúla	(24,164)	(35,317)
Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara	(24,164)	(35,317)
Infháltas ó Údaráis Áitiúla	27,189	27,053
Infháltas ón Rialtas	13,360	12,973
Méideanna infhála ó pháirtithe gaolmhara	40,549	40,026

Idirbhearta le hÚdaráis Áitiúla

Mar aon le cuid mhaith eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le hÚdaráis Áitiúla. De réir CITA, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Tá sonraí nochta ag an gCuideachta, áfach, i dtaobh na n-idirbheart suntasach seo a leanas le hÚdaráis Áitiúla.

(a) Comhaontuithe le hÚdaráis Áitiúla

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas oibriúcháin (párolla, forchostais thacaíochta fheidhmiúil)	(223,042)	(221,842)
Caiteachas oibriúcháin (forchostais ghinearálta)	(8,260)	(3,634)
Caiteachas caipitil	(59,824)	(64,811)
Athmhúirir sholáthair	(28,373)	(28,494)
	(319,499)	(318,781)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

24. Páirtithe Gaolmhara

(ar lean)

Rinneadh comhaontú seirbhíse (CAS) a shíniú idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil sa bhliain 2013, ar an mbonn go mbeadh seilbh ag an gCuideachta ar na sócmhainní uisce ón 1 Eanáir 2014. Is comhaontú seachfhoinsithe é an comhaontú seirbhíse idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil aonair ar feadh tréimhse 12 bliain dar críoch 2026.

Faoin CAS, d'oilbrigh agus chothabháil gach Údarás Áitiúil na sócmhainní uisce thar ceann na Cuideachta ar son na dtáillí comhaontaithe a leagtar amach i spriocanna feidhmíochta CAS agus leibhéal seirbhíse a aontaítear i bPlean Bliantúil Seirbhíse idir gach Údarás Áitiúil agus an Chuideachta i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse.

Le linn 2023, shínigh an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe ("MCC") nua agus soláthraíodh an méid seo a leanas leis: (i) foirceannadh luath an CAS; (ii) go mbeadh freagracht iomlán ag an gCuideachta ar sheirbhísí uisce; agus (iii) go nglacfaidh an Chuideachta bainistíocht agus treoir oibrithe Sheirbhísí Uisce an Údaráis Áitiúil a chaith os cionn 50% dá n-am ag obair ar sheirbhísí uisce. Chuirfeadh an tÚdarás Áitiúil seirbhísí tacaíochta ar fáil. Tháinig na hathruithe seo i bhfeidhm i R4 2023 le haghaidh 30 as na 31 Údarás Áitiúil, agus tháinig an ceann deiridh i bhfeidhm go luath sa bhliain 2024.

Ceadaíodh Ceadúnas chun na sócmhainní uisce a úsáid nach bhfuil aistrithe go dtí an Chuideachta go fóill, ach atá liostaithe chun é sin a dhéanamh, ag gach Údarás Áitiúil chuig an gCuideachta mar chuid de CAS agus MCC. Ceadúnas frithpháirteach atá sa cheadúnas. Cuireann sé ar chumas na Cuideachta agus na nÚdarás Áitiúil a gcuid feidhmeanna conarthacha agus reachtúla a chomhlíonadh amháil is dá mbeadh aistriú reachtúil na sócmhainní uisce tar éis tarlú mar a bhíodhas ag súil leis (an "Ceadúnas"). Ar son an Cheadúnais, thug an Chuideachta slánaíocht do na hÚdaráis Áitiúla ó aon chaillteanas toisc gurb iad úinéirí na sócmhainní iad fós de réir dlí. Baineann an Ceadúnas le sócmhainní fisiceacha (e.g. píblínte, fearas agus trealamh) agus ní bhaineann sé le conarthaí ná teidlíochtaí (is cuma má ghabhann siad leis na sócmhainní sin). Leanfaidh an Ceadúnas ar aghaidh go dtí go n-aistrítear na sócmhainní seirbhísí uisce atá fágtha chuig an gCuideachta.

(b) Socruithe caipitil oibre

Tá íocaíochtaí caipitil oibre curtha ar fáil ag an gCuideachta do na hÚdaráis Áitiúla chun íocaíochtaí a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla gach mí a chlúdach, íocaíochtaí a athmhúirearaítear ina dhiaidh sin ar an gCuideachta faoi na comhaontuithe ag (a) thuas. Baineann na hÍocaíochtaí sin le tuarastail, lármhúirir bhainistíochta, agus méid teoranta earraí agus seirbhísí.

(c) Éadail shócmhainne

Aistríodh sócmhainní an bhonneagair uisce agus fhuíolluisce ó na hÚdaráis Áitiúla go dtí an Chuideachta ar an 1 Eanáir 2014. Níor íoc an Chuideachta aon chomaoin as na sócmhainní sealbhaithe. Rinneadh cúiteamh leis na hÚdaráis Áitiúla ar shócmhainní airgeadais áirithe (infháiltais san áireamh) nó gearradh muirir orthu faoi dhliteanas airgeadais áirithe a aistríodh. Déan tagairt do Ráiteas ar Shreafaí Airgid le haghaidh sonraí faoi admhálacha agus íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana le haghaidh sócmhainní a fuarthas ó Údaráis Áitiúla. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh an idirbhirt sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

	2023	2022
	€'000	€'000
Admhálacha le haghaidh méideanna atá dlite ó Údaráis Áitiúla	982	3,968
Íocaíochtaí do ghlansócmhainní faighte ó Údaráis Áitiúla	(7,365)	-

24. Páirtithe Gaolmhara

(ar lean)

Idirbhearta le Rialtas

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa gnó leis an Rialtas. De réir CITA, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Mar sin féin, tá mionsonraí nochta ag an gCuideachta maidir leis na hidirbhearta suntasacha seo a leanas leis an Rialtas.

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam fóirdheontas Rialtais	2	1,068,000	961,000
Ranníocaíocht chaipitiúil	23	580,630	454,000
Saoráid an Aire Airgeadais	15	231,000	111,880

Ina theannta sin;

- Tá saoráidí i bhfeidhm ag an gCuideachra leis an Aire Airgeadas - féach nóta 21 le haghaidh sonraí.
- Tá saoráid caipitil oibre ag an gCuideachta leis an GBCN, a úsáideadh le linn na bliana le €30m tarraingthe i mí Márta agus aisíocadh í ina hiomlán i mí Aibreáin. Bhí an tsaoráid seo neamhtharraingthe ag deireadh na bliana agus sna blianta roimhe sin

Clár aisíocaíochtaí - earraí eisceachtúla

Clár aisíocaíochta nasc

I ndiaidh fhógra an Rialtais sa bhliain 2023 maidir le Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbraíochtaí, tá sé de dhíth ar Uisce Éireann aisíocaíocht iomlán a chur ar fáil le haghaidh Táillí Caighdeánacha Ceangail le haghaidh forbairtí cónaithe nua ina gcomhlíontar critéir áirithe. Maoinionn an Rialtas, ag feidhmiú ina cháil mar rialtas, an clár aisíocaíochta seo agus dá bhrí sin, cuirtear cuntasáocht deontais i bhfeidhm. Féach nóta 11 le haghaidh sonraí faoi infháltais a aithníodh i dtaobh na scéime seo.

	Nóta	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam deontais a fuarthas - clár aisíocaíochta naisc nua	14	1,670	-

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua	2,075	-
Costas deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua	(2,075)	-
Tionchar ráitis glanioncaim le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua	-	-

Clár aisíocaíochta baile

De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7m a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí tí a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí sin, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfear an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh le custaiméirí tí agus chun an riarachán gaolmhar a chur i gcrích. Féach nótaí 11 agus 19 le haghaidh sonraí faoi infháltais agus forálacha a aithníodh i dtaobh na scéime seo.

	Nóta	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam deontais faighte – clár aisíocaíochta custaiméirí uisce tí	14	16	40

Comhlachtaí rialtais

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile arna n-urrú ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus le bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach ag Rialtas na hÉireann. Déantar gach idirbheart ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha isasachtaí nó taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc dá leithéid i rith na bliana, ag an dáta tuairiscithe, nó ag deireadh na tréimhse comparáide.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

(ar lean)

24. Páirtithe Gaolmhara

(ar lean)

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Déantar an phríomhbhainistíocht don bhliain 2023 a mheas le bheith comhdhéanta den Bhord, an POF agus na tuarascálacha a bhaineann go díreach leis an POF (coibhéis lán-aimseartha de 10 don bhliain 2023, dá bhrí sin). Rinneadh príomh-bhainistíocht don bhliain 2022 a mheas ionas go mbeadh Bord Ervia, POF Ervia, POF Uisce Éireann agus daoine a oibríonn faoi POF Uisce Éireann san áireamh, agus dá bhrí sin, rinneadh costais chúitimh na bpríomh-bhainistíochta don bhliain 2022 a chionroinnt idir an Chuideachta agus eintitis eile laistigh de Ghrúpa Ervia, bunaithe ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil (agus coibhéis lán-aimseartha de 10.43 mar thoradh air).

	2023 €'000	2022 €'000
Costais ghearrthéarmacha	(2,550)	(2,607)
Costais iarfhostaíochta	(331)	(341)
Iomlán	(2,881)	(2,948)

Stiúrthóirí

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na stiúrthóirí sa Chuideachta ag aon am i rith na bliana nó ag an dáta tuairiscithe.

Idirbhearta le Grúpa Ervia

Mar a dhéantar cur síos air i nóta 1, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scar an Chuideachta go dlíthiúil ó Ervia ar an 1 Eanáir 2023 agus mar thoradh air sin, meastar nach bhfuil Ervia, Grúpa Ervia agus Líonraí Gáis Éireann mar pháirtí gaolmhar a thuilleadh.

(a) Seirbhísí lárnacha idirbheartaíochta agus tacaíochta

Roimh an scaradh oibríochtúil, chuir Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair chaipitil agus idirbheartaíochta agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann agus do Líonraí Gáis Éireann, tríd an Lárionad Grúpa, trí réimse na Mórthionscadal agus trí Sheirbhísí Gnó. Dearadh an eagraíocht Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a sholáthar i réimsí an Airgeadais, an tSoláthair, na Saoráidí, an Árachais, na Tacaíochta Tionscadail, na nAcmhainní Daonna agus na Teicneolaíochta Faisnéise. Suas chun dáta le hidirscaradh dlíthiúil, ar 1 Eanáir 2023, lean Ervia ar aghaidh ag soláthar seirbhísí rialachais d'Uisce Éireann. Tháinig soláthar na seirbhísí lárnaigh eile chun solais sa bhliain 2022 nuair a tosaíodh leis an idirscaradh oibríochta ó Ervia.

	2022 €'000
Costais oibriúcháin tabhaithe ag Ervia agus athmhuirearaithe ar Uisce Éireann	(1,259)

(b) Costais pinsin

Mar a shonraítear i nóta 16, d'fheidhmigh an Grúpa Ervia scéim pinsin le sochar sainithe. Ghlac roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Roimh an scaradh oibríochtúil, tugadh cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa de réir CIC 19. D'aithin Ervia, mar fhostóir urraithe an phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus níor aithin an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníochta don bhliain i dtaobh fhostaithe na Cuideachta. Tá costas 2022 na ranníocaíochtaí sin maidir le fostaithe na Cuideachta curtha san áireamh i gcostas sochair fostaithe na Cuideachta (nóta 4). Ghlac Uisce Éireann leis an oibleagáid sochair shainithe nuair a scaradh go dlíthiúil é ó Ervia (nóta 16 agus nóta 23).

	2022 €'000
Costais phinsean	(2,401)

24. Páirtithe Gaolmhara

(ar lean)

(c) Idirbhearta a thagann chun cinn as an idirscaradh dlíthiúil ó Ervia

I dtaca le beartas an Rialtais chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia, mar a fógraíodh sa bhliain 2018, bhí ar an gCuideachta glacadh le roinnt dliteanas a bhí ag Ervia roimhe seo.

Nuair a scaradh go dlíthiúil ó Ervia, ghlac Uisce Éireann leis an oibleagáid sochair scoir, a cinneadh de réir ríomhanna achtúireacha ar dháta an scartha, maidir le costas seirbhíse fostaithe amach anseo a ghlac páirt i scéim pinsin sochair shainithe Ervia go dtí a scaradh dlíthiúil ó Ervia. Fuarthas coigeartú cúitimh airgid thirim de €12.2m ó Ervia ar an 8 Feabhra 2023, agus íocadh isteach é i Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) i ndiaidh fhaomhadh cuí an Aire. Socraíodh an coigeartú cúitimh airgead tirim ar bhonn cionroinnte cothroime den easnamh maoinithe achtúireachta iomláin idir Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar an mballraíocht ghníomhach den scéim roimh an idirscaradh dlíthiúil. Cuirtear an dliteanas breise thar shócmhainn in iúl i gcaipiteal gnáthscaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil.

Le linn 2022, ghlac an Chuideachta le dualgais léasa oifige ó Ervia. Léirítear na sócmhainní agus na dliteanas léasa seo i nóta 9, léirítear an farasbarr dliteanas thar shócmhainn i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitiúil.

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Oibleagáid pinsin ar glacadh leis ar an 1 Eanáir 2023	16	(13,045)	-
Cúiteamh airgid thirim a fuarthas le haghaidh oibleagáid pinsin ar glacadh leis	16	12,202	-
Sócmhainní ceart úsáide ar glacadh leo (sócmhainn lúide dímheas a glacadh léi)	9	-	11,852
Dlíteanas léasa ar glacadh leo	9	-	(12,185)
Idirbheart rialaithe comónta a aithníodh i gcothromas (glan)	23	737	292
Sócmhainn chánach iarchurtha a aithníodh	7	105	42

(d) Comhaontú léasa le Líonraí Gáis Éireann

Le linn 2022 chuaigh an Chuideachta isteach i gcomhaontú léasa oifige le Líonraí Gáis Éireann.

	2022 €'000
Sócmhainní ceart úsáide ar glacadh leo	12,982
Dlíteanas léasa ar glacadh leo	(12,982)

25. Nochtaí Párolla faoi Acht na gCuideachtaí

I ndiaidh an idirscartha dhlíthiúil sa bhliain 2022, athlonnaíodh fostaithe Ervia go dtí Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. De réir CIC 19, thuairiscigh agus nocht an t-eintiteas ina gcuirtear seirbhísí fostaithe ar fáil na costais párolla agus fostaithe eile (nóta 4).

Éilíonn alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014, áfach, go nochtfar líon na bhfostaithe agus na costais phárolla i ráitis airgeadais an eintitis maidir leis an áit a bhfuil an conradh fostaíochta seachas an áit a gcuirtear seirbhísí ar fáil (is é sin ceanglas CIC 19). Leagtar amach thíos nochtadh sonraí fhoireann Uisce Éireann don bhliain 2022, de réir mar is gá in Acht na gCuideachtaí.

I ndiaidh scaradh dlíthiúil ar an 1 Eanáir 2023, bhí conarthaí fostaíochta gach fostaí, a raibh seirbhís á cur ar fáil acu d'Uisce Éireann, le hUisce Éireann, agus dá bhrí sin, níl nochtadh breise Acht na gCuideachtaí ag teastáil don bhliain airgeadais 2023.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*(ar lean)***25. Nochtaí Párolla faoi Acht na gCuideachtaí****(ar lean)****(a) Costais chomhiomlána le haghaidh fostaithe**

	2022 €'000
Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne	(72,765)
Costais sochair scoir	(11,036)
Costais árachais sóisialta	(7,807)
	(91,608)
Párolla caipitlithe	22,543
Costais fostaithe muirearaithe ar an ráiteas ioncaim	(69,065)

(b) Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne

	2022 €'000
Pá agus tuarastail	(70,222)
Ragobair	(88)
Liúntais	(1,311)
Eile	(i) (1,144)
Iomlán	(72,765)

(i) Áiríonn costais fostaithe ghearrthéarmacha eile sochair bhuna árachais saoil agus liúntais taistil inchánach go príomha.

Ba é 893 meán na bhfostaithe a raibh conradh fostaíochta acu leis an gCuideachta don bhliain 2022.

26. Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, rud a d'éileodh go ndéanfaí coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó ar aon nochtadh breise.

27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 23 Aibreán 2024.

Stiúrthóirí agus faisnéis eile

Stiúrthóirí

Tony Keohane (*Cathaoirleach*)
Niall Gleeson (*POF*)
Chris Banks
Gerard Britchfield
Liz Joyce
Patricia King
Eileen Maher
Cathy Mannion
Michael Nolan (arna cheapadh 20 Eanáir 2024)
Michael Walsh

Rúnaí

Richard O'Sullivan

Oifig Chláraithe

Teach Colvill
24/26 Sráid Thalbóid
Baile Átha Cliath 1

Dlíodóirí

McCann Fitzgerald LLP Riverside One Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2	A & L Goodbody LLP IFSC Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1	Mason Hayes & Curran Teach an Bhruaigh Theas, Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4	Arthur Cox LLP 10 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
--	---	--	--

Baincéirí

Banc-Aontas Éireann
40-41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil Deloitte & Touche House Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01PF72
--	---

Uimhir Chuideachta

530363

